Kilkenny County Council
Comhairle Chontae Chill Chainnigh




# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# ANNUAL REPORT 2020

Pobail agus áiteanna inbhuanaithe a chruthú \\ Creating sustainable communities and places



# RÁITEAS
# AN CATHAOIRLEACH

***Is mór an phribhléid dom an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2020 a chur i láthair. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, tugtar mionsonraí faoin raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh do mhuintir Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Tá ról tábhachtach againne sa Chomhairle maidir le croísheirbhísí riachtanacha a sholáthar, amhail seirbhísí tithíochta, bóithre, uisce, dóiteáin agus éigeandála agus maidir le tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla trí na feidhmeanna ealaíon, oidhreachta, caomhantais, leabharlainne, agus pobail agus fiontraíochta.***

Ag tús na bliana 2020, ní raibh aon iomrá ar an tslí ina dtiocfadh athrú ar ár saoil i Márta 2020 nuair a thosaigh ráig COVID 19. Mar thoradh ar an víreas sin, tá athrú tagtha ar shaol gach duine dínn, ar an tslí ina n-oibrímid agus ina mbíonn caidreamh sóisialta eadrainn, ar an tslí ina n-oibríonn gnóthaí agus ar an tslí ina dtéimid i mbun ár ngníomhaíochtaí ó lá go lá. Tá tionchar mór imeartha aige ar ghnóthaí daoine, ar scolaíocht leanaí agus ar chumas daoine scothaosta teagmháil a bheith acu lena dteaghlaigh agus mothaíonn gach duine an strus a bhaineann le leithlisiú. I rith an ama sin, tá an Chomhairle tar éis déileáil le cuid mhór dúshlán trí sheirbhísí a bhfuil géarghá leo a sholáthar don phobal. Tá an fhoireann tar éis déileáil leis na dúshláin sin agus tá oiriúnú déanta acu do bhealaí éagsúla oibre. Tá athruithe déanta ag na Comhaltaí Tofa freisin chun freastal ar riachtanais na ndaoine ina dtoghlimistéar i leith raon leathan seirbhísí. Tá ár gcuid cruinnithe aistrithe go formáid ar líne chun sinn féin agus an fhoireann a chosaint. Is athrú iomlán é sin ar an tslí ina n-oibrímid san fhearann poiblí ach tá oiriúnú déanta againn ar mhaithe le sábháilteacht ár bpobal agus ár saoránach.

Déanaim comhghairdeas, agus buíochas, ó chroí lenár mbaill foirne túslíne ar fad atá tar éis gníomhú chun freastal ar na diandúshláin a bhain le déileáil le leathadh an víris. Bhí an Chomhairle ar thús cadhnaíochta maidir le Líne Chabhrach Phobail a bhunú chun cabhrú le daoine scothaosta agus le daoine leochaileacha inár gcuid pobal. Go háirithe, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis hoibrithe deonacha na Cosanta Sibhialta a leanann de bheith ag cabhrú le hiompar daoine a bhfuil coinne dochtúra agus riachtanais eile acu.

D'ainneoin phaindéim COVID, lean an Chomhairle dár seirbhísí go léir a sholáthar don phobal. Sa bhliain 2020, lean soláthar tithíochta breise de bheith ina ábhar tosaíochta do Chomhairle Chontae Chill Chainnigh chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar thithíocht shóisialta. Lean an Chomhairle de leithroinnt deontas a raibh géarghá léi a aimsiú chun a chumasú dúinn an líon mór tionscadal a mhaoiniú atá beartaithe chun tairbhe ár saoránach go léir.

Trí mhaoiniúchán a leithroinnt faoi na scéimeanna éagsúla, cabhraítear go mór le forbairt bailte agus sráidbhailte. Faigheann pobail spreagadh a bhfuil géarghá leis ó scéimeanna amhail CLAR, Athnuachan Bailte & Sráidbhailte agus maoiniúchán áitiúil ó Chomhairle Chontae Chill Chainnigh. Rinneadh maoiniúchán a sholáthar freisin le haghaidh cuid mhór tionscadal "folláine" chun cabhrú le daoine teacht slán ón bpaindéim. Tá sé tugtha faoi deara agam cé chomh mór a bhí cuid mhór dár saoránaigh scothaosta an-bhuíoch dá seirbhís phearsanta leabharlainne agus tá moladh tuilte ag baill foirne uile na Seirbhíse Leabharlainne as a dtiomantas i leith leanúint de sheirbhís a sholáthar d'ainneoin formáid atá éagsúil go hiomlán a bheith i gceist.

Imríodh tionchar an-mhór ar ár gcuid gnóthaí agus dúnadh gnóthaí agus cailleadh gnó. D'aistrigh cuid mhór gnóthaí go formáid ar líne chun cuid dá ngnó a choinneáil i bhfeidhm. As seo amach, ní mór do gach duine dínn tacú lenár ngnóthaí áitiúla lena chinntiú nach dtarlaíonn aon dúnadh ina dhiaidh seo. Chabhraigh foireann LEO go mór le gnóthaí i ndáil le hoiriúnú a dhéanamh do bhealaí nua trádála agus bhí gach duine lena mbaineann buíoch den chabhair sin.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine d'fhoireann na Comhairle as a gcuid oibre ar son mhuintir Chill Chainnigh. Molaim a dtiomantas agus a ndúthracht agus táimid ag tnúth le dul chun cinn leanúnach agus sinn ag obair i gcomhar le gach duine de mhuintir Chill Chainnigh chun áit níos fearr le cónaí ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de Chill Chainnigh.

Cé go bhfuilimid i ndiaidh teacht trí thréimhse an-deacair agus go bhfuil daoine fós thíos le tionchair COVID agus dianghlasála, ní mór do Chill Chainnigh a bheith dóchasach i leith na bliana 2021 tráth a dhéanfar cuid mhór tionscadal tábhachtach a chur i gcrích agus a chuirfear tús le tionscadail thábhachtacha nua.

Mar fhocal scoil, ba phribhléid dom, i mo cháil mar Chathaoirleach, a bheith i mor threoraí le haghaidh mo chomh-Chomhaltaí Tofa agus sin ag déileáil leis na cinntí dúshlánacha a bhí le déanamh, ar cinntí iad a bhí conspóideach uaireanta agus a bhí misniúil go minic, agus sinn ag obair le chéile, in éineacht leis an bhFeidhmeannacht agus leis an bhfoireann, ar mhaithe le feabhsú Chill Chainnigh agus na bpobal a bhfuil cónaí ar gach duine dínn iontu.



**An Comhairleoir**
**Aindriú Mac Aonghusa**
**Cathaoirleach**



# RÁITEAS
# AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

***Is cúis sásaimh dom a bheith luaite leis an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain 2020 ina dtugtar tuairisc faoin raon forleathan seirbhísí atá á gcur ar fáil go díreach nó go neamhdhíreach ag an gComhairle seo. I gcorp na tuarascála seo, leagtar amach na gníomhaíochtaí éagsúla agus na seirbhísí agus na tionscadail bhonneagair a raibh baint ag Comhairle Contae Chill Chainnigh leo.***

Mar thoradh ar Phaindéim COVID, ba bhliain an-dúshlánach í an bhliain 2020 do gach duine. D'ainneoin cuid mhór srianta, leanamar dá seirbhísí go léir a sholáthar agus de chúnamh a thabhairt do ghnóthaí agus do phobail teach slán i rith na bliana. Cuireadh isteach go mór ar ár sruthanna ioncaim agus dúnadh gnóthaí agus bhí ar dhaoine fanacht sa bhaile. Ba bhliain thubaisteach í an bhliain 2020 i dtaca le cúrsaí turasóireachta de agus cuireadh isteach ar an séasúr de bharr leibhéil éagsúla dianghlasála. Go háirithe, rinne cailleadh ioncaim ó rátaí agus ó mhuirir pháirceála difear dár gcumas gníomhú i leith ítimí roghnacha buiséid. Thabhaíomar caiteachas breise chun freastal ar riachtanais COVID le go mbeadh ár mbaill foirne in ann leanúint de bheith ag obair go sábháilte. Tá iarratas déanta chun na Roinne ar chúiteamh i leith an ioncaim sin a cailleadh'. Táthar ag súil le cinneadh ar ár n-iarratas i rith Ráithe 1 den bhliain 2021. Cheapamar bealaí nua oibre chun leanúnachas na seirbhísí a chinntiú. Bhí na comhaltaí agus na baill foirne in ann déileáil leis na dúshláin a bhain le seirbhísí breise a sholáthar, amhail an Líne Chabhrach Phobail, agus chuir roinnt ball foirne cúnamh ar fáil don HSE nuair a bhí gá leis sin. Bhíomar in ann leanúint dár gcruinnithe Comhairle go léir a sheoladh agus éascaíodh na cruinnithe sin trí bhíthin scaradh sóisialta nó ar mhodh cruinnithe fíorúla. I Márta 2020, ní raibh aon duine againn ag ceapadh go mbeadh cruinnithe Comhairle á n-óstáil go cianda ag deireadh na bliana 2020.

Bhí ardleibhéal tiomantais ann i ngach Roinn i leith an Phlean maidir le Soláthar Seirbhísí 2020 a chur i bhfeidhm agus i leith Cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a bhaint amach. Bhain formhór na réimsí a gcuid cuspóirí sonraithe amach d'ainneoin na dteorainneacha a bhí ann mar gheall ar COVID 19 agus, in aon chás ina raibh an leibhéal feidhmíochta níos lú ná 100%, ní bheidh aon tionchar aige sin ar chumas na Comhairle ó thaobh cuspóirí a Plean Chorparáidigh a bhaint amach. Tá mé sásta, dá bhrí sin, gur éirigh leis an gComhairle na cuspóirí a leagadh amach ag tús na bliana 2020 sa Phlean maidir le Soláthar Seirbhísí a bhaint amach den chuid is mó agus go ndearna sí amhlaidh de réir na bparaiméadar a leagadh amach i mbuiséad 2020 agus i gcomhthéacs shrianta COVID 19. Ina theannta sin, d'éirigh leis an gComhairle déileáil leis na dúshláin a bhí ann maidir le seirbhísí breise pobail, córas aon treo agus feabhsuithe ar an bhfearann poiblí a sholáthar chun cabhrú le gluaiseacht shábháilte daoine inár gcuid bailte nuair a athosclaíodh gnóthaí i rith mhíonna an tsamhraidh. Leanfaimid de gach ní a dhéanamh, laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá againn, chun tacú lenár saoránaigh go léir agus sinn ag iarraidh déileáil le srianta COVID agus filleadh ar chineál éigin gnáthshaoil.

Is mian liom ardmholadh a thabhairt don obair atá á déanamh ar leibhéal na gCeantar Bardasach agus ar leibhéal na gCoistí Beartais Straitéisigh (SPC). Cabhraíonn na coistí sin go mór leis an gComhairle maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus maidir lena gnó a dhéanamh. Tá tiomantas na gComhairleoirí agus na gcomhaltaí seachtracha le feiceáil sna gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu sa tuarascáil. Gabhaim buíochas leis na Comhaltaí Tofa, le mo chomhghleacaithe ar an Meitheal Bhainistíochta agus le foireann na Comhairle as a ndúthracht agus as a ndianobair. I bhfianaise an chumais agus an mheoin i leith comhoibriú a léiríonn na comhaltaí tofa agus an fhoireann i gcónaí, táim cinnte go mbeimid ullamh chun déileáil leis na dúshláin atá romhainn amach anseo. Is féidir linn a bheith ag tnúth le bliain níos dearfaí sa bhliain 2021.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Cathaoirleach, an Comhairleoir Aindriú Mac Aonghusa, agus lena réamhtheachtaí, an Comhairleoir Peadar de Cléir, le Cathaoirligh na gCeantar Bardasach, na Comhairleoirí Micheál Ó Cárthaigh agus a réamhtheachtaí an Comhairleoir Seán Ó Braonáin, an Comhairleoir Peadar de Cléir agus a réamhtheachtaí an Comhairleoir Páid Ó Néill, an Méara Seán Ó Cuanáin agus a réamhtheachtaí an Méara Máirtín de Breit agus an Comhairleoir Éamann Aighleart, a bhfuil clú bainte amach dóibh féin sna róil a bhí acu faoi seach.

Molaim an Tuarascáil Bhliantúil seo lena glacadh ag na Comhaltaí Tofa.

Táim cinnte go dtabharfaidh sé forléargas do mhuintir Chill Chainnigh, agus do dhaoine lasmuigh de Chill Chainnigh, faoin raon leathan gníomhaíochtaí a ndeachthas ina mbun agus faoi éachtaí na Comhairle sa bhliain 2020 a bhí ina bliain an-dúshlánach.



**Colette Uí Bhroin**
**Príomhfheidhmeannach**



# PAINDÉIM COVID 19

### *Leanúnachas Gnó*

Thacaigh an Chomhairle leis na Comhaltaí Tofa agus leis an bhFoireann le linn tréimhse athraithe nach raibh a leithéid ann riamh roimhe agus a bhí ann mar thoradh ar thionchar Phaindéim COVID-19. Mar thoradh ar an bPaindéim, bhí dúshláin shuntasacha ann i dtaca leis an ionad oibre agus i dtaca le saol na hoibre agus bhí gá le tacaíochtaí solúbtha nuálacha acmhainní daonna chun cabhrú leis an eagraíocht, leis na comhaltaí agus leis an bhfoireann.

Tugadh aghaidh ar shrianta Sláinte Poiblí san ionad oibre agus, ag an am céanna, ar na riachtanais i ndáil le leanúnachas gnó trí patrúin sholúbtha nua oibre agus uaire solúbtha nua oibre a chur i bhfeidhm; tugadh isteach socruithe mórscála cianoibre agus córas nua ar líne le haghaidh cruinnithe. Reachtáladh gach cruinniú de chuid na Comhairle ar líne nuair a cuireadh srianta Leibhéal 5 i bhfeidhm. Bhí tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise thar a bheith tábhachtach sna himthosca athraitheacha sin. Rinneadh gach iarracht chun a chinntiú go mbeadh na Comhaltaí Tofa in ann feidhmiú thar ceann a bpobal agus páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruinnithe Comhairle.

Ba phríomhchúram é le linn na haimsire dúshlánaí sin tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann agus do na comhaltaí agus cuireadh Clár Cúnaimh d'fhostaithe de chineál níos spriocdhírithe i bhfeidhm. Tugadh isteach tacaíochtaí nua oiliúna do Bhainisteoirí Líne agus do bhaill foirne chun cabhrú leo oiriúnú a dhéanamh le haghaidh chúinsí na na cianoibre, lena n-áirítear cláir aireachais agus folláine. Mar chuid de Phlean Oiliúna Foirne 2021, beidh oiliúint spriocdhírithe agus tacaíochtaí forbartha ann don bhaill foirne agus do Bhainisteoirí Líne araon d'fhonn cabhrú leo oiriúnú do noirm nua na cianoibre.

### *Grúpa Stiúrtha Réigiún an Oirdheiscirt - Mór-Éigeandálaí a Bhainistiú*

Oibríonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh laistigh de Réigiún an Oirdheiscirt in éineacht le Contaetha Cheatharlach, Thiobraid Árann, Phort Láirge agus Loch Garman i ndáil le Mór- Éigeandálaí a bhainistiú. Cuimsíonn Grúpa trasfheidhme ionadaithe ó na hÚdaráis Áitiúla, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ón nGarda Síochána. Is í Cáit Mhic Coilín de Faoite, as Feidhmeannacht na Sláinte cathaoirleach an Ghrúpa agus is é Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an t-údarás ceannais i leith éigeandálaí sláinte poiblí.

Ó thús na paindéime, reáchtáil na gníomhaireachtaí go léir cruinnithe seachtainiúla lena chinntiú go mbeadh cur chuige comhsheasmhach ann sa réigiún i ndáil lena chinntiú go raibh treoirlínte náisiúnta sláinte poiblí á gcomhlíonadh. Ba í Collette Ní Bhroinn, Príomhfheidhmeannach, cathaoirleach an ghrúpa le linn chéimeanna tosaigh na Paindéime

**I measc na nithe a pléadh agus a cuireadh chun feidhme, áirítear an méid seo a leanas:**

- An líon cásanna COVID
- Daoine san ospidéal, daoine in Aonaid Dianchúraim agus básanna
- Bearta i ndáil le Scaradh Sóisialta
- Cumarsáid agus úsáid a bhaint as Meáin Shóisialta
- Forfheidhmiú ag an nGarda Síochana
- Tacaíocht don HSE maidir le rianú teagmhála agus ionaid vacsaíniúcháin
- Mórbhásanna

# BUAICPHOINTÍ NA BLIANA 2020

- An cúigiú Féile na Nollag rathúil a reáchtáladh go fíorúil de bharr COVID-19.
- Seoladh an chéad 'Lá Chill Chainnigh' i mí Dheireadh Fómhair agus bhí cuid mhór imeachtaí ar siúllena linn chun gach rud a bhaineann le Cill Chainnigh a cheiliúradh.
- Eisíodh 112 phreasráiteas agus tugadh tacaíocht do chuid mhór feachtas sonrach caidreamh poiblí.
- Foilsíodh Nuachtlitir agus dáileadh ar níos mó ná 18,000 teaghlach í.
- Rinneadh kilkenny.ie a athbhrandáil agus a athlainseáil.
- Rinneadh dul chun cinn le hathchóiriú fhoirgneamh na Grúdlainne agus na Páirde Líní, ach sin faoi réir shrianta COVID. Fuarthas maoiniúchán faoin gCiste Athghiniúna & Forbartha Uirbí.
- Pleanáil Chuid 8 le haghaidh Pháirc & Shráid San Proinsias i gCeathrú na Mainistreach.
- Oscailt oifigiúil Theach Dídine Uí Éimhín mar shuíomh le haghaidh Ghailearaí na mBuitléarach.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le hoibreacha forbartha ar thionscadail in Iarthar Chathair Chill Chainnigh ar tionscadail iad a fhaigheann maoiniúchán ón gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú.
- Chríochnaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhlachtaí Deonacha 102 aonad tithíochtanua.
- Cheannaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhlachtaí Deonacha 63 aonad tithíochta.
- Fuarthas 5,341 ghlao sa bhliain 2020 ó dhaoine a raibh deisiúcháin tithíochta uathu.
- Íocadh 20 iasacht tithíochta arbh fhiú €2,901,700 iad.
- Íocadh 202 dheontas tithíochta ina raibh luach €1,442,912 chun tithe a oiriúnú
- Cuireadh athlonnú 25 theaghlach Shiriacha i gcrích faoi Chlár Cosanta Dídeanaithe nahÉireann.
- Caitheadh €29.44m ar fheabhsú agus ar chothabháil ár ngréasáin bóithre ina iomláine.
- Cuireadh obair dhearthóireachta ar aghaidh i ndáil le 2 Scéim Faoisimh Tuile.
- Soláthraíodh 10.37 billiún lítear uisce trí scéimeanna poiblí uisce.
- Baineadh amach comhlíontacht 99.5% maidir le paraiméadair mhicribhitheolaíocha, agus comhlíointacht 99.6% maidir le paraiméadair cheimiceacha, i dtaca le soláthar uisce de.
- Críochnaíodh oibreacha ar mhórfheabhsú Sholáthar Uisce Inis Tíog,
- Rinneadh dul chun cinn maidir le hullmhú Phlean Forbartha na Cathrach & an Chontae, 2021-2027.
- Fuarthas 935 iarratas pleanála i rith na bliana 2020.
- Bhí 36 láithreán ann i gClár na Láithreán Folamh ar an 31/12/2020.
- Rinneadh maoiniúchán deontais caomhantais ina raibh suim suim €280,824 a bhronnadh ar 16 thionscadal sa bhliain 2020.
- Glacadh 4 Fhorbairt Tithíochta faoi chúram.
- Críochnaíodh Siúlóid Lúibe 4.7km agus athfheistíodh an Grianán i nGairdíní Chluain Dúin.
- Críochnaíodh an obair ar Pháirc Chomharsanachta Phort an Chalaidh faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú agus le maoiniúchán údaráis áitiúil ó Chill Chainnigh agus ó Phort Láirge.
- Críochnaíodh an obair ar thrasnáin iarnróid a thabhairt chun bealaigh ar Ghlasbhealach an Oirdheiscirt.
- Plandaíodh 235 chrann chun Cothromdhátaí Speisialta a chomóradh sa bhliain 2020.
- Críochnaíodh athfheistiú na Cisí Cláir i gCoill Silaire, Gráig na Manach.
- Tá 30 clós súgartha ar oscailt anois agus iad á gcothabháil ag an gComhairle.
- Osclaíodh 3 chlós súgartha nua - Tulach Ruáin, Baile Sheáin agus Páirc Chomharsanachta Phort anChalaidh.
- Dhéileáil Briogáidí Dóiteáin le 824 theagmhas sa

bhliain 2020.

- Chaith an Chosaint Shibhialta 363 huaire an chloig agus iad i mbun cúnamh a chur ar fáil mar fhreagairt ar Ghlao Pobail COVID, reáchtáil siad 11 Imeacht Pobail agus thug siad cúnamh i ndáil le 2 Chuardach.
- Rinneadh os cionn 1,702 thona ábhair in-athchúrsáilte agus os cionn 2,822 thona dramhaíola iarmharaí a bhailiú ar fud an chontae.
- Bailíodh 2,609 dtona gloine, alúmanaim agus cruach sna 46 Ionad Fágála Dramhaíola.
- Fuarthas 1,317 ngearán maidir le cúrsaí comhshaoil.
- Tháinig méadú ar líon na gceadúnas madra - ó 4,630 sa bhliain 2018 go 5,872 sa bhliain 2020.
- Deonaíodh 26 dheontas faoin Scéim Deontais do Reiligí.
- Leanadh den teagmháil le Tasfhórsa Lár na Cathrach.
- Bunaíodh Tasfhórsa Téarnaimh Turasóireachta.
- Bunaíodh Meitheal Fáiltithe Chill Chainnigh chun tacú le hathoscailt an gheilleagair.
- Forbraíodh Clostreoir le haghaidh na n-ionad turasóireachta is mó éileamh sa Chathair & sa Chontae.
- Bunaíodh Ionad nua Oibrithe Deonacha le haghaidh Chill Chainnigh.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Straitéis maidir le Lánpháirtiú Imirceach.
- Soláthraíodh maoiniúchán €69,797 do phobail faoin nGlao Pobail.
- Caitheadh €190,000 ar thionscadail phobail trí bhíthin maoiniúcháin ó Éire Ildánach.
- Soláthraíodh maoiniúchán €574,826 do 5 bhaile faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.
- Soláthraíodh maoiniúchán €461,200 do 16 Phobal faoi Scéim na mBeart Luathaithe do Bhailte agus do Shráidbhailte.
- Soláthraíodh maoiniúchán €245,548 do Phobail faoi Éire Shláintiúil.
- Leithroinneadh €77,000 le haghaidh 2 thionscadal faoi Chlár CLÁR 2020 (CLÁR - Ceantair Laga Ard-Riachtanais)
- Leithroinneadh €232,020 faoi Chláir Feabhsaithe Pobail tríd an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail.
- Mar thoradh ar chistí a fháil ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, bhíothas in ann leanúint ar aghaidh le hobair ar Theach na Cúirte i mBaile Mhic Andáin agus críochnaíodh na hoibreacha ar Pháirc an Mhóta i gCallainn.
- Mar thoradh ar COVID tháinig méadú 49% ar úsáid r-Leabhar & tháinig méadú 45% ar úsáid r-Chlosleabhar.
- D'fhorbair Seirbhísí Leabharlainne cuid mhór Clár Pobail agus Folláine le linn srianta COVID a bheith i bhfeidhm agus thacaigh siad leis na cláir sin.
- Forbraíodh podchraoltaí agus físeáin, a raibh 48 gcinn acu ann san iomlán, do bhaill óga na leabharlainne.
- Seachadadh 4,839 leabhar ar 1,109 gcocúnaí.
- Forbraíodh 41 tionscadal le haghaidh sheachtain na hOidhreachta Náisiúnta.
- Fuair 7 dtionscadal maoiniúchán faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2020.
- Dáileadh 1,200 cóip de "Garraíodóireacht ar son na Bithéagsúlachta".
- Ghlac os cionn 19,550 duine páirt i gclár de chuid na hOifige Ealaíon.
- Dámhadh 27 sparánacht, agus tugadh deiseanna meantóireachta, d'ealaíontóirí.
- Dáileadh 10,000 cóip de "Bookville in a Book" ar 90 bunscoil.
- Tháinig méadú ar úsáid ardán meán sóisialta.
- Béim leanúnach ar fheabhas a chur ar an ráta bailithe maidir lenár bhfoinsí ioncaim go léir agus ar laghdú riaráistí.
- Bailíodh luach €2.5m de thobhaigh forbartha.
- Bhí barrachas €16,635 ann sa Bhuiséad Ioncaim sa bhliain 2020.

# **ELECTORAL** REPRESENTATIONS

**Cuimsíonn comhaltas Chomhairle Chontae Chill Chainnigh ceithre chomhalta is fiche a thoghtar ar feadh théarma oifige cúig bliana. Toghadh an Chomhairle reatha i mí Bhealtaine 2019 agus is mar a leanas a bhí an comhaltas ar an 31 Nollaig 2020:**

## CALLAINN - BAILE MHIC ANDÁIN



***Peadar de Cléir (FF)***
*Achadh Choillteáin,*
*Sceach an Mhaistín,*
*Co. Chill Chainnigh*



***Deirdre Ní Chuilinn (FF)***
*Kilree,*
*Droichead Binéid,*
*Co. Chill Chainnigh*



***Mait Ó Deoráin (FF)***
*Sruth an Mhaide,*
*Cill Mogeanna,*
*Contae Chill Chainnigh*



***Micheál Ó Dúill (FG)***
*Baile na Bearna,*
*An Robhar,*
*Co. Chill Chainnigh*



***Seosamh Ó Laighin (FG)***
*Na Bánta Buí,*
*Callainn,*
*Co. Chill Chainnigh*



***Pádraig Ó Néill (FG)***
*Baile Thréidín,*
*Droichead Binéid,*
*Co. Chill Chainnigh*

## CAISLEÁN AN CHOMAIR



***Seán Ó Braonáin (FG)***
*An Chruit,*
*An Chloch,*
*Caisleán an Chomair,*
*Co. Chill Chainnigh*



***Máire Hilde***
***Mhic Chaomhánaigh (FG)***
*Balla an Fhaoitigh,*
*Crois Phádraig, Via Durlas.*
*Co. Chill Chainnigh*



***Micheál Ó Dúshláine (FF)***
*Siopa an tSráidbhaile,*
*Tulach Ruáin,*
*Co. Chill Chainnigh*



***Páid Mac Giolla Phádraig (FF)***
*Cloch an Phúcaigh,*
*Baile an Phoill,*
*Co. Chill Chainnigh*




***Donncha Ó hEidhin***
***(Lucht Oibre)***
*Ballyellen,*
*An Droichead Nua,*
*Co. Chill Chainnigh.*



***Micheál Mac Cárthaigh (FF)***
*Sráid Buncrusha,*
*Achadh Úr,*
*Co. Chill Chainnigh*

## CATHAIR CHILL CHAINNIGH THIAR



***Máirtín de Breit (FF)***
*Bóthar Challainn,*
*Cathair Chill Chainnigh*



***Seán Ó Cuanáin (FF)***
*17 Clós na Sailí,*
*Ardnore,*
*Cill Chainnigh*



***Máire Dollard (GP)***
*Vianore,*
*An Cnoc Glas,*
*Cill Chainnigh*



***Daithí Mac Gearailt (FG)***
*24 Sráid Phádraig,*
*Cill Chainnigh*



***Seosamh Ó Maoileoin (FF)***
*11Cnoc Mhairidin,*
*Bóthar Cheanannais,*
*Cill Chainnigh*



***Aindriú Mac Aonghusa (FF)***
*Oifig Dháilcheantair,*
*Bóthar Uí Lachtnáin,*
*Cill Chainnigh*



***Eoghain Mac Aonghusa (NP)***
*40 Plás an Easpaig Birch,*
*Cill Chainnigh*

## BAILE AN PHOILL




***Éamann Aighleart (FF)***
*Ballynooney,*
*Muileann an Bhata,*
*Co. Chill Chainnigh*



***Tomás Breathnach (Lucht Oibre)***
*Bóthar na Ceárta Narabane,*
*Cill Mhic Bhúith,*
*Co. Chill Chainnigh*




***Fidelis Uí Dhochartaigh (FG)***
*Ballyfacey,*
*An Gleann Mór,*
*Co. Chill Chainnigh*



***Páid Mac Donnchaidh (FG)***
*Baile Uí Ghuara,*
*Móin Choinn,*
*Co. Chill Chainnigh*



***Gearóid Mac Firbhisigh (FF)***
*Trian an Fhraoigh,*
*Sliabh Rua,*
*Co. Chill Chainnigh*



***Maolcholaim Ó Nuanáin***
*38 Céide Choill an Chéadrais,*
*An Loch Buí, Cill Chainnigh*

*D'éirigh Maolcholaim Ó Nuanáin as Comhairle Chontae Chill Chainnigh ar an 10 Feabhra,2020 tar éis é a thoghadh do Dháil Éireann.*

# COISTÍ
# & FOCHOMHLACHTAÍ

### *An Grúpa Beartais Chorparáidigh*

Is é atá sa Ghrúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) ná coiste de chuid na Comhairle ina gcuimsítear Cathaoirleach na Comhairle agus cathaoirleach gach ceann de na cúig Choiste Beartais Straitéisigh (CBS-anna).

Feidhmíonn an GBC mar ghrúpa a sholáthraíonn nasc idir réimsí oibre na CBS-anna éagsúla agus soláthraíonn sé fóram ina ndéantar plé faoi ítimí atá molta le haghaidh cláir oibre chruinnithe na Comhairle agus faoi nithe a bhaineann le cúrsaí beartais. Ina theannta sin, déanann an GBC faireachán ar fheidhmíocht an údaráis áitiúil agus tá ról tábhachtach aige maidir le próiseas an bhuiséid.

Tháinig an GBC le chéile 12 uair i rith na bliana 2020.

Bunaíodh Tascfhórsa Cathrach sa bhliain 2020 agus é mar chuspóir aige deis a sholáthar do na geallsealbhóirí go léir comhoibriú le chéile chun comhfhís a bhaint amach trína gcuirfear feabhas ar cháilíocht chomhshaol na Cathrach, trína neartófar tuilleadh na nithe a thairgeann an Chathair agustrína spreagfar do chuairteoirí/chustaiméirí fanacht sa Chathair agus gnó a dhéanamh inti.

Cuimsíonn an Tascfhórsa ionadaithe ó ghnóthaí éagsúla ar fud na Lár na Cathrach a roghnaíodh mar ionadaithe dá sráid agus tá ionadaíocht ann i leith na bhFíoncheannaithe, an Chomhlachais Tráchtála agus na nGardaí. Tá gach duine de Chomhairleoirí na gCeantar Bardasach ina mbaill den Tascfhórsa agus faigheann an Tascfhórsa tacaíocht ó Fheidhmeannacht na Comhairle.

Mar chuid den chéim thosaigh bhí ceardlann ann ar lena linn a tharraing comhaltaí aird ar shaincheisteanna agus ar ábhair imní ó thaobh Ghnóthaí Lár na Cathrach de agus leagadh béim ar chomhfhís agus ar phríomhghníomhaíochta a roghnú chun an fhís sin a bhaint amach. Cé go raibh tionchar ag COVID ar oibriú an Tascfhórsa, bhí deis ann dá bharr chun dul i mbun teagmháil dhearfach agus chun díriú ar fhís aontaithe do Lár na Cathrach.

**I measc na nithe ar tharla comhoibriú ina leith i rith na bliana áiríodh na nithe seo a leanas:**

- Athbhrandáil Kilkenny.ie agus scáthláithreán gréasáin athstruchtúraithe chun na nithe atá á dtairiscint i gCill Chainnigh a cheapadh don phobal áitiúil, do chuairteoirí agus do ghnóthaí
- Bearta chun béim a leagan ar athoscailt na Cathrach nuair a cuireadh deireadh le srianta i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2020, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
  - Scaradh Sóisialta do chustaiméirí á éascú trí shráid aontreo a dhéanamh de Shráid an Roisín agus den tSráid Ard
  - Sráid do choisithe amháin a dhéanamh de Shráid San Séamas agus de Shráid Chiaráin (fadaithe)
  - Suíocháin allamuigh
- Éascaíocht a dhéanamh i leith riachtanais ghnóthaí i leith tacaíochtaí oiliúna agus airgeadais tríú Oifig Fiontair Áitiúil na Comhairle
- Tacaíocht do ghnóthaí chun láithreacht ar líne a éascú.

### *Coistí & Fochomhlachtaí*

Tá dualgas dlíthiúil ar Údaráis Áitiúla Coistí áirithe a bhunú, amhail Coistí Beartais Straitéisigh. Tá údarás lánroghach ag Údaráis Áitiúla Coistí eile a bhunú chun cabhrú leo le linn dóibh a róil mar Chomhaltaí Tofa a chur i bhfeidhm.

### *Coistí Beartais Straitéisigh*

Ghlac Comhairle Chontae Chill Chainnigh Scéim Coistí Beartais Straitéisigh ar an 16 Meán Fómhair 2019 le haghaidh na Comhairle nua-thofa don tréimhse ó 2019 go 2024. Is é ról na gCoistí Beartais Straitéisigh (CBS-anna) cabhrú leis an gComhairle beartas a fhoirmliú, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Léiríonn comhdhéanamh na gcoistí príomhfheidhmeanna na Comhairle laistigh de chomhthéacs níos fairsinge, déantar iad a cheapadh i gcomhréir le méid, comhaltas agus acmhainní riaracháin na Comhairle agus bíonn an tríú cuid dá gcomhaltaí ionadaitheach d'earnálacha a bhaineann le hobair na gcoistí.

Tugann na SPC-anna Comhaltaí Tofa agus daoine atá ag obair go gníomhach le comhlachtaí sóisialta, eacnamaíochta, cultúrtha agus comhshaoil le chéile chun beartais a bhaineann le seirbhísí na Comhairle a fhorbairt agus a athbhreithniú. Cuireann na SPC-anna tuairimí seachtracha ar fáil do na Comhaltaí Tofa nuair a bhíonn a ról straitéiseach a chur i bhfeidhm acu maidir le forbairt an údaráis áitiúil, lena n-áirítear a róil maidir le forbairt beartais agus formhaoirseacht laistigh den údarás áitiúil.

**Is mar a leanas a bhí comhdhéanamh agus comhaltas foriomlán Choistí Beartais Straitéisigh Chomhairle Chontae Chill Chainnigh amhail ar an 31 Nollaig, 2020:**

| *CBS 1: Forbairt Eacnamaíochta, Tacaíocht Fiontraíochta & Forbairt Turasóireachta & Pleanála* | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí Tofa [8]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [7]** | |
| Seán Ó Cuanáin | Talmhaíocht/Feirmeoireacht: | Liam Ó Caoimh *[CFÉ]* |
| Micheál Ó Dúill | Forbairt/Tógáil: | Muireann Acreman *[Comhlachais Tráchtála Éireann]* |
| Páid Mac Giolla Phádraig | Gnó/Tráchtáil: | Deirdre Uí Sheighin *[Comhlachais Tráchtála Éireann]* |
| Gearóid Mac Firbhisigh | Ceardchumann: | Eibhlín Ní Maolmhuire *(CCÉ)* |
| Micheál Mac Cárthaigh | Uilechuimsitheacht Shóisialta: | Fíona Uí Néill *[LPP]* |
| Eoghain Mac Aonghusa | Caomhantas/Comhshaoil: | Brian Hamaltún *[LPP]* |
| Máire Dollard | Pobal & Deonach: | Pól Ó Bróithe *[LPP]* |
| Pádraig Ó Néill | | |

| *CBS 2: Beartas Iompair/Bainistiú Soghluaisteachta & Seirbhísí Uisce* | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí Tofa [8]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [7]** | |
| Tomás Breathnach | Talmhaíocht/Feirmeoireacht: | Pól Ó Briain *[CFÉ]* |
| Peadar de Cléir | Gnó/Tráchtáil: | Gary Ó Gréacháin *[Comhlachais Tráchtála Éireann]* |
| Deirdre Ní Chuillinn | Forbairt/Tógáil: | Barra Ó Loingsigh *[Comhlachais Tráchtála Éireann]* |
| Micheál Ó Dúshláine | Tráchtáil: | Gearóid Ó Maonaigh *[CCÉ]* |
| Fidelis Uí Dhochartaigh | Pobal/Deonach: | Gearóid Ferris *[LPP]* |
| Mait Ó Deoráin Páid Mac Donncha | Uilechuimsitheacht Shóisialta: | Eibhlín Uí Riain *[LPP]* |
| Pádraig Ó Néill | Comhshaol/Caomhantas: | Ailín Ó Súilleabháil *[LPP]* |

| *CBS 3: Tithíocht* | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí Tofa [8]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [5]** | |
| Éamann Aighleart | Forbairt/Tógáil: | Brian Dunlop *[Comhlachais Tráchtála Éireann]* |
| Máirtín de Breit | Comhshaol/Caomhantas: | Mags Uí Mhuireasa Morrissey *[LRP]* |
| Páid Mac Giolla Phádraig | Pobal/Deonach: | Seán de Búrca *[PPN]* |
| Donncha Ó hEidhin | Uilechuimsitheacht Shóisialta: | Lisa Morris *[PPN]* |
| Seosamh Ó Laighin | Ceardchumann: | Aoibheann Ní Mhuircheartaigh *[CCÉ]* |
| Aindriú Mac Aonghusa | | |
| Eugene McGuinness | | |
| Seosamh Ó Maoileoin | | |

| *CBS 4: Cosaint Chomhshaoil, Gníomhú ar son na hAeráide & Fuinneamh* | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí Tofa [6]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [5]** | |
| Hilde Uí Chaomhánaigh | Talmhaíodht/Feirmeoireacht: | Séamus Ó Murchú *[CFÉ]* |
| Deirdre Ní Chuillinn | Forbairt/Tógáil: | Seán hUirthile *[Comhlachais Tráchtála Éireann]* |
| David Fitzgerald | Gnó/Tráchtáil: | Laurence Conroy *[Comhlachais Tráchtála Éireann]* |
| Donncha Ó hEidhin | Forbairt/Tógáil : | Nollaig Ó Donnchú *[LRP]* |
| Seosamh Ó Laighin | Comhshaol/Caomhantas: | Séamus Mac Cathmhaoil *[PPN]* |
| Máire Dollard | | |

| *CBS 5: Seirbhísí Pobail, Cultúir & Dóiteáin* | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí Tofa [6]** | **Comhaltaí ó Earnálacha Seachtracha [5]** | |
| Tomás Breathnach | Talmhaíocht/Feirmeoireacht: | Micheál de Rís *[CFÉ]* |
| Seán Ó Braonáin | Gnó/Tráchtáil: | Kathy Phuirséil *[Comhlachais Tráchtála Éireann]* |
| Máirtín de Breit | Pobal/Deonach: | Donncha Ó Bróithe *[LRP]* |
| Peadar de Cléir | Uilechuimsitheacht Shóisialta: | Máirtín Ó Braonáin *[LRP]* |
| Seán Ó Cuanáin | Ceardchumann: | Fearghal de Cantún *[ICTU]* |
| Páid Mac Donnchaidh | | |

# CRUINNITHE
# NA COMHAIRLE

**Seolann an Chomhairle Gnáthchruinnithe ar bhonn míosúil. Seolann sí cruinnithe speisialta freisin chun a buiséad bliantúil a phlé agus a ghlacadh. Is féidir leis an gComhairle an oiread cruinnithe a thionól agus a mheasann sí a bheith riachtanach chun a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh. De bharr shrianta COVID, seoladh roinnt cruinnithe reachtúla ar bhonn cianda nuair a bhí an reachtaíocht riachtanach i bhfeidhm chun a chumasú do na Comhaltaí cinntí a dhéanamh.**

**CRUINNITHE IOMLÁNACHA CHOMHAIRLE CHONTAE CHILL CHAINNIGH**
*An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain: 20      Gnáthchruinnithe Míosúla - 11, Ceardlanna - 7 & Cruinnithe Speisialta - 3*

- An Buiséad a ghlacadh
- Ceathrú na Mainistreach agus Páirc agus Sráid San Proinsias
- Leasú ar na Buan-Orduithe
- Deontais Taitneamhachta
- An Coiste ar Chairt Leasa Ainmhithe &Ceapadh Comhaltaí
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2019
- Tuarascáil Bhliantúil 2019
- An Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta
- Comhaltaí a cheapadh do Choistí agus do Bhoird eile
- Deontais Ealaíona 2020
- Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchta 2019
- An Phríomhshaoráid Rótharraingthe don bhliain 2021
- Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh
- Deontas Dreasachta i leith Íoc Rátaí Tráchtála 2020
- Deontais d'Imeachtaí Pobail
- Faisnéis Uasdátaithe faoi COVID
- Scéim Deontais Éire Ildánach 2020
- Dréacht-Phlean Forbartha don Chathair & don Chontae 2021-2027
- An Cathaoirleach & an Leas-Cathaoirleach a thoghadh
- An Scéim Deontais le haghaidh Imeachtaí
- Deontais le haghaidh Féilte 2020
- Folúntas ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh, ar CBS, ar Choistí agus ar Bhoird eile a Líonadh
- Faisnéis Uasdátaithe faoi Chúrsaí Airgeadais
- An Scéim Deontais le haghaidh Reiligí 2020
- Tuarascáil Bhliantúil an CFPÁ 2019
- Cáin Mhaoine Áitiúil
- Sárú Ábhartha
- Achoimre ar Chlár Físeán Ghlúin an Cheoil
- Iarratas Chuid 10 maidir le hOibreacha Feabhsúcháin ar an N77 - Béal Átha Ragad go Ballinaslea
- Rótharraingt €20 milliún don bhliain 2020
- Tuarascálacha Chuid 8 maidir le Tionscadail Éagsúla
- Scéim Vótaíochta 2020
- Tionscadal Éifeachtúlacht Fuinnimh an tSoilsiúcháin Phoiblí
- Iasacht €5 mhilliún a fháil ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe
- Clár na nOibreacha Bóthair 2020
- Scéim na dTosaíochtaí Ligin
- Comhaontuithe Alt 85 le hÚdaráis Áitiúla eile
- An Plean maidir le Soláthar Seirbhísí 2020
- Buan-Orduithe do CBS-anna
- Tuarascáil Iniúchta Reachtúil
- Glacadh faoi Chúram
- Faisnéis Uasdátaithe faoi Thionchair na Paindéime
- An Plean Cothabhála Geimhridh 2020-2021

# CRUINNITHE
# COISTÍ

## CRUINNITHE CHEANTAR BARDASACH CHALLAINN - BAILE MHIC ANDÁIN

*An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2020:* 13 *An Comhchruinnithe:* 1 *An Líon Toscaireachtaí a bhí ann:* 2


- Tionscadail Taistil Ghníomhaigh & Athraithe Aeráide
- Deontais do Thaitneamhachtaí - Séadchomharthaí & Leachtanna Cuimhneacháin
- Scáthláin Bhus
- An Clár Feabhsúchán Caipitiúil
- Suíomhanna fágála Soilse Nollag & Crann Nollag
- Tionscadail CLÁR
- Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna
- Oibreacha Bóthair & i Scéimeanna
- Feabhsúcháin Áitiúla
- Covid-19: tionchar airgeadais/cur i gcrích Chlárn na nBóithre/Srianta
- Salú ag Madraí
- Dréacht-Phlean Challainn maidir le Bainistíocht Soghluaisteachta
- Dréacht-Phlean Forbartha na Cathrach & an Chontae 2021 - 2027
- An Cathaoirleach & an Leas-Cathaoirleach athoghadh
- Ceart Slí a Mhúchadh
- Cosáin
- Láthair na Mainistreach, Calainn
- Leithroinnt Bhardasach Ghinearálta/Plean
- Buiséid Bhardasaigh a Ghlacadh
- Plean Ceantair Áitiúil Ghráig na Manach-Thigh na hInse
- Staidéar Coincheapa ar Thionscadal Turasóireachta agus Áineasa Ghráig na Manach-Thigh na hInse
- Ciste Thionscnamh na mBailte Stairiúla - Eaglais Mhuire, Callainn
- Dumpáil Neamhdhleathach
- Páirceáil Neamhdhleathach
- Abhainn Rí, Callainn
- Scéimeanna Ísealchostais Feabhsaithe Sábháilteachta
- Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta (Baile Mhic Andáin, Callainn agus Gráig na Manach)
- Cur i Láthair faoi Obair Shiltin
- Soilsiúchán Poiblí
- Limistéir shnámha abhann
- Comharthaíocht Bhóthair & Sábháilteacht ar Bhóithre
- Faisnéis Uasdátaithe faoi Chláir Oibreacha Bóthair & Saincheisteanna a bhaineann le Bóithre
- Faisnéis uasdátaithe faoi thionscadail a fhaigheann maoiniúchán ó CAFT & ó SBÁA (Achadh an Aonaigh, Páirc an Mhóta & Cluain na Mainistreach i gCallainn; Halla Pobail, Teach na Cúirte, Sráid Uí Lócháin/an tSráid Íseal, an carrchlós cois cé & athghiniúint Shráid Mhaidilín i mBaile Mhic Andáin)
- Feachtas "Déan Siopadóireacht i gCill Chainnigh"
- Saincheisteanna a bhaineann le uasteorainneacha
- Glasbhealach an Oirdheiscirt/ChillChainnigh
- Na Chéad Fhreagróirí Cairdiacha inDeisceart Chill Chainnigh
- Scéimeanna Athnuachana Bailte & Sráidbhailte & Bearta Luathaithe Covid 19
- Suirbhéanna Tráchta / Luais
- Plean Cothabhála Geimhridh/Oibreacha Leata Salainn



*SBÁA - Cluainte na Mainistreach*



*Cosán Nua i gCill Mogeanna*



*Páirc an Mhóta, Callainn*







*Obair chaomhantais B&S Inis Tíog sa Chearnóg, oibreacha pabhála nua cois abhann agus suíocháin nua*

## CRUINNITHE CHEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN CHOMAIR

*An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2020:* 12 *An Líon Toscaireachtaí a bhí ann:* 3

- An Straitéis maidir le Taisteal Gníomhach
- Tionscadal Feabhsaithe Líonadh Talún Bhéal Átha Ragad
- Deontais 'Atosú Gnó' & Deontas Méadaithe 'Atosú'
- Páirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair
- Droichead Coisithe Chaisleán an Chomair
- Maoiniúchán CLÁR
- Bearta Oiriúnúcháin i leith Athrú Aeráide
- Rannpháirtíocht an Phobail in Oibreacha Bóthair
- Bóthar Poiblí a Dhearbhú - Cúilín an Lín, an Chloch
- Láithreáin Thréigthe
- Dréacht-Phlean Forbartha an Chontae 2021-2027
- An Cathaoirleach & an Leas-Cathaoirleach a thoghadh
- Eir – Seirbhís Chustaiméara & Cuaillí Neamhúsáidte & Contúirteacha
- Pointí Luchtaithe Leictreachais
- Foróige - Ionad Óige, Caisleán an Chomair
- Leithroinnt Bhardasach Ghinearálta & Plean
- Buiséid Bhardasaigh a Ghlacadh
- Clár HD15
- Gearradh Fálta
- Leathanbhanda Ardluais a Sholáthar & an Plean Náisiúnta Leathanbhanda a chur i bhfeidhm
- Forbairtí Tithíochta & Eastáit Neamhchríochnaithe
- Saincheisteanna a bhaineann le Cothabháil Tithíochta
- Tithíocht - Faisnéis Uasdátaithe faoi Sholáthar Seirbhísí le linn Phaindéim Covid 19
- Dumpáil Neamhdhleathach in Ionaid 'Fág Anseo'
- Scéim Feabhsaithe Áitiúil
- Scéim Ísealchostais Timpistí - Trasrian do Choisithe, Sráid Chill Chainnigh, Achadh Úr
- Séadchomharthaí & Leachtanna Cuimhneacháin
- Maoiniúchán Áineasa Allamuigh
- Soilsiúchán Poiblí
- Araidí Sráide a Athsholáthar
- Sábháilteacht ar Bhóithre - Acomhal Ard Lú le Georges Tree
- Clár na nOibreacha Bóthair & Saincheisteanna a bhaineann le Bóithre
- Maoiniúchán Feabhsaithe Tuaithe "Déan Siopadóireacht i gCill Chainnigh"
- Tithe Ceann Tuí - An Chloch
- Moilliú Tráchta - Caisleán an Chomair
- Scéimeanna Athnuachana Bailte & Sráidbhailte
- Láithreáin Fholmha
- Rialú Fiailí
- Clár Cothabhála Geimhridh & Athbhreithniú ar Bhealach P3



*Cosáin ag Maryville, Caisleán an Chomair*



*Cosáin ag Ballyhemmin, Caisleán an Chomair*



*Cosán agus Siltean, Bóthar na Cloiche, Caisleán an Chomair*



*Bearta Taistil Ghníomhaigh, Gabhrán*



*LCAS & Athdhromchlú an Acomhail le Garrán na Mainistreach*

## CRUINNITHE CHEANTAR BARDASACH CHILL CHAINNIGH

*(lena n-áirítear Cruinniú Bliantúil, Cruinniú Buiséid & Cruinniú Speisialta)   An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2020:* 12

- Dréacht-Sceideal na nOibreacha Bardasacha a Ghlacadh lena n-áirítear Dréacht-Scéim na nOibreacha Bóthair
- Glacadh Buan-Orduithe Leasaithe
- Glacadh plean an Bhuiséid Bhardasaigh don bhliain 2021
- An Coiste Leasa Ainmhithe
- Bearta maidir le hiompar frithshóisialta
- Fodhlíthe Corrthrádála
- Athruithe ar Charrchlós Shráid Wolfe Tone
- Tascfhórsa Lár na Cathrach
- Plean Forbartha na Cathrach agus an Chontae 2021 - 2027
- Comhthoghadh Mháire Dollard tar éis an Comhairleoir Maolcholaim Ó Nuanáin a thoghadhdon Dáil
- Cultúr tréan rothaíochta a chruthú agus afhorbairti gCathair Chill Chainnigh
- Méara agus Leas-Mhéara a thoghadh
- Uaireanta Corrthrádála Leathnaithe
- Cosáin - clár maoiniúcháin 5 bliana
- Críochnú agus uasghrádú cosán ar fud na Cathrach
- Faisnéis uasdátaithe faoi chúrsaí Tithíochta agus Pleanála
- Gradaim Ghnó na hÉireann in aghaidh Bruscair - Cathair Chill Chainnigh
- Feabhsúcháin ar Shiúlán an Mhéara
- Staidéar Treoshuímh Chill Chainnigh Tionscadail CGTBÁ
- Lainseáil oifigiúil Sheirbhís Bus Chathair Chill Chainnigh
- Córas Aon Treo i gCathair Cathair Chill Chainnigh
- Scaradh sóisialta
- Oscailt Ghailearaí na mBuitléarach
- Láthair Shuí Allamuigh
- Pleanáil Chuid 8 - Sráid an Bhiocáire agus Bóthar Urumhan
- Sráid do choisithe amháin a dhéanamh de Shráid San Séamas
- Bóithre - Faisnéis Uasdátaithe Mhíosúil
- Sábháilteacht Bhóthair ag Acomhail
- Scéim na nOibreacha Bóthair 2020
- Forbairt Tithíochta Straitéisí ar Bhóthar Shióin
- Athbhreithniú ar Shoilsiúchán Sráide
- Fodhlíthe um Thaibhiúchán Sráide & Buscáil
- Moilliú tráchta in eastáit chónaitheacha
- Tuarascáil faoin trácht ar Shráid Phádraig Uachtarach
- Féile Nollag Fhíorúil



*Shráid an Roisín ina Sráid Aon Treo ó Dhroichead Eoin go dtí an Pharáid*



*Oibreacha Cosáin - Bóthar an Choláiste*



*Suíocháin Allamuigh i gClós an Mhargaidh*



*Suíocháin Allamuigh i gClós an Mhargaidh*

## CRUINNITHE CHEANTAR BARDASACH BHAILE ÁN PHOILL

*(lena n-áirítear Comhchruinniú le CCCPL)* *An líon cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2019:* 15

- An Cathaoirleach & an Leas-Cathaoirleach a thoghadh
- Leithroinnt Bhardasach Ghinearálta/ Plean Buiséid Bhardasaigh a Ghlacadh
- Scéim na nOibreacha Bóthair a Ghlacadh
- Faisnéis Uasdátaithe faoin gChlár Oibreacha Bóthair & Saincheisteanna a bhaineann le Bóithre
- Clár Cothabhála Geimhridh/Oibreacha Leata Salainn
- Seachród Bhaile an Phoill, N24 - Feabhsuithe ar Acomhal Bhóthar an Túir
- Scéimeanna Ísealchostais Feabhsaithe Sábháilteachta
- Seachród Ros Mhic Thriúin, N25
- Sábháilteacht ag Acomhail, N25
- Scéim Phort Láirge go dtí an Gleann Mór, N25
- Scéim Moillithe/Bainistithe Tráchta i Sráidbhaile Bhaile an Phoill
- Cosán Bhaile an Túir, Baile an Phoill
- Cosán Bhóthar an Mhuilinn, Muileann an Bhata
- Kiln Road, Sliabh Rua
- Cosáin a Sholáthar i gCeantar Bardasach Bhaile an Phoill
- Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna
- Oibreacha Bóthair & i Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla
- Maoiniúcháin & Aighneachtaí CLÁR
- Saincheisteanna maidir le Taisteal Róthapa
- Suirbhéanna Tráchta / Luais
- Gearradh Fálta
- Oibreacha Imscrúdaithe Tuile
- Scéim Faoisimh Tuile Dhún Cit
- Stadanna Bus/Scáthláin Bhus - Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill
- Stad Bus & Droichead Meáite an Ghleanna Mhóir
- Cruinnithe le Bonneagar Iompair Éireann
- Limistéir Innealtóireachta - Athruithe ar Cheantair Bhardasacha
- Glasbhealach Chill Chainnigh
- Turasóireacht
- Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíochta Réigiúnaí & Plean Straitéiseadh an Cheantair Bhardasaigh
- Crios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh
- Seirbhís Chairdiach 24/7 do Phort Láirge
- Ionad Cheantar Phort an Chalaidh
- Féile Thalamh an Éisc/na hÉireann
- Scéimeanna Athnuachana Bailte & Sráidbhailte – Baile Hugúin & Cill Mhic Bhúith
- Páirc Chomharsanachta & Clós Súgartha Phort an Chalaidh
- An Próiseas a bhaineann le Glacadh faoi Chúram/Eastáit Neamhchríochnaithe
- Eas Pholl an Easa
- An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
- An Plean Bainistíochta Bruscair 2018-2020
- Bruscar Plaisteach sa Bhearú
- Plean Uile-Éireann um Pailneoirí
- Saincheisteanna Póilíneachta (Gardaí i láthair)
- Lainseáil na Comhpháirtíochta Póilíneachta Áitiúla




*Cul-de-Sac an Rátha Nua – Meán Fómhair 2020*



*Cul-de-Sac an Rátha Nua – Deireadh Fómhair 2020*



*Seanbhoth – Meán Fómhair 2020*



*Seanbhoth – Deireadh Fómhair 2020*

# COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA CHILL CHAINNIGH

**Tá Comhchoiste Póilíneachta bunaithe ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh de réir Acht an Gharda Síochána, 2005.**

## *COMHALTAÍ CHOMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA CHILL CHAINNIGH*

| |
|---|
| An Comhairleoir Aindriú Mac Aonghusa, Bóthar Uí Lachnáin, Cill Chainnigh. |
| An Comhairleoir Deirdre Cullen, Cill Rí, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh. |
| An Comhairleoir Páid Mac Donnchaidh, Baile Uí Ghuara, Móin Choinn, Co. Chill Chainnigh. |
| An Comhairleoir Micheál Ó Dubhshláine, Tulach Ruáin, Co. Chill Chainnigh. |
| An Comhairleoir Tomás Breathnach, Bóthar na Ceárta, Narabane, Cill Mhic Bhúith, Co. Chill Chainnigh. |
| An Comhairleoir Donncha Ó hAodha, Ballyellen, An Droichead Nua. |
| An Comhairleoir Seosamh Ó Laighin, na Bánta Buí, Callainn, Co. Chill Chainnigh. |
| An Comhairleoir Pádraig Ó Néill, Hillview, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh. |
| An Comhairleoir Micheál Ó Dúill, Baile na Bearna, an Robhar, Co. Chill Chainnigh. |
| An Comhairleoir Maidhc Ó Cárthaigh, Sráid Buncrusha, Achadh Úr, Co. Chill Chainnigh. |
| An Comhairleoir Seosamh Ó Maoileoin, 11 Cnoc Mhairidin, Bóthar Cheanannais, Co. Chill Chainnigh. |
| An Comhairleoir Aindriú Mac Aonghusa, Bóthar Uí Lachnáin, Cill Chainnigh. |
| An Príomh-Cheannfort Pádraig Ó Doinn, Stáisiún Garda Phort Láirge. |
| An Príomh-Cheannfort Deiric ÓhAodha, Stáisiún Garda Chill Chainnigh. |
| An Príomh-Cheannfort Seán Ó Meára, Stáisiún Garda Bhaile Mhic Andáin, Chill Chainnigh. |
| An Teachta Sinéad Ní Mhurnáin Uí Chonchúir, An Ghráig Co. Cheatharlach. |
| An Teachta Caitlín Funchion, An 3ú hUrlár, An tSráid Nua Íochtarach, Chill Chainnigh. |
| An Teachta Seán Mac Aonghusa, Bóthar Uí Lachtnáin, Cill Chainnigh. |
| An Teachta Seán Ó Faoláin, 25 Sráid an Mhargaidh, Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh. |
| An Teachta Maolcholaim Ó Nuanáin, Céide Choill an Chéadrais, An Loch Buí, Cill Chainnigh. |
| Somhairle Ó Muireagáin, LRP, Cill Chainnigh. |
| Helena de Paor, LRP, Cill Chainnigh. |
| Gearóid ÓFearghuis, LRP, Cill Chainnigh. |
| Collette Ní Mhurchú, LRP, Cill Chainnigh. |
| Muireann Acremon, Comhlachais Tráchtála Chill Chainnigh. |
| Antóin Ó Muireasáin, Cumann nabhFíoncheannaithe. |



**Cathaoirleach:**
An Comhairleoir Pádraig Mac Giolla Pádraig,
Cloch an Phúcaigh, Bailean Phoill, Co. Chill Chainnigh.

***An Líon Cruinnithe:***
5 Chruinniú Coiste
(3 cinn ar bhonn cianda)

***Cruinniú Poiblí:***
Ceann ar bith de
bharr shrianta COVID

**Achoimre ar na saincheisteanna a pléadh sa bhliain 2020:**

- Tuarascáil Bhliantúil 2019
- An Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta 2020-2025
- Ceamara Teilifíse Ciorcaid Iata i Lán an Bhaile - Tacú le suiteáil ceamaraí breise
- CTCI Pobail in Áth na nUrlainn
- Staitisticí Coireachta, Maoirseacht ag na Gardaí, Trácht agus Sábháilteacht ar Bhóithre
- Rialaitheoir Sonraí
- Dréacht-Chlár Oibreacha 2020
- An Grúpa Stiúrtha ar Fheasacht faoi Dhrugaí - Fochoiste Nua a chur ar bun
- Straitéis Comhtháthaithe Chill Chainnigh 2021-3023
- Comhpháirtíocht Póilíneachta Áitiúla

# OILIÚINT & CAITEACHAIS CHOMHALTAÍ

| OILIÚINT CHOMHALTAÍ | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| DÁTA | COMHDHÁIL | SUÍOMH | COMHAIRLEOIR | TÁILLÍ | CAITEACHAIS | IOMLÁN |
| 10 – 12 Eanáir | Comhdháil Cheilteach – An tAcht Airgeadais, 2019 | Lú | Gearóid Mac Firbhisigh, Éamann Aighleart, Peadar de Cléir, Páid Mac Giolla Phádraig, Micheál Mac Cárthaigh, Aindriú Mac Aon | €600.00 | €3,066.66 | €3,666.66 |
| 15 Feabhra | Oiliúint ARÁÉ – Plean Forbartha | Port Láirge | Peadar de Cléir, Páid Mac Donnchaidh, Fidelis Uí Dhochartaigh, Máirtín de Breit, Micheál Ó Cárthaigh, | €330.00 | €311.66 | €641.66 |
| 21 – 23 Feabhra | Comhdháil Cheilteach – Sláinte & Sábháilteacht san Áit Oibre | Corcaigh | Máire Hilde Mhic Chaomhánaigh | €100.00 | €314.96 | €414.96 |
| 4 -5 Márta | ARÁÉ – Comhdháil Oiliúna Bhliantúil | An Longfort | Seán Ó Braonáin, Seán Ó Cuanáin, Gearóid Mac Firbhisigh, Éamann Aighleart, Aindriú Mac Aonghusa, Peadar de Cléir, Donncha Ó hEidhin, Máire Hilde Mhic Chaomhánaigh, Micheál Ó Dúill, Pádraig Ó Néill, Micheál Ó Cárthaigh, Eoghain Mac Aonghusa, Páid Mac Giolla Phádraig, Mait Ó Deoráin, Micheál Ó Dubhshláine | €2,380.00 | €6,979.24 | €9,359.24 |
| 6 Lúnasa | Oiliúint Mhodúl 3 ARÁÁ – Tuarascáil Moorhead | Tiobraid Árainn | Fidelis Uí Dhochartaigh | €55.00 | €112.70 | €167.70 |
| 8 Lúnasa | Oiliúint Mhodúl 3 ARÁÁ – Tuarascáil Moorhead | Sligeach | Micheál Ó Cárthaigh, Gearóid Mac Firbhisigh | €110.00 | €864.78 | €974.78 |
| 13 Lúnasa | Oiliúint Mhodúl 3 ARÁÁ – Tuarascáil Moorhead | Corcaigh | Éamann Aighleart, Páid Mac Giolla Phádraig, Peadar de Cléir, Seosamh Ó Maoileoin, Páid Mac Donnchaidh, Aindriú Mac Aonghusa, Seán Ó Braonáin, Páid Ó Néill, Seán Ó Cuanáin, Deirdre Ní Chuilinn | €550.00 | €2,392.97 | €2,942.97 |
| | | | | | | |
| | | | IOMLÁN | €4,125.00 | €14,042.97 | €18,167.97 |

## ÍOCAÍOCHTAÍ & CAITEACHAIS IONADAITHEACHTA NA gCOMHALTAÍ

| Comhairleoir | An Líon Cruinnithe ar frestalaíodh orthu | Tuarastail (Inchánach) | Liúntas | Caiteachais Dhearbhaithe | Cathaoirleach | Leas-Chathaoirleach | Cathaoirleach Ceantair Bhardasaigh | Liúntas Chathaoirleach CBS | Fón Póca | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Comh.. Seán Ó Braonáin | 38 as 40 | I18,376.66 | I5,011.92 | | | | I2,759.76 | I6,000.00 | I292.08 | I32,442.42 |
| An Comh... Máire Hilde Mhic Caomhánaigh | 38 as 38 | I18,376.66 | I5,764.60 | | | | | I6,000.00 | I205.69 | I30,349.03 |
| An Comh.. Páid Mach Giolla Phádraig | 31 as 33 | I18,376.66 | I4,341.24 | | | | | | I127.96 | I22,847.86 |
| An Comh. Micheál Mac Cárthagh | 33 as 35 | I18,376.66 | I4,341.24 | | | | I3,219.72 | | I,254.68 | I26,194.30 |
| An Comh. Nicheál Ó Dúshláine | 29 as 33 | I18,376.66 | I4,341.24 | | | | | | I113.58 | I22,833.48 |
| An Comh. Donncha Ó hEidhin | 25 as 32 | I18,376.66 | I4,506.84 | | | | | | I82.25 | I22,967.75 |
| An Comh. Peadar de Cléir | 30 as 38 | I18,376.66 | | I7,367.64 | I9,199.20 | | I3,265.72 | | I66.34 | I38,277.76 |
| An Comh. Mait Ó Deoráin | 35 as 41 | I18,376.66 | I5,549.64 | | | | | I6,000.00 | I0.00 | I29,928.30 |
| An Comh. Micheál Ó Dúill | 29 as 33 | I18,376.66 | I5,442.12 | | | | | | I125.88 | I23,946.66 |
| An Comh Pádraig Ó Néill | 28 as 35 | I18,376.66 | I4,341.24 | | | | I2,713.76 | | I84.39 | I25,518.05 |
| An Comh Deirdre Deirdre Ní Chuilinn | 31 as 34 | I18,376.66 | I4,341.24 | | | | | | I0.00 | I22,719.90 |
| An Comh. Seosamh Ó Laighin | 31 as 36 | I18,376.66 | I4,507.68 | | | | | | I0.00 | I22,886.34 |
| An Comh. Daithí Mac Gearailt | 22 as 27 | I18,376.66 | I4,341.24 | | | | | | I156.36 | I22,876.26 |
| An Comh. Seosamh Ó Maoileoin | 38 as 43 | I18,376.66 | I4,341.24 | | | | | I6,000.00 | I0.00 | I28,719.90 |
| An Comh. Aindriú Mac Aonghusa | 40 as 43 | I18,376.66 | I3,979.47 | | I10,732.40 | I1,839.84 | | | I0.00 | I34,930.37 |
| An Comh. Maolcholaim Ó Nuanáin | 1 as 2 | I2,181.47 | I361.77 | | | | | | I0.00 | I2,543.24 |
| An Comh. Máirtín de Breit | 38 as 41 | I18,376.66 | I4,341.24 | | | I2,146.48 | I4,599.60 | | I146.14 | I29,612.12 |
| An Comh. Seán Ó Cuanáin | 33 as 34 | I18,376.66 | I4,341.24 | | | | I5,366.20 | | I59.77 | I28,145.87 |
| An Comh. Eoghain Mac Aonghusa | 29 as 29 | I18,376.66 | I4,341.24 | | | | | | I0.00 | I22,719.90 |
| An Comh. Éamann Aighleart | 24 as 28 | I18,376.66 | I5,764.68 | | | | I5,979.48 | | I0.00 | I30,122.82 |
| An Comh. Tomás Breathnach | 44 as 46 | I18,376.66 | I6,194.88 | | | | | | I179.62 | I24,753.16 |
| An Comh' Fidelis Uí Dhochartaigh | 28 as 33 | I18,376.66 | I6,194.88 | | | | | | I158.18 | I24,731.72 |
| An Comh. Páid Mac Donnchaidh | 35 as 35 | I18,376.66 | I6,947.64 | | | | | | I254.74 | I25,581.04 |
| An Comh. Gearóid Mac Firbhisigh | 38 as 42 | I18,376.66 | I6,732.60 | | | | | I6,000.00 | I265.42 | I31,376.68 |
| An Comh. Máire Dollard | 22 as 26 | I15,493.49 | I3,617.70 | | | | | | I37.35 | I19,148.54 |
| IOMLÁIN | | I440,384.14 | I113,988.90 | I7,367.84 | I19,931.60 | I3,986.32 | I27,904.24 | I30,000.00 | I2,610.43 | I646,173.47 |

# ÓCÁIDÍ & IMEACHTAÍ CATHARTHA 2020

### FÉILE NAOMH PÁDRAIG I gCILL CHAINNIGH

Is Imeacht Cathartha de chuid Chill Chainnigh í Paráid Lá Fhéile Pádraig agus bhí clár cuimsitheach imeachtaí beartaithe ag an gComhairle le haghaidh Fhéile Naomh Pádraig 2020 sular tháinig paindéim COVID-19 chun cinn, rud a d'fhág gurbh éigean an Contae a dhianghlasáil ar an 13 Márta 2020. Mar thoradh air sin, cuireadh gach paráid Lá Fhéile Pádraig, ar fud na Tíre, ar ceal, lena n-áirítear paráid Chill Chainnigh.

Bhí sár-réalta iománaíochta Chill Chainnigh, agus fear a bhfuil an-tóir i measc na mban mar gheall ar a éachtaí ar chlár RTÉ 'Ag Damhsa leis na Réaltaí' chun teacht agus a bheith ina cheann feadhna le linn Pharáid Lá Fhéile Pádraig 2020 i gCill Chainnigh. Ghlac imreoir Áth na nUrlainn, a ghnóthaigh ocht mbonn uile-Éireann, leis an onóir a bhronn coiste Lá Fhéile Pádraig air, is é sin le rá feidhmiú mar Ard-Mharascal, agus, dá bharr sin, bheadh sé i measc cuid mhór pearsana mór le rá sa réimse spóirt agus sa réimse pobail a ghlac páirt sa pharáid ar an mbealach ó Chlós an Mhargaidh tríd an tSráid Ard, trí Shráid an Roisín agus ag críochnú ar ais i gClós an Mhargaidh.

### LÁ CHILL CHAINNIGH

Ó tharla gurbh éigean an oiread sin féilte tábhachtacha bríomhara de chuid Chill Chainnigh de bharr COVID-19, lainseáil Comhairle Chontae Chill Chainnigh an lá nuálach ceilúrtha sin i leith gach ní a bhaineann le Cill Chainnigh Dé Domhnaigh, an 11 Deireadh Fómhair, 2020, agus bhíothas in ann os cionn 40 imeacht a óstáil gan ach fógra roinnt seachtainí a bheith ann.




Bhí pobal gnó Chill Chainnigh páirteach ann agus bhí siad an-díograiseach agus an-tacúil maidir leis an lá. Maisíodh siopaí lár na cathrach i ndathanna dubh agus ómra, ghlac pobail lena dtionscnamh contae agus tháinig siad amach chun tacú leis an líon mór imeachtaí éagsúla a eagraíodh, lena n-áirítear siúlóid agus glantachán chois abhann i gcomhar le Fís na Feoire agus siúlóid dealbhóireachta i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Ceardaíochta, mar aon le fiach ealaíonta cat i dtailte Ghairdíní Chluain Dúin. Sna margaí sráide ar an bParáid, i gCathair Chill Chainnigh agus i Muileann Cheanannais, bhí an chuid is fearr de tháirgí bia agus ceardaíochta táirgeoirí áitiúla Chill Chainnigh ar taispeáint agus bhí an-éileamh orthu. Ba ghné bhreise iontach de chuid an Lae é an bheochan ghalánta as scannán móréilimh Cartoon Saloon dar teidealWolfwalkers agus a teilgeadh ar bhallaí Chaisleán Chill Chainnigh.




### FÉILE NA NOLLAG i gCILL CHAINNIGH

Cé go raibh ár gcuid sráideanna i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh ciúin agus go raibh séasúr na Nollag 2020 rud beag éagsúil lena mbíonn sé de ghnáth, bhí soilse Nollag ann chun Cill Chainnigh a shoilsiú agus rinneadh an fhéile a lainseáil go fíorúil ar líne. Shuiteáil baill foirne agus criú leictreoirí 2km de shoilse ar fud na Cathrach chomh maith le10 gcrann Nollag áille.

- D'infheistigh an Chomhairle maoiniúchán suntasach sna laindéir nua agus sa soilsiúchán triopaill ar an bParáid agus ar Shiúlán an Mhéara.
- Chonacthas na réinfhianna ar fud na Cathrach.
- Bhí Sráidbhaile Nollag Dhaidí na Nollag ann, i gcomhréir le scaradh sóisialta, i dtailte
- Mhúsaem an Mhíle Mheánaoisigh i gcomhpháirtíocht le Páirc Ghleann na Feoire.
- Tharraing tionscnamh Éire Ildánach, "Féile i Veain" Spiorad na Nollag chuig ár gcuid Tithe Banaltrais.

Chuir an Chomhairle tacaíocht ar fáil dár mbailte agus dár

sráidbhailte chun cabhrú leo an Contae a shoilsiú don bhliain 2020.



Chuir na soilse iontacha nua ar an bParáid cuma thaitneamhach ar mhargaí deireadh seachtaine i rith mhí na Nollag. Bhí Margadh na bhFeirmeoirí ann gach deireadh seachtaine de chuid shéasúr na Nollag.

I gcomhar le Comhairle Chontae Chill Chainnigh, d'oscail an Chomhairle Dhearaidh agus Cheardaíochta Garraí an tSolais agus Taispeántas Ceardaíochta 'Déanta i gCill Chainnigh' i gClós an Chaisleán, Ionad Deartha Chill Chainnigh le haghaidh thréimhse na Nollag.



Reáchtáladh an taispeántas ón 1 Nollaig 2020 go dtí an 10 Eanáir 2021.

Agus ár bhfreagrachtaí láithreacha i leith phaindéim COVID 19 á gcur i ngníomh acu, lean an mheitheal Turasóireachta de na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach inár bPlean Soláthair Seirbhísí a bhaint amach agus a chur ar aghaidh sa bhliain 2020.

*Toghadh an Chathaoirligh*













*Lainseáil Sheirbhís Bus Chathair Chill Chainnigh*

*Oscailt Oifigiúil Ghailearaí na mBuitléarach*









*Lá Náisiúnta Cuimhneacháin*



Pobal na Siria



Capsiúl Ama











Tom Brett

Toghadh Méara



Dominic Hayes



# **STRUCHTÚR** BAINISTÍOCHTA

## IS MAR A LEANAS ATÁ STRUCHTÚR BAINISTÍOCHTA CHOMHAIRLE CHONTAE CHILL CHAINNIGH:




***Colette Uí Bhroin***
*Príomhfheidhmeannach*



***Tadhg de Buitléir***
*Stiúrthóir Seirbhísí*

Cúrsaí Corparáideacha, Acmhainní Daonna, Bóithre & Iompar, Seirbhísí Uisce, Cumarsáid, Sláinte & Sábháilteacht

Ceantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh



***Seán Mac Eoghain***
*Stiúrthóir Seirbhísí*

Pleanáil, Comhshaol, Rialú Foirgníochta, Páirceanna, OFÁ/Forbairt Eacnamaíochta, Margú Turasóireacht & Seirbhísí Tréidliachta


Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill



***Máire S. Uí Mhaolchallann***
*Stiúrthóir Seirbhísí*

Seirbhísí Tithíochta, Pobail, Leabharlainne, Ealaíon, Oidhreachta, Dóiteáin

Ceantar Bardasach Bhaile Mhic Andáin




***Máirtín de Prionnbhíol***
*Ceann Airgeadais*

Airgeadas, Teicneolaíocht Faisnéise, Bainistiú Saoráidí, Earraí & Seirbhísí a Fháil & Tionscadail Speisialta

Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomair

# AN STIÚRTHÓIREACHT
## CÚRSAÍ CORPARÁIDEACHA AGUS BONNEAGAIR

**Stiúrthóir Seirbhísí: Tadhg de Buitléir**




# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

## CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Déantar Clár Bliantúil na dToghthóirí a fhoilsiú ar an 15 Feabhra gach bliain. Is liosta é sin de gach duine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn, a bhfuil cónaí orthu sa Stát agus atá i dteideal vótáil sna toghcháin seo a leanas:

- Toghcháin Áitiúla (ComhairleChontae),
- Olltoghcháin (Dáil Éireann),
- Toghcháin Eorpacha (Parlaimint AE),
- Toghcháin Uachtaráin,
- Reifrinn.




**Ba é a bhí sa líon iomlán daoine ar an gClár ar an 31 Nollaig 2020 ná 73,640.**

Is féidir le haon duine den phobal seiceáil a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo a leanas lena fháil amach an bhfuil siad luaite sa chlár: www.checktheregister.ie, nó is feidir leo teagmháil a dhéanamh le Roinn Seirbhísí Corparáideacha na Comhairle.

Bíonn an Clár ar fáil i Leabharlanna i bPostoifigí, agus i Stáisiúin an Gharda Síochána.

## CÚRAM CUSTAIMÉAR

Tá an Chomhairle tiomanta i leith seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dá custaiméirí go léir. Tá an tslí ina bhféachann Comhairle Chontae Chill Chainnigh le déileáil lena custaiméirí leagtha amach i gCairt Chustaiméara Chomhairle Comhairle Chontae Chill Chainnigh. Tá an doiciméad sin ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.kilkennycoco.ie.

Tá gealltanas ann sa Chairt sin i leith comhionannais le linn seirbhísí a sholáthar agus tugtar aitheantas inti d'éagsúlacht an phobail a bhfónaimid dó. Tá Nós Imeachta Gearáin leagtha amach sa Chairt agus is féidir le haon duine nach bhfuil sásta le caighdeán na seirbhíse a fuarthas leas a bhaint as. Déanann Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin na Seirbhísí Corparáideacha imscrúdú faoi gach gearán/tuairim a fhaightear. I gcás nach bhfuil duine sásta leis an bhfreagra a thugann an tOifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin a iarraidh go ndéanfaidh Stiúrthóir Seirbhísí na Seirbhísí Corparáideacha an cás a bhreithniú arís.

Sa bhliain 2020, dhéileáil Comhairle Chontae Chill Chainnigh le 24 ghearán fhoirmiúla ó chustaiméirí.

## AN tOMBUDSMAN

Bunaíodh Oifig an Ombudsman faoin Acht Ombudsman, 1980. Is é ról an Ombudsman imscrúdú a dhéanamh faoi ghearáin i dtaobh gníomhartha, moilleanna nó neamhghníomh riaracháin a dhéanann difear dochrach do dhaoine nó do chomhlachtaí le linn dóibh a bheith ag plé le comhlachtaí stáit lena n-áirítear Údaráis Áitiúla.

Dhéileáil Oifig an Ombudsman le 6 ghearán custaiméara sa bhliain 2020. Thug Comhairle Chontae Chill Chainnigh tuairiscí faoi gach gearán ar leith díobh sin d'Oifig an Ombudsman.

## AN tOMBUDSMAN DO LEANAÍ

Ní dhearnadh aon ghearán chuig an Ombudsman do Leanaí sa bhliain 2020.

## AN SCÉIM TEANGA

Dhaingnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Scéim Teanga Chomhairle Comhairle Chontae Chill Chainnigh 2019-2022 agus tháinig an scéim i bhfeidhm ar an 8 Aibreán 2019. Tá an scéim ar fáil lena léamh ar ár láithreán gréasáin - www.kilkennycoco.ie

Aithníonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh go bhfuil an ceart ag ár gcustaiméirí roghnú gnó a dhéanamh linn sa teanga is fearr leo agus éascaítear sin ina leith a mhéid is indéanta cibé acu trí Ghaeilge nó trí Bhéarla. Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle i nGaeilge, cuir teachtairreacht ríomhphoist chig gaeilge@kilkennycoco.ie

Sa bhliain 2020, dhéileáil Comhairle Chontae Chill Chainnigh le 5 ghearán fhoirmiúla i nGaeilge.

## NOCHTADH COSANTA

Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 i ngníomh ar an 15 Iúil 2014. Leis an Acht sin, soláthraíodh creat reachtúil ar laistigh de is féidir le hoibrithe ábhair imní a ardú maidir le héagóiritheoireacht ionchasach atá tugtha faoi deara acu san áit oibre agus a fhios acu gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí suntasacha fostaíochta agus as cosaintí eile má dhéanann a bhfostóir iad a phionósú nó má fhulaingíonn siad aon dochar mar thoradh ar nochtadh a dhéanamh.

De réir alt 22 den Acht sin, tá oibleagáid ar Chomhairle Comhairle Chontae Chill Chainnigh tuairisc a thabhairt faoin líon na nochtaí a rinneadh chuig an gComhairle sa bhliain roimhe sin. Ní bhfuair an tOifigeach Ainmnithe i leith Nochtadh Cosanta aon nochtadh sa tréimhse ón 1 Iúil, 2019, go dtí an 30 Meitheamh, 2020.

## COSAINT SONRAÍ (RGCS)

Déanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh faisnéis phearsanta a phróiseáil de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016 agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018. Tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ó bhí an 25 Bealtaine 2018 ann. Baineann sé le próiseáil sonraí pearsanta i gcoitinne san Aontas Eorpach agus leagann sé amach oibleagáidí forleathana do rialaitheoirí agus do phróiseálaithe sonraíagus soláthraíonn sé cosaintí agus cearta neartaithe d'áb hair sonraí.

## RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS

Tá Comhairle Chontae Chill Chainnigh tiomanta i leith do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Tugann an Ráiteas Príobháideachais faisnéis duit i dtaobh conas a thugaimid cúram do do chuid sonraí pearsanta. Ina theannta sin, cuireann sé in iúl duit cad iad na hoibleagáidí atá orainne, agus cad iad na cearta atá agatsa, faoin dlí a bhaineann le cosaint sonraí. Is féidir teacht ar ráiteaspríobháideachais Comhairle Chontae Chill Chainnigh ag:
www.kilkennycoco.ie/privacy-statement

Sa bhliain 2020, dhéileáil Comhairle Chontae Chill Chainnigh le 17 n-iarraidh ar rochtain ó ábhair shonraí.

Rinneadh achomharc chuig an Coimisinéir Cosanta Sonraí (CCS) i leith 1 iarraidh. Ní raibh cinneadh maidir leis an achomharc sin faighte ón CCS faoin 31 Nollaig, 2020. Fuair an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) fógra faoi 11 sárú i leith sonraí agus cuireadh 2 cheann acu sin in iúl don CCS. Iarradh ar Comhairle Chontae Chill Chainnigh páirt a ghlacadh i Suirbhé maidir le Fianáin a bhí á dhéanamh ag an CCS agus tá athbhreithniú á dhéanamh air sin faoi láthair. Tá teagmháil ghníomhach déanta ag an OCS le ranna seirbhísí le linn Measúnachtaí Tionchair a dhéanamhagus le linn aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí a sainaithníodh.

## TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

In Alt 126(c) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, leagtar amach feidhmeanna an Coimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht (CNFI) ina gcuimsítear scrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht an réimse rialtais áitiúil i gcomhthéacs naoi dtáscaire is tríocha.D'fhoilsigh CNFI an tuarascáil maidir leis an mbliain 2019 i mí na Nollag 2020.

Tá feidhmíocht Comhairle Chontae Chill Chainnigh maidir le gach réimse sa bhliain 2019 i gcomparáid le húdaráis áitiúla eile ar fáil lena léamh ag www.noac.ie

# SAORÁIL FAISNÉISE

## IARRATAÍ SAORÁLA FAISNÉISE

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, ar an 14 Deireadh Fómhair 2014. Leis an Acht sin, tugadh isteach athruithe suntasacha ar an gcóras Saorála Faisnéise trí na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, a aisghairm agus trí scóip Saorála Faisnéise a leathnú chuig roinnt comhlachtaí breise. Ina theannta sin, rinneadh an reachtaíocht i gcoitinne a chomhdhlúthú, a nuachóiriú agus a uasdátú leis an Acht nua.

Is é atá i mbeartas Chomhairle Chontae Chill Chainnigh ná rochtain a thabhairt do dhaoine den phobal ar fhaisnéis a shealbhaíonn an tÚdarás aguis sin a dhéanamh de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle ag www.kilkennycoco.ie

Déileálann an tAonad Saorála Faisnéise le hiarrataí ó dhaoine den phobal, ó iriseoirí agus ó eagraíochtaí ar thaifid a shealbhaíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh. Is comhlacht poiblí é Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus tagann sí faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, lena ndéantar socrú maidir le rochtain a thabhairt ar thaifid áirithe a shealbhaíonn an t-údarás áitiúil, ach sin faoi réir roinnt díolúintí.

**Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh 115 iarraidh Saorála Faisnéie sa bhliain 2020.**

| 2020 | Iriseoirí | Gnóthaí/Grúpaí Leasa | Oireachtas/ Ionadaithe Poiblí | Foireann | Cliaint | Eile | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **24** | **4** | **0** | **0** | **2** | **85** | **115** |

**Rinne an tOifigeach Saorála Faisnéise 121 chinneadh san iomlán sa bhliain 2020.**

| | AN LÍON CINNTÍ SAORÁLA FAISNÉISE A RINNEADH SA BHLIAIN 2020 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Iarrataí ar géilleadh dóibh | Iarrataí ar géilleadh go páirteach dóibh | Iarrataí ar Diúltíodh dóibh | Iarrataí a Tarraingíodh Siar | IOMLÁN |
| **IOMLÁN** | **44** | **19** | **52** | **6** | **121** |

Fuarthas trí iarratas ar Athbhreithnithe Inmheánacha tar éis chinntí an Oifigigh Saorála Faisnéise agus rinneadh iarratas amháin chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Go dtí seo, níl aon chinneadh faighte ó Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí maidir leis an achomharc sin.

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN gCOMHSHAOL

Tá tú i dteideal rochtain faoin gcomhshaol, ar faisnéis í a shealbhaíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh, a iarraidh. Tá an ceart sin ann mar thoradh ar Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), 2007 go 2014 (dá ngairtear Rialacháin RFC anseo ina dhiaidh seo).
Faoi na rialacháin sin, ní mór faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol agus a shealbhaíonn údarás poiblí, nó a shealbhaítear thar ceann údarás poiblí, a chur ar fáil ar í a iarraidh, ach sin faoi réir díolúintí áirithe. Ina theannta sin, leagann rialacháin RFC oibleagáid ar údaráis phoiblí a bheith réamhghníomhach i dtaca le faisnéis faoin gcomhshaol a scaipeadh i measc an phobail.

Sa bhliain 2020, fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh 15 iarraidh. Géilleadh do 9 n-iarraidh, diúltaíodh do 5 iarraidh agus tarraingíodh 1 iarraidh siar.

Níl aon táille thosaigh ann i leith iarratas a dhéanamh faoi na Rialacháin RFC. Ach ceadaíonn na Rialacháin d'údarás poiblí táille réasúnach a mhuirearú maidir leis an gcostas a bhaineann le faisnéis faoin gcomhshaol agus tá na muirir seo a leanas socraithe ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh:-

- Cuardach, aisghabháil agus cóipeáil taifead: €20 inaghaidh an uair an chloig
- Fótachóipeáil: €0.04 in aghaidh an leatháin
- CD Rom: €10.00
- Radagraf: €6.00

# CUMARSÁID
# & MEÁIN SHÓISIALTA 2020


Déanann an Mheitheal Chumarsáide formhaoirseacht cúrsaí cumarsáide thar ceann na Comhairle, idir chumarsáid chorparáideach agus cumarsáid inmheánach. Tá freagracht ar anMeitheal i ndáil le gach cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, i ndáil le caidreamh poiblí, i ndáil le bainistíocht ghéarchéime agus i ndáil; le margaíocht thar ceann na Comhairle agus baineann an fhreagracht sin le gach seirbhís de chuid na Comhairle.


**Soláthraíonn an Mheitheal tacaíocht iomlán don Chathaoirleach agus do na Comhaltaí Tofa maidir leis na nithe seo a leanas:**


- Comhairle faoi Bhainistiú Imeachtaí.
- Imeachtaí Cathartha a eagrú e.g. cuirí a eisiúint agus a bhainistiú.
- Comhairle a thabhairt maidir le Cúrsaí Prótacail agus Bainistiú Imeachtaí.
- Óráidí a ullmhú.
- Scaipeadh Preaseisiúintí tar éis imeachtaí.


**Éachtaí sa bhliain 2020:**

- Eisíodh 112 Phreaseisiúint sa bhliain 2020 (bhain 16 cinn díobh le hAthléimneacht Phobail agus COVID-19).
- Imeachtaí agus gníomhaíochtaí de chuid na Comhairle a chur chun cinn agus a bhainistiú.
- Foilsíodh an chéad nuachtlitir de chuid na Comhairle dar teideal "Comhairle Chontae Chill Chainnigh ag Obair thar do cheann".
- Tuarascáil Bhliantúil 2019 a fhoilsiú.
- Cuntais mheán sóisialta na Comhairle a bhainistiú.
- Láithreáin ghréasáin na Comhairle a bhainistiú.
- Soláthraíodh tacaíocht i leith Feachtas Folláine Pobail Chill Chainnigh a chur chun cinn nuair a bhí srianta COVID-19 i bhfeidhm.
- Comhordaíodh inneachar le haghaidh Leathanach Údaráis Áitiúil an Kilkenny People.
- Glacadh páirt i Líonra Réigiúnach Oifigigh Chumarsáide an Oirdheiscirt le haghaidh feachtais réigiúnacha.
- Cuireadh Branda Contae nua-fhorbartha kilkenny.ie chun cinn.
- Cuireadh feachtais éagsúla náisiúnta chun cinn trí bhíthin feachtais mheán sóisialta a raibh na nithe seo a leanas ina measc:
    - Lá Comhairle S'Agatsa.
    - Bí Ullamh don Gheimhreadh.
    - Seachtain Fhíorúil Dramhaíola.
    - Seachtain Náisiúnta na Rothaíochta.
    - A Bheith Éireannach um Nollaig


An Líon Cuairteoirí ar Leathanaigh an Láithreáin Gréasáin
3000000
2500000
2000000
1500000
1000000
500000
0
kilkenny.ie
Aoisbhá
kilkennycity.ie
Kilkennycoco.ie
Leabharlann Chill Chainnigh
Cuairt ar Chill Chainnigh
Ár bPlean
Oidhreacht Chill Chainnigh
Comhairle a ghlacadh le Cill Chainnigh
kmhp
Infheistíocht
Cartlann Dhigiteach
rhymerag
2018
2019
2020


Leantóirí Facebook
80000
70000
60000
50000
40000
30000
20000
10000
0
Turasóireacht
coco
Oidhreacht
Feasacht chomhshaoil
Infheistíocht CC
An Dún Mór
An Leabharlann
Féile na Nollag
2018
2019
2020


Lucht Féachana Facebook (an príomhleathanach amháin)
Q4
Q3
Q2
Q1
0
500000
1000000
1500000
2000000
2500000
3000000
3500000
4000000
4500000
5000000
2018
2019
2020



Leantóirí ar Twitter
leabharlann chill chainnigh
infheistíocht i gcill chainnigh
Oifig Ealaíon Chill Chainnigh
Fógraí Chill Chainnigh
Cuairt ar Chill Chainnigh
Leantóirí Chill Chainnigh ar Twitter
0
10000
20000
30000
40000
50000
60000
70000
80000
90000
2018
2019
2020

## Preas-Ráitis 2020: Eanáir go Nollaig 2020

| MÍ | UIMHIR LE PREAS-RÁITIS | % DE NA PREAS-RÁITIS AR FAD |
|---|---|---|
| Eanáir | 4 | 3.6% |
| Feabhra | 2 | 1.8% |
| Márta | 20 | 18.2% |
| Aibreán | 12 | 10.9% |
| Bealtaine | 14 | 12.7% |
| Meitheamh | 17 | 15.5% |
| Iúil | 12 | 10.9% |
| Lúnasa | 7 | 6.4% |
| Mean Fomhair | 6 | 5.5% |
| Deireadh Fomhair | 3 | 2.7% |
| Samhain | 13 | 11.6% |
| Nollaig | 2 | 1.8% |

## Preas-Ráitis 2020; de réir an Réimse Seirbhíse

| MÍ | UIMHIR LE PREAS-RÁITIS | % DE NA PREAS-RÁITIS AR FAD |
|---|---|---|
| Cúrsaí Corparáideacha | 25 | 22.3% |
| An Leabharlann | 12 | 10.7% |
| Comhshaol | 12 | 10.7% |
| An Oifig Fiontair Áitiúil | 11 | 9.8% |
| Bóithre | 7 | 6.2% |
| Cúrsaí Airgeadais | 17 | 15.5% |
| Iúil | 12 | 10.9% |
| Lúnasa | 7 | 6.4% |
| Mean Fomhair | 6 | 5.5% |
| Deireadh Fomhair | 3 | 2.7% |
| Samhain | 13 | 11.6% |
| Nollaig | 2 | 1.8% |



# ACMHAINNÍ DAONNA

Is é is cuspóir don Roinn Acmhainní Daonna ná "a chinntiú go bhfuil fórsa saothair ann a gcuirtear acmhainní, scileanna agus spreagadh cuí ar fáil dó chun freastal ar thosaíochtaí agus ar chuspóirí na hEagraíochta agus sábháilteacht, leas agus folláine gach ball dár bhfoireann a áirithiú a mhéid is indéanta".

Is é atá i bhfís na Roinne Acmhainní Daonna ná tacaíocht éifeachtach, de chineál straitéiseach agus oibríochtúil, a chur ar fáil, mar chomhpháirtí gnó, do na haonaid de chuid na Comhairle a sholáthraíonn seirbhísí.

**Déileálann an Roinn Acmhainní Daonna leis na réimsí seo a leanas:**

- An Straitéis Acmhainní Daonna
- Pleanáil Fórsa Saothair
- Earcaíocht agus Roghnúchán
- Párolla agus Aoisliúntas
- Oiliúint agus Forbairt Fostaithe
- Bainistíocht Feidhmíochta
- Forbairt Ceannaireachta
- Comhionannas
- Bainistíocht Éagsúlachta
- Cothromaíocht idir an Obair agus an Saol
- Caidreamh Tionscail
- Anailísíocht Sonraí
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas nabhFostaithe

Sa bhliain 2020, d'imir paindéim Covid 19, agus na srianta sláinte poiblí a forchuireadh i rith na bliana, tionchar suntasach ar an tSeirbhís Acmhainní Daonna. Bhain an tionchar sin le deireadh a chur go sealadach le seirbhís agus le hathruithe móra a dhéanamh leis an múnla soláthair seirbhíse - agus rinne sé sin difear do scóip agus do chineál an tsoláthair seirbhíse. Mar thoradh ar na srianta, bhí ar sheirbhísí oiriúnú a dhéanamh go tapa chun leanúnachas gnó a éascú agus, ag an am céanna, chun prótacail sláinte poiblí a urramú. Rinne ár Seirbhís Earcaíochta athrú go tapa go físfhormáid agallóireachta agus méadaíodh go mór an líon modúl oiliúna a bhí á soláthar ar líne. Leagadh béim mhéadaithe ar leas na bhfostaithe chun tacú le baill foirne a raibh aghaidh le tabhairt acu ar dhúshláin na paindéime i dtaca le cúrsaí oibre agus i dtaca lena saol sa bhaile araon.

## Leibhéil Foirne

Ba é a bhí sa líon ball foirne a bhí ar fostú ar an 31 Nollaig 2020 ná 668 (an líon daoine iarbhír) nó 565.84 (an líon coibhéiseach post lánaimseartha). Comhordaíonn an Roinn Acmhainní Daonna bainistíocht leanúnach phleananna an fhórsa saothair; i gcomhar le comhghleacaithe atá ina mbainisteoirí líne, déantar bainistíocht ar fhostaithe nua, ar aistriú foirne agus ar imeacht ball foirne.

## Earcaíocht

Seoladh 22 chomórtas san iomlán i rith na bliana agus, mar thoradh air sin, fostaíodh 31 bhall foirne nua (fostaithe taobh istigh & taobh amuigh araon) san eagraíocht.

## Clár Samhraidh Mac Léinn & Gardaí Tarrthála

D'fhostaigh an Chomhairle 6 mac léinn i rith mhíonna an tsamhraidh sa bhliain 2020 chun dléileáil le Glanadh Bruscair, Garraíodóireacht agus obair shéasúrach eile faoin gclár. Tháinig laghdú ar líon na ndaoine sin de bharr Phaindéim COVID.

Ina theannta sin, fostaíodh 19 nGarda Tarrthála ar fud an Chontae i rith thréimhse an tsamhraidh sa bhliain 2020.

## Seirbhís Chomhroinnte Párolla & Aoisliúntais

Tá an tseirbhís seo á soláthar ag Pá S'Agamsa, is é sin, Soláthróir Seirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil, rud a dhéantar óna gcuid oifigí i bPort Laoise, Co Laoise, le tacaíocht ó Roinn Acmhainní Daonna Chill Chainnigh. D'éirigh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh an fheidhm aoisliúntais na Comhairle a aistriú chuig Ionad na Seirbhísí Comhroinnte i mí Eanáir 2019.

## Bainistíocht Freastail

Athbhreithníodh Beartas Bainistíochta Freastail na nEarnálacha Rialtais Áitiúil sa bhliain 2013 agus tugadh isteach scéimeanna athbhreithnithe pá breoiteachta don Earnáil. Tá leibhéil asláithreachta á mbainistiú de réir na mbeartas sin i gcónaí agus aird ar leith á tabhairt ar asláithreachtaí a bhain le Covid 19. Tá leibhéal feabhsaithe asláithreachta tugtha faoi deara ag an Údarás i gcomparáid le hasláithreachtaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

Mar fhreagairt i leith na paindéime, thacaigh an Roinn Acmhainní Daonna leis an Údarás maidir le cur i bhfeidhm athruithe suntasacha leathana ar chleachtais freastail ae an obair chun leanúnachas gnó a chinntiú agus chun tacú leis an bhfoireann. D'áirigh sé sin cur i bhfeidhm pátrúin

oibre cianta ina lán réimsí, an scéim maidir le sannadh sealadach chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tionscnamh an Ghlao Pobail.

## *Oiliúint & Forbairt*

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta i leith fhorbairt ghairmiúil agus fhorbairt phearsanta a áirithiú na bhfostaithe go léir. Tá sé mar aidhm ag oiliúint agus forbairt cabhrú le fostaithe teacht chun bheith níos éifeachtaí ina gcuid post agus forbairt a dhéanamh ar a n-acmhainneacht agus, ag an am céanna, cabhrú le spriocanna agus cuspóirí na Comhairle a bhaint amach. Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna i bhfeidhm sa bhliain 2020 agus, mar chuid de, bhí oiliúint éigeantach ann mar aon le cláir a bhain le cúrsaí oibre agus cláir forbartha pearsanta. Áiríodh oiliúint Sláinte & Sábháilteachta, Cláir Foghlama Tríú Leibhéal agus ceardlanna eile intí sna cláir sin.

**Seo a leanas sampla de na cláir oiliúna a soláthraíodh sa bhliain 2020:**

- Láimhsiú Ualaí Troma
- Pas Sábháilte
- Roithleáin Scríobacha
- Spásanna Cúnga
- Bruachaire
- Oiliúint d'Ionadaithe Sábháilteachta
- Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí
- Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla do Thiománaithe
- Suíomh Seirbhísí faoi Thalamh
- Scéim Deimhniúcháin Scileanna Tógála le haghaidh
- Oiliúint i leith Comharthaí, Soilsiúcháin & Gardáil
- Oiliúint maidir le hArdán Soghluaiste Oibre os cionn na Talún
- Déileáil le Teagmhais Dheacra Foréigin & Ionsaitheachta
- Cúrsa Athnuachana do Chéadfhreagróirí Garchabhrach
- Oiliúint maidir le Cúram Custaiméara
- Oiliúint maidir le Ceannaireacht
- Oiliúint maidir le Bainistíocht Mhaoirseachta
- Oiliúint maidir le Seirbhísí Leabharlainne Seirbhísí Leabharlainne
- Staidéir Rialtais Áitiúil

Faoi réir na n-acmhainní a bhíonn ar fáil, féachann Comhairle Chontae Chill Chainnigh le tacú le forbairt phearsanta ball foirne ar mian leo Cúrsaí Tríú Leibhéal a dhéanamh atá bainteach, agus a rannchuidíonn, lena ról sa Chomhairle agus le riachtanais ghnó na Comhairle.

## *Comhionannas & Ag Tacú le hÉagsúlacht*

Is fostóir comhionannais deiseanna í Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus tá sí tiomanta i leith raon leathan beartas, cleachtas agus nósanna imeachta arb é is aidhm leo ná aitheantas a thabhairt do rannchuidiú agus d'fheidhmíocht gach duine ar leith agus deis chomhionann a thabhairt go gach duine a bhuanna/buanna a úsáid agus barr a chumais/cumais a bhaint amach.

Tacaíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh le fostú daoine faoi mhíchumas agus tá an sprioc atá leagtha amach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil á baint amach aici.

## *Anailísíocht Sonraí*

Sa bhliain 2020, chuir Comhairle Chontae Chill Chainnigh tús le fochlár nua anailísithe sonraí acmhainní daonna. Is é is cuspóir don chlár ná úsáid a bhaint as daonsonraí chun fadhbanna gnó a réiteach agus chun léargas a thabhairt ar ár gcuid cleachtas maidir le nithe a bhaineann leis an bhfórsa saothair agus le beartais agus cleachtais AD. Sa deireadh, tacóidh an clár le cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe i réimse na bainistíochta straitéisí i leith oibríochtaí acmhainní daonna.

## *Caidreamh Tionscail*

Déileálann Acmhainní Daonna Comhairle Chontae Chill Chainnigh go dearfach le hionadaithe ceardchumainn na foirne chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar mhodh réamhghníomhach dearfach.

# INIÚCHADH INMHEÁNACH

Cuimsíonn an Coiste Iniúchta triúr comhaltaí seachtracha agus beirt chomhaltaí tofa. Bunaíodh an coiste iniúchta reatha le rún ón gComhairle tar éis ainmniúcháin a fháil ón nGrúpa Beartais Chorparáidigh agus tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach. Is ionann téarma oifige an choiste agus téarma oifige na Comhairle reatha ar cuireadh tús leis ar an 1 Meitheamh 2019 agus chríochnóidh ar an 31 Bealtaine 2024.

**Seo a leanas an ról atá ag an gCoiste:**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta na Comhairle sa réimse tuairiscithe airgeadais
- Forbairt dea-chleachtas a chothú maidir le feidhm iniúchta inmheánaigh an údaráis áitiúil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha na Comhairle agus tuairisciú a dhéanamh maidir le torthaí a chuid oibre
- Measúnú a dhéanamh éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead agus na nithe sin a chur chun cinn
- Ar mhaithe le bainistiú rioscaí, athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn ag an údarás áitiúil.

Bhí ceithre chruinniú den Choiste Iniúchta ann sa bhliain 2020. Seoladh trí cinn de na cruinnithe sin ar mhodh cianda de bharr shrianta COVID-19. I rith na bliana, bhuail an Coiste leis an Iniúchóir Údaráis Áitiúil agus le bainisteoirí líne éagsúla chun raon saincheisteanna a phlé.

**I measc na réimsí tosaíochta a bhí ann, áiríodh na nithe seo a leanas:**

- Tuarascáil Bhliantúil 2021
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2019
- Impleachtaí airgeadais Covid-19
- Tionchar COVID-19 ar Sheirbhísí Chomhairle Chontae ChillChainnigh
- Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh
- Tionscadail Chaipitiúla Tábhachtacha
- Tuarascáil Reachtúil Sheirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil 2019
- Tuarascálacha an Coimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agusIniúchóireacht (CNFI)
- Turasóireacht agus Forbairt Eacnamaíochta

Déantar plean nua oibre i leith Iniúchadh Inmheánach a cheapadh agus a ullmhú ahus é bunaithear mheasúnú riosca agus ar chomhairliúchán le luch bainistíochta na Comhairle agus leis an gCoiste Iniúchta. D'imir Covid-19 tionchar ar chur i gcrích an Phlean Iniúchta Inmheánaigh sa bhliain 2020. Rinneadh foireann Iniúchta Inmheánaigh a athlonnú chun déileáil le seirbhísí riachtanacha i réimsí eile de chuid na comhairle le linn na chéad tréimhse dianghlasála.

**Bhí na Tascanna Iniúchta Inmheánaigh seo a leanas i measc na dtascanna a cuireadh i gcrích sa bhliain2020:**

- Cód Caiteachais Phoiblí - Athbhreithniú Forleathan ar Thionscadail Chaipitiúlaagus Ioncaim.
- Forbairt Tithíochta i gCnoc an Chrócaraigh
- Iasachtaí Tithíochta
- Próiseas Imeachta AD
- Tithíocht Shóisialta a Fuarthas
- Deontais Taitneamhachta
- An Próiseas Párolla

# BÓITHRE
# & IOMPAR

### *Cothabháil Bóithre*

Rinne na Comhaltaí Tofa Scéim na nOibreacha Bóthair 2020 a ghlacadh i Márta 2020 agus bhí suim €29.44m i gceist leis an scéim sin le haghaidh na n-oibreacha go léir ar bhóithre an chontae.

D'éirigh le Cill Chainnigh cistí a fháil sa bhliain 2020 faoi CLÁR/faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus trí bhíthin bhearta Covid. Fuarthas leithroinní ina raibh suim €77,000 / €574,826 agus €461,200 i gceist leo faoi seach. Mar thoradh ar an maoiniúchán faoi na tionscnamh sin, bhíothas in ann infheistíocht a dhéanamh in oibreacha feabhsaithe agus in oibreacha tréscaoilteachta agus feabhsaithe sábháilteachta i mbailte, i sráidbhailte agus i gceantair thuaithe sa Chontae.

Leithroinneadh €264k faoin Scéim Feabhsaithe Áitiúil. (SFÁ) le haghaidh oibreacha ar bhóithrenach bóithre poiblí iad.

### *Tionscadail Chaipitiúla Bóthair agus Feabhsuithe Bóthair*

Le deich mbliana anuas táthar tar éis leanúint de chaiteachas suntasach caipitiúil a dhéanamh i scéimeanna bóthair i gContae Chill Chainnigh. Sa bhliain 2020, fuair Cill Chainnigh cúnamh deontais €11.4m chun tionscadail a chur ar aghaidh agus chun Bóithre Náisiúnta a chothabháil.

### *MÓRTHIONSCADAIL*

**Seachród Ros Mhic Thriúin - N25**
Bhronn BIÉ an Conradh CPP do chuibhreannas BAM Iridium i mí Eanáir 2016. Ba é a bhí mar chonraitheoir ag an gCuideachta PPP i leith na hoibre ná comhfhiontar de chuid BAM Civil Ltd agus Dragados Ireland Limited. Cuireadh tús le hoibreacha ar an láithreán i mí Feabhra 2016 agus bhí na hoibreacha sin chóir a bheith críochnaithe faoi Ráithe 4 den bhliain 2019. Osclaíodh an scéim do thrácht i mí Eanáir 2020.

**Mórscéim an N25 ón nGleann Mór go Port Láirge**
Soláthraíodh leithroinnt €750,000 sa bhliain 2020 chun an Scéim seo a chur ar aghaidh. Tá an chuid deiridh de Chéim 2 (Roghnú Rogha) de phleanáil agus de dhearadh na scéime bainte amach agus táthar ag súil go rachfar ar aghaidh chuig Céim 3 (Dearadh agus Measúnú Comhshaoil) i dtrátha dheireadh Ráithe 1 den bhliain 2021. Meastar go bhfógrófar an Rogha Conaire Bealaigh (Céim 2 - Roghnú Rogha) i rith Ráithe 1 den bhliain 2021.

**Mórscéim an N24 ó Phort Láirge go dtí an Chathair**
I Ráithe 3 den bhliain 2020, thug BIÉ ceadú do Chomhairle Chontae Chill Chainnigh céim phleanála agus dheartha na scéime seo a chur ar aghaidh i gcomhair conradh comhairliúcháin innealtóireachta le Arups. Is í Comhairle Chontae Chill Chainnigh an t-údarás ceannais i leith an tionscadail de bharr chomhaontú Alt 85 le Comhairle Chontae Thiobraid Árann. Tá Céim 1 den scéim ar siúl faoi láthair (Coincheap & Féidearthacht) agus táthar ag súil go gcríochnófar an scéim sin sa bhliain 2021.

### *AN CLÁR MIONOIBREACHA*

Faoin gClár Mionoibreacha a maoiníonn BIÉ é, rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh dul chun cinn suntasach i leith na nithe seo a leanas:

**Scéim Mionfheabhsaithe Bhóthar na Carraige - N24**
Soláthraíodh leithroinnt €250,000 sa bhliain 2020 chun céim dheartha na Scéime seo a chur ar aghaidh agus chun doiciméid a ullmhú le haghaidh chéim na gceaduithe reachtúla. Táthar ag ceapadh go ndéanfar an t-iarratas maidir le Pleanáil agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh chuig an mBord Pleanála le linn Ráithe 2 den bhliain 2021.

**Scéim Mionfheabhsaithe Acomhal Bhóthar an Túir - N24**
Soláthraíodh leithroinnt €1,750,000 sa bhliain 2020 chun an Scéim seo a chur ar aghaidh. Fuarthas Ceadú Pleanála Chuid 8 don scéim i mí Aibreáin 2018. Rinneadh an t-iarratas ar cheadú Chéim an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an 25 Deireadh Fómhair 2019. Tar éis agóidí a fháil seoladh Éisteacht Ó Bhéal i Márta 2020. Fuarthas ceadú i leith Ordú Ceannaigh Éigeantaigh i mí Lúnasa 2020. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis na bearta riachtanacha chun éifeacht a thabhairt don chinneadh sin agus táthar ag ceapadh go gcuirfear tús leis an tógáil i Ráithe 3 den bhliain 2021.

**Scéim Mionfheabhsaithe ó Bhéal Átha Ragad go Baile na Slí - N77**
Soláthraíodh leithroinnt €250,000 sa bhliain 2020 chun céim dheartha na Scéime seo a chur ar aghaidh agus chun doiciméid a ullmhú le haghaidh chéim na gceaduithe reachtúla. Rinneadh dhá iarratas chomhthráthacha chuig an mBord Pleanála, is é sin iarratas faoi Alt 177AE agus iarratas ar Cheadú le haghaidh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh, i mí na Nollag 2020. Táthar ag súil le cinneadh i Ráithe 3 den bhliain 2020.

**Droichead Coisithe Chaisleán an Chomair - N78**
Tá an Oifig Bhainistíochta Droichead in Oifig Réigiúnach Deartha Chill Dara ag cur phleanáil agus dhearadh an droichid chun cinn trí bhíthin chomhaontú Alt 85 le Comhairle Chontae Chill Chainnigh. Cuireadh an t-iarratas ar cheadú pleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an 4 Deireadh Fómhair 2019. Tar éis agóidí a fháil seoladh Éisteacht Ó Bhéal i Márta 2020. Fuarthas ceadú i leith Ordú Ceannaigh Éigeantaigh i mí Bhealtaine 2020. Mar thoradh ar na coinníollacha a ghabhann leis an gceadú, is gá na

príomhoibreacha a dhéanamh i rith mhíonna an tsamhraidh amháin a mhéid a bhaineann siad leis an abhainn. Eisíodh an tairiscint le haghaidh na tógála i mí na Nollag 2020 agus bhí an dáta deiridh ann ina leith sin i mí Feabhra. Tá an maoiniúchán i gcomhair thógáil an droichid nua coisithe á sholáthar ag BIÉ agus cuirfear tús leis an tógáil ag deireadh Ráithe 2 den bhliain 2021 agus leanfaidh an obair ar aghaidh go dtí deireadh 2021.

**An Clár Náisiúnta Feabhsaithe Pábhála**

Faoin gClár Feabhsaithe Pábhála agus Mionoibreacha a maoiníonn BIÉ é, rinne Comhairle Chontae Chill Chainnigh dul chun cinn suntasach i leith na nithe seo a leanas:

**Baile Mhic Dháith go Caisleán an Tóibínigh/Baile an Bhrúnaigh go Baile an Bhurraigh/Gráinseach Chuffe - N76:**

Chuimsigh an tionscadal seo tuairim is 4.8km d'fhorleagan feabhsaithe pábhála agus oibreacha gaolmhara eile. Chríochnaigh Priority Construction Ltd an tionscadal i rith na bliana 2020 ar luach conartha €2,217,817, gan CBL a áireamh.



**An Seanbhaile go Béal Átha Ragad - N77:**

Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2020 maidir le dearadh na scéime seo agus maidir le hullmhú na ndoiciméad tairisceana ina leith. Ceaptar go ndéanfar na doiciméid tairisceana a eisiúint i dtrátha dheireadh Ráithe 1 den bhliain 2021.

**Garraí na hAbhann go hÁth an Iúir Thuaidh - N76:**

Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2020 maidir le dearadh na scéime seo agus maidir le hullmhú na ndoiciméad tairisceana ina leith. Ceaptar go ndéanfar na doiciméid tairisceana a eisiúint i dtrátha dheireadh Ráithe 1 den bhliain 2021.

## *OIBREACHA COTHABHÁLA BÓITHRE NÁISIÚNTA*

Rinne Comhairle Chontae Chill Chainnigh oibreacha meicniúla scríobchaithimh agus athsholáthair dromchla chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhain le pábháil dromchla ar fud an ghréasáin bóithre náisiúnta:

**An Currach Mór - N25**

Comhscéim pábhála/dromchla a bhí i gceist leis na hoibreacha ag an suíomh seo. Chuimsigh an ghné phábhála den tionscadal seo tuairim is 1.3km d'fhorleagan feabhsaithe pábhála agus oibreacha gaolmhara eile. Chríochnaigh Priority Construction Ltd an tionscadal i rith na bliana 2020 ar luach conartha €600,000,gan CBL a áireamh.

**An Bán go Hennebrys Cross - N77**

Reáchtáladh próiseas tairisceana agus bronnadh an conradh ag deireadh na bliana 2020 le haghaidh oibreacha ar an N77, An Bán go Hennebrys Cross ar chostas tuairim is €740,000. Táthar ag súil go dtosófar na hoibreacha i dtrátha Ráithe 1 den bhliain 2021.

**Bóithre Náisiúnta : N25, N77**

Rinneadh oibreacha meicniúla scríobchaithimh, arbh fhiú €65,000 iad ag suíomhanna éagsúla ar an ngréasán náisiúnta bóithre náisiúnta, lena n-áirítear an N25, Monarcha na mBothanna, an N25, Baile Bhracham agus an N77, Timpeallán Bhóthar Chaisleán an Chomair.

**Oibreacha Cothabhála Caipitiúla Bóithre Náisiúnta**

Cuireadh oibreacha arbh fhiú €400,000 iad i gcrích i rith na bliana 2020 ar dhá scéim ar an N77, is é sin le rá, Béal Átha Ragad go Baile na Slí.

**HD15 - Oibreacha Feabhsaithe Sábháilteachta ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta**

Caitheadh maoiniúchán €285,000 i rith na bliana 2020 mar chuid de chomhscéim sábháilteachta/pábhála ar an N25 i gceantar an Churraigh Mhóir chun soláthar lánaí ar leith le haghaidh tiontú ar dheis ag acomhail shonracha a éascú.

Rinneadh scéimeanna eile HD15 eile a chur ar aghaidh i rith na bliana 2020 freisin.

**Athfheistiú an Fhálaithe ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta**

Chaith Comhairle Chontae Chill Chainnigh rud beag faoi bhun €127,950 (lena n-áirítear CBL) i rith na bliana 2020 tar éis leithroinnt tosaigh €25,000 a fháil ag tús na bliana 2020. Leis an maoiniúchán sin, bhíothas in ann seanchuaille coincréite a athsholáthar agus fálú sábháilteachta éighníomhaí a chur in ionad an fhálaithe ráillí. Mar thoradh ar an maoiniúchán freisin, críochnaíodh oibreacha ar an N25, ar an N77 agus ar an N78.

**Clár Athsholáthair Soilse LED ar Bhóithre Náisiúnta i gCill Chainnigh**

I rith na bliana 2020, chríochnaigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh oibreacha arbh fhiú rud beag faoi bhun €36,000 chun aisfheistiú a dhéanamh i leith soilse poiblí mar chuid de na feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta. I measc na suíomhanna a bhí i gceist áiríodh N29 - Port Road,N77/78 - Henneby's Cross, N77 - An Dún Mór agus N24 - An Ghreanach.

## GRÉASÁN NA mBÓITHRE NACH BÓITHRE NÁISIÚNTA IAD

### Clár Feabhsaithe Athbhunaithe agus Cothabhála Athbhunaithe 2020

Déantar na príomhfheabhsuithe bóthair ar ghréasán na mbóithre Nach Bóithre Náisiúnta Iad a mhaoiniú ón Scéim Deontas maidir le Feabhshú Athbhunaithe agus Cothabháil Athbhunaithe. Fuair an Chomhairle leithroinnt deontais €14.9m sa bhliain 2020. Déantar tús áite a thabhairt d'oibreacha faoin Scéim seo ar an mbonn go soláthraítear feabhsuithe ar rátáil an riochta ina bhfuil an bóthar, ar fhriotaíocht in aghaidh sciorradh agus ar neamh-thréscaoilteacht. Sa bhliain 2020, feabhsaíodh 70km faoin Scéim seo agus feabhsaíodh 104km faoin gClár Cothabhála Athbhunaithe (cóiriú dromchla). Tá dul chun cinn suntasach déanta ar an ngréasán bóithre nach bóithre náisiúnta iad thar na blianta ón tráth ar tugadh isteach an Deontas maidir le hAthbhunú agus tá an rátáil i leith riocht na mbóithre i gCill Chainnigh chomh maith le haonChontae eile.

### An Clár Sábháilteachta Ísealchostais maidir le Bóithre Nach Bóithre Náisiúnta iad

Tá an Clár Sábháilteachta Ísealchostais maidir le Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad dírithe ar shuíomhanna ar leith sa ghréasán bóithre nach bóithre náisiúnta iad, ar suíomhanna iad atá sainaitheanta mar chriosanna ina dtarlaíonn líon mór imbhuailte. I measc na n-oibreacha atá déanta faoin gclár seo áirítear marcálacha acomhail agus spréanna léargais, moilliú tráchta, marcálacha feabhsaithe ar thaobh an bhóthair agus saoráidí trasnaithe bóthair do choisithe laistigh de limistéir uirbeacha. Sa bhliain 2020, críochnaíodh 17 scéim faoin gclár seo ar chostas €368,000.

## PRÍOMHSCÉIMEANNA FEABHSAITHE BONNEAGAIR

### Leathnú Chuarbhóthar Thuaidh Chill Chainnigh

Lorg 3 úinéirí talún áitiúla, a rinne an tionscadal seo difear dóibh, athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh an Bhoird Pleanála sa bhliain 2014 chun an RTT agus OCÉ le haghaidh na scéime a cheadú. I mBealtaine 2017, tharchuir an Ard-Chúirt an cás chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. De bhun chinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus le comhaontú ón mBord Pleanála, chuir an Ard-Chúirt an cinneadh chun an RTT agus an OCÉ ar neamhní. Tá an Chomhairle tar éis tús a chur athuair leis an bpróiseas pleanála agus deartha ar mhaithe leis an tionscadal a chur ar aghaidh. San idirlinn, ó thráth chinneadh bunaidh an Bhoird sa bhliain 2014, tá athrú tagtha ar ar an bpróiseas pleanála agus deartha. Beidh ar Comhairle Chontae Chill Chainnigh TMTT (Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta) a ullmhú agus an próiseas roghnaithe bealaigh a reáchtáil arís (agus d'fhéadfadh sé go mbeidh gá le OCÉ athbhreithnithe dá bharr sin).

Chuir Comhairle Chontae Chill Chainnigh an chéad ghné den phróiseas pleanála agus deartha i leith na scéime seo (An Fhoirm Réamh-Mheasúnaithe a Thíolacadh) don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i mí na Nollag 2019. Tá plé ar siúl idir Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus an Roinn chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an tionscadal seo.

### Céim 1 de Scéim Cheantar Thiar Chill Chainnigh - Bonneagar

Cuireadh tús le tógáil na scéime ar an 4 Márta 2019. Is é SIAC Construction Limited an príomhchonraitheoir a ceapadh le haghaidh na scéime. Tá moill curtha ar dháta críochnaithe na scéimefreisin de bharr srianta COVID-19 a bheith ann, rud a d'fhág gur dúnadh láithreáin tógála ar feadh tréimhsí sonraithe. Rinneadh an Cuarbhóthar a dúnadh chun tógáil droichid nua thar an mBréagach a éascú a athoscailt do thrácht i mí na Nollag 2020. Is é atá sa dáta atá ceaptha le haghaidh chríochnú nascéime ina hiomláine ná Meitheamh 2021.



*Céim 1 de Scéim Cheantar Thiar Chill Chainnigh - Bonneagar*



## Feabhsuithe Sábháilteachta Breise

### Clár Athsholáthair Soilse LED ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad i gCill Chainnigh

Is í Comhairle Chontae Chill Chainnigh an tÚdarás Áitiúil ceannais le haghaidh Tionscadal Feabhsaithe Fuinnimh Soilsiúcháin Phoiblí don Réigiún Oirthearach (TFFSP-RO). Tá céim na tairisceana ar siúl faoiláthair i ndáil leis an tionscadal agus tá Conraitheoir Oibreacha le ceapadh i Ráithe 4 den bhliain 2021. Déanfar suiteáil laindéar nua i gCill Chainnigh a chríochnú i Ráithe 3 den bhliain 2022.

### Soilsiúchán Poiblí

Déanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh cothabháil ar thuairim is 11,000 solas poiblí ar fud an Chontae. Tar éis próiseas tairisceana, rinne Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh agus Cheatharlach conradh nua le SSE Airtricity i mí Aibreáin 2017 chun cothabháil a dhéanamh ar shoilsiúchán poiblí. Socraíodh go mairfeadh tréimhse thosaigh an chonartha sin dhá bhliain agus tá féidearthacht ann go ndéanfar é an fhadú ar feadh dhá thréimhse bliana eile. Eiseofar próiseas nua tairisceana go luath i Ráithe 1 den bhliain 2021 agus táthar ag súil go gceapfar conraitheoir i rith Ráithe 2 den bhliain 2021 tar éis measúnacht a dhéanamh ar thairiscintí.

## Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá an Chomhairle ag leanúint den fheidhm thábhachtach seo a mhaoiniú, agus déantar feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn, mar aon le córas na maor scoile a bhainistiú agus tacaíocht athabhairt i ndáil le feachtais sábháilteachta bóthair atá dírithe ar phobail.

Ghlac na Comhaltaí Tofa Plean Sábháilteachta Bóthair Chill Chainnigh 2015 go 2020 i mí Iúil 2015. Sa Phlean sin, leagtar amach treoir shoiléir maidir le dul chun cinn a dhéanamh i réimse na sábháilteachta bóthair suas go deireadh na bliana 2020. Mar bhuntaca leis an bPlean, tá sraith tionscadal agus gníomhartha sainithe ann a bhaineann leis na príomhréimsí idirghabhála, is é sin le rá, Innealtóireacht, Oideachas, Forfheidhmiú agus Rannpháirtíocht Tá 45 thionscadal ar leithligh ann sa phlean, mar aon le 54 Ghníomh/ Sprioc don tréimhse suas go deireadh na bliana 2020 agus tá na gníomhaireachtaí ceannais iomchuí ag obair chun an méid sin a chur i gcrích. Leanfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh agus an Garda Síochána de bheith ag comhoibriú lena chéile chun feabhsuithe i dtaca le sábháilteacht bhóthair de a áirithiú sa chontae.

## Rothaíocht Chill Chainnigh 2020

I dtrátha dheireadh na bliana 2019, bunaíodh comhpháirtíocht taighde idir ITPL agus Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun cultúr rothaíochta a chur chun cinn i gCill Chainnigh. Sa bhliain 2020, léirigh torthaí bahoibre sin treochtaí agus patrúin rothaíochta i gCill Chainnigh.
Go stairiúil, bhíodh leibhéil rothaíochta i bhfad níos airde ag Cill Chainnigh i gcomparáid leis an meán náisiúnta agus leis na bailte sa cheantar máguaird. Sa bhliain 1996, bhí 13.7% den daonra ag úsáid rothair le haghaidh turais chomaitéireachta. Sa bhliain 2016, bhí laghdú tagtha air sin go 3.1% agus bhí sé sin fós níos airde na bailte sa chomharsanacht chéanna agus bhí sé beagáinín níos airde ná an meán náisiúnta ach ba laghdú géar é i gcomparáid le 10 mbliana roimhe sin. Cuirtear an laghdú géar ar rothaíocht le haghaidh turais chomaitéireachta i leith taisteal i ngluaisteáin, seachas ar rothar, i ndáil le turais chuig an meánscoil. Tá an méadú sin ar spleáchas ar ghluaisteáin ina ábhar mór imní i gcomhthéacs astaíochtaí méadaitheacha, leibhéil laghdaitheacha gníomhaíochta agus daonra méadaitheach.

Ní bhaineann sonraí comaitéireachta ach amháin le turais chun na hoibre agus na scoile, is é sin le rá,méid is lú ná 1/3 de na turais go léir a dhéantar. I measc na gcuspóirí turais eile nach bhfuil san áireamh, áirítear turais a bhaineann le cúrsaí miondíola agus áineasa agus turais le compánach.

Reáchtáladh suirbhé pobail agus fócasghrúpaí chun taithí daoine ar shoghluaisteacht i gCill Chainnigh athomhas i leith na gcineálacha turas nach raibh san áireamh sna sonraí go dtí seo. Mar thoradh ar na ceardlanna, ba iad na trí phríomhriachtanas a sainaithníodh bonneagar comhréireach rothaíochta ar fud na Cathrach, tionscnaimh rothaíochta sábháilte do spriocghrúpaí agus rochtain ar scéimeanna rothair.


## Príomhghníomhaíochtaí na bliana 2020

Cuireadh tús le Pleanáil Bainistíochta Soghluaisteachta i mí Iúil 2020 in éineacht le Meánscoil Loreto agus Bunscoil Naomh Cainneach nuair a bhíothas ag súil ann go mbeifí ag filleadh ar scoil. Thángthas ar chomhaontú leis an gCumann Talmhaíochta maidir le Saoráid shealadach Páirceála agus Siúil i bPáirc San Séamas. Soláthraíodh deighilt éadrom lánaí rothair i mí Dheireadh Fómhair chun stop a chur le páirceáil neamhdhleathach agus reáchtáladh feachtais rothaíochta chun na scoile i gcomhthráthle Lá Chill Chalnnigh.

Cuireadh Seachtain na Rothaíochta siar go dtí Meán Fómhair 2020 agus reáchtáladh í i gcomhthráth le Seachtain Soghluaisteachta na hEorpa. Tugadh oiliúint ar rothaíocht ar bhóithre do níos mó ná 200 leanbh scoile, cruthaíodh físeán faoi bhealaí rothaíochta easbhóthair Chill Chainnigh, seoladh ceardlanna cothabhála rothair ar an bParáid agus reáchtáladh feachtas "Téigh ar scoil as do stuaim féin" i mí Mheán Fómhair.

Ar fud na bliana, leanadh de bheith ag obair le CLCC agus le Grúpa Rothaíocht Chill Chainnigh agus, mar thoradh air sin, rinneadh iniúchadh ar shaoráidí rothaíochta i gCill Chainnigh, bunaíodh branda lehaghaidh Rothaíocht Chill Chainnigh agus fuarthas áiritheoirí rothar le haghaidh Chathair Chill Chainnigh.

## Ár gCathair & Ár gContae a athoscailt go sábháilte agus i gcomhréir le Srianta COVID 19.



*Dé hAoine, an 19 Meitheamh, 2020, tugadh isteach Córas Aon Treoi Lár Chathair Chill Chainnigh chun cabhrú le scaradh sóisialta.*

I mí Lúnasa, tugadh isteach an chéad cheann de roinnt Limistéar Suíochán Allamuigh i gClós an Mhargaidh. Cuireadh suíocháin bhreise ar fáil do bhialanna agus do chaiféanna sa spás chun freastal ar a gcustaiméirí i gcás nach rabhthas in ann scaradh sóisialta a chleachtadh ar an taobh istigh.

Ina theannta sin, soláthraíodh suíocháin allamuigh ar Shiúlán an Mhéara i Meán Fómhair2020.



*Soláthraíodh suíocháin sna bailte sceidealta freisin.*

# **SEIRBHÍSÍ**
# UISCE

### *Oibriú & Cothabháil*

**Faoi Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse le hUisce Éireann, bainistíonn Comhairle Chontae Chill Chainnigh an méid seo a leanas:**

- 22 sholáthar uisce óil phoiblí
- 36 scéim cóireála dramhuisce phoiblí
- 10.37 billiún lítear uisce (27.5 milliún lítear in aghaidh an lae) a sholáthar do thuairim is 67,500 custaiméir.

**Sa bhliain 2019, bhain Scéimeanna Uisce Phoiblí Chill Chainnigh an méid seo a leanas amach:**

- 99.5% i ndáil le comhlíontacht mhicri-bhitheolaíochta
- 99.6% i ndáil le comhlíontacht paraiméadar ceimiceach

*Nóta: Is í an bhliain 2019 an bhliain is déanaí ar ina leith atá Tuarascáil ar Cháilíocht Uisce Óil foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Foilseofar tuarascáil na bliana 2020 sa bhliain 2021.*

De réir mar ab amhlaidh le tamall de bhlianta anuas, leanadh den fheabhsú ar leibhéal na comhlíontachta, ó thaobh cúrsaí comhshaoil de, i ngléasraí Cóireála Dramhuisce Chill Chainnigh. Tá an treocht fhoriomlán sin le feiceáil san fheabhas atá tagtha ar na torthaí a taifeadadh i dTuarascálacha Bliantúla na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar Dhramhuisce Uirbeach.

### *Gnóthaíonn tionscadal Bainistíochta Sluda Chill Chainnigh duais de chuid Ghradaim Thionscal Uiscena Ríochta Aontaithe*

I rith na bliana, tugadh aitheantas do Thionscadal Bainistíochta Sluda Chill Chainnigh le linn Ghradaim mór le rá Thionscal an Uisce. Aithníonn Gradaim Thionscal an Uisce sármhaitheas i ndáil le nuálaíocht, dea-chleachtas agus seirbhísí custaiméara i gcuideachtaí na Ríochta Aontaithe agus Uisce Éireann agus ar fud a slabhra soláthair. Cé go bhfuil na gradaim ann le ceithre bliana déag, is é tionscadal Bainistíochta Sloda Chill Chainnigh an chéad bhuaiteoir sa chatagóir "Tionscnamh Barrfheabhsaithe Sócmhainní na Bliana".



Ba é a bhí i dTionscadal Sloda Chill Chainnigh ná cur chuige comhpháirteach a ghlacadh i leith bainistíocht sloda i nGléasra Cóireála Uisce Choill an Treoigh agus i nGléasra Cóireála Dramhuisce Inse an Phuirséalaigh. Tá sábháil airgid os cionn €140,000 sa bhliain bainte amach mar thoradh ar an tionscadal chomh maith le laghdú suntasach a dhéanamh ar úsáid fuinnimh, ar úsáid ceimiceán agus ar an méid sloda a théann isteach i líonadh talún. D'éirigh an tionscadal as comhoibriú idir Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus meithleacha Barrfheabhsaithe Próiseas agus Oibríochtaí Réigiúnacha Uisce Éireann.

Tá sloda ina sheachtháirge a leanann as an bpróiseas cóireála uisce agus cuirtear chuig líonadh talún é deghnáth. Faoin gcur chuige nua, déantar an sloda a aistriú ó Ghléasra Cóireála Uisce Choill an Treoigh chuig Gléasra Cóireála Dramhuisce Inse an Phuirséalaigh, áit ar féidir é a úsáid mar chuid den phróiseas cóireála dramhuisce.


Bhí Uisce Éireann agus Comhairle Chontae Chill Chainnigh thar a bheith sásta le toradh an tionscadail seo. Chomh maith le feabhas a chur ar chostéifeachtacht agus inbhuanaitheacht na seirbhísí a sholáthraítear i gCill Chainnigh, tá sé an-luachmhar freisin mar thionscadal píolótach 'cruthúnas ar choincheap' agus 'cruthúnas ar thairbhe'. Soláthraíonn sé teimpléad an-soiléir ar féidir le hUisce Éireann é a úsáid i saoráidí eile ar fud na tíre. Dúirt moltóirí Ghradaim an Tionscail Uisce go raibh an tionscadal ina shampla iontach d'aisghabháil acmhainní chun tairbhí oibríochtúla a bhaint amach.

### *Tionscadail Chaipitiúla*

Seo a leanas forléargas ar na mórfheabhsuithe atá á ndéanamh i gContae Chill Chainnigh. Tá dul ar aghaidh chuig céim tairisceana na dtionscadal ag brath ar bhuiséad a bheith ar fáil agus ar cheaduithe buiséadacha.

### *Scéim Soláthair Uisce Inis Tíog*

Is é a bhí i gceist leis an scéim soláthair uisce €12m ná 18.7 ciliméadar de phríomhphíopaí nua uisce, 2 thaiscumar nua, 2 thobar thollta agus stáisiún nua teannchaidéalaithe, mar aon le huasghráduithe ar bhonneagar a bhí ann cheana féin. Cuireadh tús le hoibreacha ar an láithreán i mí Lúnasa 2017 agus tá siad críochnaithe anois. Cuireadh an scéimh i ngníomh i mí Eanáir 2020.



*Saoráid uasghrádaithe chóireála uisce sa Ghrianán, Baile Mhic Andáin, chun SSU Inis Tíog*

### *Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Chathair Chill Chainnigh*

Is é atá i gceist leis an scéim seo ná uasghrádú Ghléasra láithreach Choill an Treoigh agus oibreacha foghabhálacha chun díchoimisiúnú an ghléasra láithrigh cóireála uisce i mBaile Rád a éascú. Rinne an Bord Pleanála cead pleanála agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) le haghaidh na gceadanna slí lena mbaineann a dheonú, gan mhodhnú, i dtrátha dheireadh na bliana 2019. Dhaingnigh Uisce Éireann an OCÉ (faoin APD 2000) sa bhliain 2020. Táthar ag ceapadh go gcuirfear an próiseas tairisceana le haghaidh an chonartha tógála i gcrích go luath sa bhliain 2021. Tá tús le cur leis na hoibreacha i lár na bliana 2021, ach sin faoi réir maoiniúchán a bheith ar fáil.

### *Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Ghabhráin*

Is é atá i gceist leis an scéim seo ná gléasra nua cóireála uisce, taiscumar, agus príomhphíobán aníos a thógáil, dhá pholl thollta astarraingthe a fhorbairt agus gléasra atá ann cheana féin a dhíchoimisiúnú. Méadóidh an tionscadal an acmhainneacht soláthair uisce do Ghabhrán, don Droichead Nua & do Bhaile Phóil agus cumasóidh sé fás agus forbairt sa cheantar áitiúil. Fuarthas cead pleanála don scéim seo i Meán Fómhair 2019. Tá dul chun cinn mór déanta maidir le hullmhú doiciméad tairisceana.

### *Gléasra Cóireála Dramhuisce Mhuileann an Bhata*

Is é atá i gceist leis an scéim seo ná gléasra nua cóireála dramhuisce a thógáil ar láithreán úrnua, sruth éalaithe nua chuig an Abhainn Mhór, stáisiún nua caidéalaithe agus roinnt feabhsuithe líonra. Tá cead pleanála deonaithe i leith an tionscadail seo. Tá caibidlíochtaí ar siúl maidir le talamh agus is dócha go mbeidh gá le OCÉ chun fáil na talún atá ag teastáil a chur i gcrích. Tá dearadh mionsonraithe na scéime ar siúl i gcónaí agus cuirfear i gcrích é nuair atá na saincheisteanna go léir maidir le talamh réitithe.

### *Gléasra Cóireála Dramhuisce Inis Tíog*

Is é atá i gceist leis an scéim seo ná gléasra nua cóireála dramhuisce a thógáil, uasghrádú an stáisiúin caidéalaithe atá ann cheana féin agus roinnt feabhsuithe líonra. Tá cead pleanála deonaithe i leith an tionscadail agus tá fáil na talún agus na gceadanna slí, mar aon leis na hoibreacha imscrúdúcháin, curtha i gcrích. Tá dearadh mionsonraithe na scéime ar siúl i gcónaí.

### *Plean Limistéar Draenála Chathair Chill Chainnigh*

Is é atá i gceist leis an tionscadal seo ná mapáil agus múnlú an líonra séarach atá ann cheana féin sa Chathair le go mbeifear in ann measúnacht a dhéanamh ar acmhainneacht, ar riocht agus ar leibhéal feidhmíochta an líonra séarach. Nuair a chuirfear an tionscadal seo i gcrích, cabhróidh sé le feabhas a chur ar fheidhmíocht na líonraí dramhuisce, cosnóidh sé an comhshaol agus éascóidh sé forbairt shóisialta agus eacnamaíochta sna blianta atá romhainn. Cuireadh suirbhéireacht ar 'Séaraigh & Brainsí Ghleann na Bréagaí' i gcrích i mí Feabhra 2019 agus rinneadh múnlú hiodrálach ina dhiaidh sin. Cuireadh tús leis na príomhoibreacha suirbhéireachta i mí Aibreáin 2019 agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích iad go luath sa bhliain 2021.

### *Comhlaí Rialaithe Chathair Chill Chainnigh*

Suiteáladh dhá chomhla laghdaithe brú (CLB-anna) i mí na Samhna 2020 ar an bpríomh- chraobhphíobán a fhreastalaíonn ar Chathair Chill Chainnigh ó ghléasraí cóireála Choill an Treoigh go Baile Rád. Glacfaidh na CLB-anna sin a rialaítear go cianda agus a ghníomhachtaítear go hiodrálach ionad comhlaí scóigthe atá ann cheana féin chun laghdú a dhéanamh ar bhrúnna sa líonra i gcomhréir leis an sreabhadh trí na comhlaí, rud a fhágfaidh go mbeidh ardbhrúnna ann san oíche agus brúnna laghdaithe le linn tréimhsí móréilimh. Mar thoradh ar shuiteáil na gcomhlaí nua, beidh brú tairiseach síos an sruth ann sa chóras.

Tá tairbhí suntasacha oibríochtúla ag gabháil le suiteáil na CRB-anna agus ginfidh sí brúnna líonra de chineál níos cobhsaí agus, dá bharr sin, is dócha go laghdófar an líon réabthaí a bhíonn ann agus go bhfeabhsófar saolré sócmhainní.

Trí bhrúnna níos cobhsaí a ghiniúint laistigh de líonra Chill Chainnigh beifear in ann méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as bainistíocht brú agus déanfar difear díreach do na leibhéil sceite. Táthar á thuar gur féidir a bheith ag súil le sábhálacha i leith sceití sa raon 0.5 Ml sa lá (500m3/sa lá) nuair atá na hoibreachacríochnaithe.

Mar thoradh ar mhúnlú hiodrálach a rinne Uisce Éireann, thángthas ar an gconclúid go gcumasódh ionadú na gcomhlaí scóigthe láithreacha leis na CLB-anna don líonra láithreach fónamh don fhorbairt bheartaithe sa Cheantar Thiar tríd an mbonneagar láithreach móide príomhphíobáin cheangail áitiúla a leagan mar chuid dena forbairtí.



## *An Clár Uisce Tuaithe*

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an tÚdarás Maoirseachta i leith soláthairtí uisce poiblí. Is í Comhairle Contae Chill Chainnigh an tÚdarás Maoirseachta i leith soláthairtí uisce príobháideacha i gContae Chill Chainnigh a thagann faoi réim na Rialachán maidir le hUisce Óil. Tá 144 Soláthar Phríobháideacha bheaga (SPB-anna) ann, ina gcuimsítear scoileanna, áitribh bhia agus eastáit tithíochta tuaithe de ghnáth.

Déanann an Chomhairle bainistíocht ar Dheontais Rialtais a cheadaítear faoin gClár Uisce Tuaithe le haghaidh grúpscéimeanna uisce agus dramhuisce, agus leithroinneann an Chomhairle na deontais sin, agus, chomh maith leis sin, déanann an Chomhairle an bhainistíocht agus an leithroinnt sin i ndáil le toibreacha príobháideacha.

- 195 Ghrúpscéim Uisce i gContae Chill Chainnigh
- Freastalaítear ar 125 cinn as foinsí dílse
- Freastalaítear ar 70 ceann as príomhphíobáin phoiblí
- Íocadh suim €433,566 le Grúpscéimeanna i bhfoirm Fóirdheontais Ghrúpa i gcomhair costais reatha oibríochtúla Scéimeanna Uisce
- Ceadaíodh 187 n-iarratas ar dheontas chun toibreacha a sholáthar do thithe príobháideacha
- Íocadh €257,510 i bhfoirm deontas do thoibreacha
- Ghlac Uisce Éireann GSU Ghleann na Fuinseoige, Bhaile Dhónaill & An Liagáin faoi chúram

I rith na bliana dúshlánaí faoi thrácht (de bharr Covid 19), níor cuireadh tús le roinnt tionscadal a bhí beartaithe don bhliain 2020 faoin gClár Uisce Tuaithe ach d'íoc an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil €341,799 le Comhairle Chontae Chill Chainnigh le haghaidh oibreacha ar leith.

**Áirítear na nithe seo a leanas i measc na n-oibreacha sin:**

- €66,802 le haghaidh Cosaint Foinsí
- €106,211 le haghaidh Uasghráduithe Cóireála agus Tionscadail Chuíchóiriúcháin/ Chomhnascacháin
- €163,215 le haghaidh athsholáthar príomhphíobán, caomhnú uisce agus méadrúcháin
- €5,571 le haghaidh GSU a ghlacadh faoi chúram ag Uisce Éireann



*GSU Chill Rí/Áth Stúin - Oibreacha Cosanta Foinse*

## *Scéimeanna Faoisimh Tuile*

As measc na sé (6) Scéim Faoisimh Tuile ar fad son chontae, cuireadh an chéad dá (2) cheann ar aghaidhsa bhliain 2020:

**Scéim Faoisimh Tuile Bhaile Héil - €430,000**
Shínigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh conradh le DBFL Consulting Engineers i Márta 2020 chun Scéim Faoisimh Tuile Bhaile Héil a chur ar aghaidh i gcomhpháirtíocht lenár n-údarás maoiniúcháin, is é sin le rá, Oifig na nOibreacha Poiblí.

Rachaidh gach tionscadal ar leith trí na 5 Chéim seo a leanas:

- **Céim 1:** Measúnacht ar Roghanna agus Forbairt agus Dearadh na Scéime
- **Céim 2:** Pleanáil/Taispeáint Phoiblí
- **Céim 3:** Dearadh Mionsonraithe agus Tairiscint
- **Céim 4:** Tógáil
- **Céim 5:** Na hOibreacha a Chur i gCrích

Cuireadh tús le Céim 1 den tionscadal i Márta 2020 agus tá sé le críochnú i mí Iúil 2021 trí mheasúnacht iomlán Hidreolaíoch & Hiodrálach a dhéanamh ar Abhainn Bhaile Héil. Cuireadh suirbhéireacht iomlán topagrafaíochta agus roinnt Suirbhéireachtaí Comhshaoil i gcrích i Ráithe 3 den bhliain 2020. Ina theanntasin, ullmhófar TMTT le haghaidh Chéim 1.


Seoladh comhairliúchán poiblí ar líne trí thairseach consult.kilkenny i mBealtaine 2020 nuair a iarradh ardhaoine den phobal a dtuairimí agus a mbarúlacha a thíolacadh.

**Scéim Faoisimh Tuile Ghráig na Manach - €9.06 Milliún**
Ina cáil mar údarás ceannais, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Cheatharlach, shínigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus Oifig na nOibreacha Poiblí conradh le Byrne Looby & Partners i Márta 2020 chun Scéim Faoisimh Tuile do Ghráig na Manachagus do Thigh na hInse a chur ar aghaidh agus a chur i bhfeidhm.

Tá cúig (5) chéim ann sa tionscadal agus tá Scéim Faoisimh Tuile Ghráig na Manach ag Céim 1 faoi láthair. Cuireadh tús le Céim 1 i Márta 2020 agus tá sé le cur i gcrích i mí na Samhna 2021. Is é atá i gceist leis an gCéim seo ná Measúnacht Hidreolaíocht & Hiodrálach a chur i gcrích ar an mBearú agus ar an Dubhuisce ar aon. Beidh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) ann mar chuid de Chéim 1. Osclaíodh sainláithreán gréasáin don tionscadal i Ráithe 2 den bhliain 2020. Tá daoine den phobal in ann féachaint ar na doiciméid go léir a bhaineann leis an tionscadal seo.



*Síniú an Chonartha le Byrne Looby & Partners i Márta 2020*



# AN STIÚRTHÓIREACHT TITHÍOCHTA, POBAIL & SEIRBHÍSÍ CULTÚIR

**Stiúrthóir Seirbhísí: Máire S. Uí Mhaolchallann**

# TITHÍOCHT

## *TITHÍOCHT & CÓIRÍOCHT*

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht Tithíochta raon leathan seirbhísí d'iarratasóirí agus do thionóntaí chun soláthar cóiríochta de chineál neamhspleách agus faoi thacaíocht a éascú agus chun tacaíocht a thabhairt ina leith sin. Baintear an méid sin amach trí thacaíochtaí éagsúla tithíochta sóisialta a bhíonn á dtairiscint ag an Údarás Tithíochta, agus ag Grúpaí Deonacha agus ag an Earnáil Phríobháideach. Is seirbhís chliant- bhunaithe í soláthar tacaíochta tithíochta agus bíonn gá le dlúth-theagmháil le teaghlaigh agus le daoine aonair ina leith. I rith na bliana 2020, bhí dúshláin mhóra ann maidir le soláthar seirbhísí mar gheall ar Phaindéim Covid 19. Le tacaíocht ón bpobal, agus mar thoradh ar dhíograis na foirne tithíochta coimeádadh na seirbhísí riachtanacha go léir ar bun ar fud na bliana 2020.

## *An Clár Caipitiúil Tithíochta 2020*

Sa bhliain 2020, soláthraíodh 102 theach cónaithe nuathógtha ar fud Chill Chainnigh: bhí 30 teach acu sin suite i gCathair Chill Chainnigh agus bhí 72 cheann acu suite i suíomhanna ar fud an Chontae, lena n- áirítear Callainn, Baile an Phoill agus Port an Chalaidh. Cuireadh na tithe sin ar fáil faoi chlár soláthair tithíochta 'Atógáil Éireann'. Faoin gclár sin, tá sé mar aidhm ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh 600 teach cónaithe a sholáthar trí thithe a thógáil, a léasú agus a fháil ar bhealaí eile i rith na tréimhse ó 2018 go 2021. Cé nár soláthraíodh an oiread tithíochta a rabhthas ag súil leis sa bhliain 2020 de bharr dúnadh láithreán tógála, rinneadh láithreáin údaráis áitiúil agus Comhlachta Tithíochta Ceadaithe a ainmniú mar oibreacha riachtanacha, nuair a bhí sé sin indéanta, chun soláthar na tithíochta a bhaint amach a luaithe ab fhéidir sa bhliain 2021.

| Aschur Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i leith Soláthar Tithíochta Sóisialta sa bhliain 2020 | | | |
|---|---|---|---|
| **Tógáil** | Tógáil Nua ÚÁ | 63 | 95 |
| | Tógáil Nua ÚÁ | 28 | |
| | Cuid V - Tógáil Nua | 4 | |
| **Fáil** | Fáil ag ÚÁ | 21 | 63 |
| | Fáil ag CTC/Fáil SLAC | 42 | |
| **Léasú** | Léasú | 25 | 25 |
| | | **Tógáil/Léasú/Fáil Iomlán** | **183** |

**Meascán tithe 1, 2, 3 agus 4 sheomra codlata** *faoin gClár Soláthair Chaipitiúil*

**38 Aonad i bPáirc Hoban, Bóltan, Callainn**




*Ceann de na chéad scéimeanna cónaitheacha tógála Fuinnimh Neas-Nialasaigh a tógadh in Éirinn le rátáil RFF A2 agus A3*

## 17 nAonad i bPlás na Bréagaí, Baile an Phoill



Aonaid chríochnaithe i bPlás na Bréagaí, Baile an Phoill



Grúptheaghais i gCloch an Bhródaigh,Baile Mhic Andáin, faoin gClár Díchuallachtaithe le haghaidh Áras Naomh Pádraig



Grúptheaghais sa Gharrán, Bearna na Gaoithe, Contae Chill Chainnigh CTC an Aoire Mhaith i gcomhar le Comhairle Chontae Chill Chainnigh



28 nAonad ar Bhóthar an Nuintis, Cill Chainnigh CTC Tithíochta Respond i gcomhar le Comhairle Chontae ChillChainnigh

## Scéim Ceannaigh & Athnuachana



Ionad Sláinte Bhearna na Gaoithe a iompú ina Aonad Tithíochta



Athfheistiú 47 Barrack Street, Caisleán an Chomair

## *Scéimeanna a bhí á dtógáil amhail ar an 31 Nollaig, 2020*

Bhí níos mó ná 8 láithreán, ina bhfuil 163 theach nua, á dtógáil ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh ar an 31 Nollaig, 2020, agus b'fhiú an conradh ina leith sin €38m. Tá na tithe sin á soláthar i gCaisleán an Chomair, i mBéal Átha Ragad, i Móin Choinn, i gCill Chainnigh, i g Cill Mhic Bhúith agus i suíomhanna eile. Bhí 54 theach eile críochnaithe i gCathair Chill Chainnigh agus i nGráig na Manach faoi dheireadh na bliana agus leithroinnfear do theaghlaigh iad go luath sa bhliain 2021.

## *Scéimeanna a bhí á Soláthar amhail ar an 31 Nollaig, 2020*

Bhí níos mó ná 222 theach breise ar 15 láithreán ag céimeanna éagsúla deartha, pleanála agus fála ag deireadh na bliana 2020. Áiríonn siad sin tionscadal atá le cur i gcrích ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe i mBaile Mhic Andáin, i gCathair Chill Chainnigh, i bPort anChalaidh, in Achadh Úr, i mBaile Sheáin agus in Áth na nUrlainn. Tá luach measta an chonartha i leith na láithreán sin níos mó ná €50m agus is ionann an tionscadal agus clár uaillmhianach soláthair tithíochta dár gcontae thar na cúig bliana atá romhainn. Leanaimid de bheith ag cur leis an soláthar sin ar bhonn seachtainiúil agus sin ag obair go dlúth le forbróirí, le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus le húinéirí maoine ar leithligh chun tuilleadh láithreán a fhorbairt ar mhaithe le tithíocht shóisialta a chur ar fáil. Tá sé shuíomh eile á mbreithniú i ndáil le forbairt fhéideartha.

## *An Clár maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil*

Mar chuid den Chlár reatha maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil don tréimhse ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2024, ar clár é a ghlac na Comhaltaí Tofa ar an 16 Meán Fómhair, 2019, tá sprioc ann i leith 66 scéim tithíochta a chur i gcrích do theaghlaigh Lucht Siúil suas go dtí Meitheamh 2024. Cuirfear na réitigh thithíochta sin i gcrích trí thógáil, trí fháil agus trí léasú. Déanfar tromlach na réiteach tithíochta atá ag teastáil a sholáthar mar chuid dár ngnáthchlár soláthair tithíochta ach méid níos lú a sholáthar mar chuid de thionscadail soláthair a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil. I rith na bliana 2020, rinneadh 24 thairiscint i leith cóiríochta do theaghlaigh Lucht Siúil i gCill Chainnigh agus críochnaíodh aonad tithíochta nuathógtha amháin le haghaidh an Lucht Siúil go sonrach.

## *Tithe Folmha*

I rith na bliana 2020, lean ár nOifigeach Tithe Folmha d'imscrúdú a dhéanamh ar thithe folmha ar fud Chathair agus Chontae Chill Chainnigh agus cuireadh tús le níos mó ná 15 thionscadal faoi na Scéimeanna 'Deisigh lena Léasú' & 'Ceannach agus Athnuachan' mar thoradh díreach ar chonradh le húinéir na maoine a bhí i gceist. Trí thithe folmha agus láithreáin atá ar fáil agus ar a bhfuil tithe den sórt sin a shainaithint, tá tionscadail á bhforbairt chun tithíocht inmharthana a sholáthar laistigh de bhailte agus de shráidbhailte, Mar thoradh ar obair na Meithle Tithe Folmha i mBaile Sheáin, tá forbairt tithíochta ar siúl ina bhfuil níos mó ná deich dteach. Mar thoradh ar thacaíocht mhéadaithe d'úinéirí maoine, tháinig méadú ar an líon iarratas ar dheisiú agus léasú maoine tearcúsáidte i lár bailte agus tá an obair sin thar a bheith tábhachtach i dtaca le hathghiniúint ceantar i lár bailte.

I rith na bliana 2020, eisíodh níos mó ná 10 nOrdú Ceannaigh Éigeantaigh i leith maoin chónaitheach fholamh nó thearcúsáidte agus déanfar méadú ar an obair sin i rith na bliana 2021 chun tacú tuilleadh le hathghiniúint pobal agus le hathbheochan sráideanna agus ceantar i lár bailte, i gcás ina bhfuil sé sin indéanta. Tá cuid mhór de na láithreáin sin casta agus cosanta agus tairgeann an tOifigeach Tithe Folmha tacaíocht d'úinéirí chun conairí i dtreo athúsáid chónaitheach a shainaithint.

## *An Scéim Cóiríochta ar Cíos [SCC] & an Íocaíocht Chúnaimh Tithíochta [ÍCT]*

Leanann an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh i ndáil le maoin phríobháideach inacmhainne ar cíos a fháil faoi Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT). Sa bhliain 2020, tharla méadú mór ar iarrataí ar thacaíocht faoin scéim sin ós rud é go raibh tionchar díreach á imirt ag Covid 19 ar ioncaim theaghlaigh. Chabhraigh baill foirne tithíochta le 854 thionóntacht ÍCT i rith na bliana 2020 lena chinntiú gur coimeádadh ar bun.

Faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos (SCC), tugadh cúnamh do 466 dteaghlach chun tionóntachtaí a áirithiú agus a choimeád ar bun trí oibriú go díreach le tiarnaí talún faoin scéim seo.

## *Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean 2019*

Tá méadú déanta ag an Mheitheal Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean ar an mbéim ar Aimsitheoir Áite do Dhaoine Gan Dídean, ar Chosc ar Easpa Dídine agus ar Sheirbhísí Tacaíochta. I rith na bliana 2020, tarraingíodh ár n-aird ar 252 dhuine gan dídean. Maidir le 121 chás acu sin, cuireadh cosc ar tarlú easpa dídine trí gan dídean trí idirghabhálacha a rinne an Mheitheal Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean.

Soláthraíodh cóiríocht éigeandála i leith 88 gcás eile agus, maidir le 43 cinn eile, níor soláthraíodh cóiríocht éigeandála dóibh nó níor bhain siad leas as na seirbhísí a tairgeadh. Mar thoradh ar ról méadaitheach an choiscthe agus na hidirghabhála i dtaca le seirbhísí easpa dídine de, tá laghdú suntasach tagtha ar an líon daoine a bhfuil gá acu le seirbhísí éigeandála, rud a fhágann go mbíonn torthaí níos fearr ann dóibh siad a dtarlaíonn staideanna géarchéime dóibh.

D'aimsigh ár seirbhís Aimsitheora Áite 48 dtionóntacht nua do dhaoine gan dídean nó i mbaol a bheith gan dídean i rith na bliana 2020. Cé go leanann daoine aonair agus teaghlaigh de theacht chun bheith gan dídean, tá ag éirí lenár seirbhís

tithíochta malairtí maithe ar chóiríocht éigeandála a sholáthar. Ní an laghdú ar an líon daoine i seirbhísí éigeandála ann mar thoradh ar laghdú ar na daoine atá ag teacht chun cinn mar dhaoine gan dídean ach tá sé ann mar thoradh ar sheirbhísí feabhsaithe coiscthe agus tacaíochta.

### *An Straitéis maidir le Míchumas*

Tháinig an Grúpa Stiúrtha Tithíochta & Míchumais le chéile 4 huaire i rith na bliana 2020.

**Seo a leanas saincheisteanna a pléadh:**

- Díchuallachtú Áras Naomh Pádraig
- Tionscadal Aistrithe Meabhairshláinte
- Soláthar Tithíochta/Scéimeanna Caipitiúla
- Tacaíocht i leith Spriocanna Tionóntachta agus Téarnaimh (TST&T)
- Athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta maidir le Míchumas
- Leithroinntí & Measúnachtaí
- Foirm Iarratais Liachta Athbhreithnithe
- Maireachtáil Neamhspleách

Rinneadh dul chun cinn maith maidir le díchuallachtú Áras Naomh Pádraig i rith na bliana 2020 agus athlonnaíodh na cónaitheoirí go léir ar ais i gcóiríocht de chineál pobail. Is é a bhí i gceist leis an gclár díchuallachtaithe ó Áras Naomh Pádraig ná athlonnú níos mó ná 85 chliant chuig 36 áitreabh a chuir Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ar fáil agus bhí aonaid phríobháideacha ar cíos ina measc freisin. Mar thionscadal comhoibríoch idirghníomhaireachta, cuireadh i gcrích é go rathúil laistigh d'amscála an-ghearr agus ba éacht mhór é i rith na mblianta 2019 agus 2020.

### *Measúnú Riachtanas*

Críochnaíodh an Tuarascáil Achomair ar Mheasúnacht na Riachtanas Tithíochta agus ba é a bhí sa líon iarratas ceadaithe (Glanriachtanas) ar ár Liosta Feithimh Tithíochta ar an 30 Samhain, 2020, ná 836. (Ní áiríonn an figiúr Glanriachtanais aistrithe, SCC ná ÍCT). Sa bhliain 2020, tháinig méadú mórar an líon iarratas ar thacaíocht tithíochta agus measúnaíodh 331 iarratas i rith na bliana.

### *An Liosta Tithíochta*

**Ba é a bhí san oll-Éileamh ar Thithíocht ar an 31 Nollaig 2020 ná 1899 tá anailís chomparáideach, i gcomhthéacs blianta roimhe seo, le fáil anseo thíos:**

| Bliain | An Líon Daoine ar an Liosta Tithíochta |
|---|---|
| Nollaig 2020 | **1,899** |
| Nollaig 2019 | **1,999** |
| Nollaig 2018 | **2,070** |
| Nollaig 2017 | **2,180** |
| Nollaig 2016 | **2,059** |
| Nollaig 2015 | **2,744** |

| Bliain | An Líon Daoine ar an Liosta Tithíochta |
|---|---|
| Nollaig 2014 | **2,456** |
| Nollaig 2013 | **2,144** |
| Nollaig 2012 | **3,688** |
| Nollaig 2011 | **3,118** |
| Nollaig 2010 | **2,876** |

### *Leithroinntí Tithíochta*

Mar thoradh ar shrianta Covid 19, cuireadh moill ar leithroinntí tithíochta nua ar feadh tamaill sa bhliain 2020 agus, i gcuid mhór cásanna, cuireadh moill orthu ó tharla go raibh deacrachtaí ag teaghlaigh i ndáil le hítimí teaghlaigh a fháil dá dtithe nua.

| | Comhairle Chontae Chill Chainnigh | % | Comhlacht Tithíochta Ceadaithe | % |
|---|---|---|---|---|
| **Leithroinntí a Tairgeadh** | 201 | | 208 | |
| **Tairiscintí ar glacadh leo** | 134 | **67%** | 110 | **53%** |
| **Tairiscintí ar diúltaíodh dóibh** | 48 | **24%** | 45 | **22%** |
| **Cinntí Ar Feitheamh** | 19 | **9%** | 53 | **25%** |

Sa bhliain 2020, tairgeadh 409 dtionóntacht d'Iarratasóirí ceadaithe ar Thithíocht Shóisialta.

## Iompar Frithshóisialta

Bhí méadú mór ar an líon tuairiscí faoi iompar frithshóisialta i rith na bliana 2020 agus bhí cuid mhór teaghlach thíos leis na strusanna a bhain le staideanna dianghlasála. Déileálann ár Meitheal Idirchaidrimh le Tionóntaí le gach tuairisc faoi iompar frithshóisialta. Ghlac Comhaltaí Tofa Comhairle Chontae Chill Chainnigh Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta i mí na Nollag 2020. Is ionann an straitéis sin agus creat réamhghníomach chun cosc a chur ar iompar frithshóisialta, agus chun aghaidh a thabhairt air, nuair a tharlaíonn sé.

Is é atá i gceist leis an gcreat ná gníomhartha idirghníomhaireachta chun saincheisteanna tromaí a thagann chun cinn a chomhrac agus, mar thoradh air, beidh ról gníomhach ag Comhaltaí Tofa an Údaráis Áitiúil i ndáil le faireachán a dhéanamh ar iompar frithshóisialta agus i ndáil lena chinntiú go ndéantar na bearta cuí ina leith. Fuarthas 658 ngearán sa bhliain 2020 agus léiríonn an figiúr sin méadú 230 i gcomparáid leis an mbliain 2019. Tá dúshláin ollmhóra ann dár mbaill foirne dá bharr sin i dtaca le déileáil le nithe faoi shrianta Covid-19. Déantar gach gearán a imscrúdú go hiomlán agus go cothrom agus tá tiomantas ann i leith beart forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair nach ndéantar feabhsuithe.

## An Stoc Tithíochta a Chothabháil

De bharr shrianta Covid 19, bhí oibreacha cothabhála tithíochta teoranta do dheisiúcháin riachtanacha. Fuarthas 5,341 ghlao chun déileáil le 6,612 dheisiúchán. I gás ina raibh sé indéanta agus cuí déanamh amhlaidh, rinne ár mbaill foirne deisiúcháin, lena n-áirítear 4,305 ítim, ar figiúr é sin atá in ionannas 76% de na glaonna ar fad ar dheisiúcháin. Bhí sábháilteacht tionóntaí agus ball foirne thar a bheith tábhachtach i rith na bliana agus más rud é gur cuireadh saincheisteanna cothabhála siar déanfar iad a athbhreithniú nuair atá deireadh le srianta Covid 19.

Sa bhliain 2020, leathnaíodh 4 maoin ar chostas €153,185 agus fuarthas leithroinnt €131,867 ón Roinn.

## Maoin Fholamh

Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh leithroinnt €725,366 i rith na bliana 2020 chun oibreacha a dhéanamh ar mhaoin fholamh chun iad a chur á n-úsáid arís a luaithe ab fhéidir. Athfheistíodh 74 mhír maoine faoi chlár na maoine foilmhe.

## An Clár Aisfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh

Uasghradaíodh 12 aonad faoin gClár Athfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh ar chostas €266,197. Cuireadh leithroinnt €227,828 ar fáil do Comhairle Chontae Chill Chainnigh le haghaidh na n-oibreacha uasghrádaithe insliúcháin agus uasghrádaithe fuinnimh sin.

## Iasachtaí Tithíochta & an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí

I rith na bliana 2020, cuireadh Tithe Inacmhainne ar fáil lena gceannach i gCallainn faoin Scéim Ceannaigh Incrimintigh. Díoladh trí mhír maoine faoin scéim sin. Díoladh seacht dteach eile faoin Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí.

Fuarthas 57 Iarratas Pleanála Áitiúla
Ceadaíodh 17 Iasacht [Luach €2.4m]
Íocadh 20 Iasacht [Luach €2.9m]
€145K a bhí i Meánluach Iasachtaí a Íocadh

## Morgáiste go Cíos

Is scéim rialtais í an Scéim 'Morgáiste go Cíos' chun cabhrú le húinéirí tí atá i mbaol a dtithe a chailliúint de bharr riaráistí morgáiste. Ligeann an scéim d'úinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu athrú a dhéanamh ó úinéireacht a bheith acu ar an teach go dtí an teach a bheith ar cíos acu mar thionónta tithíochta sóisialta. Riarann an t-údarás áitiúil an scéim agus is fíor-rogha í maidir le cabhrú le teaghlaigh a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu a dtithe cónaithe a choimeád. Sa bhliain 2020, chabhraigh ár meitheal tithíochta le 22 theaghlach fanacht ina dteach cónaithe faoin scéim seo.

## *Deontais do Thithíocht Phríobháideach*

| Deontais a Íocadh suas go dtí an 31 Nollaig 2020 | | |
|---|---|---|
| **Scéim** | **No.** | **Amount** |
| DOT - Deontas Oiriúnaithe Tithíochta | 81 | €862,879 |
| DCS - Deontas Cúnaimh Soghluaisteachta | 34 | €127,169 |
| CTDS - Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta | 87 | €452,864 |
| **Iomlán** | **202** | **€1,442,912** |

**Seo a leanas roinnt dúshlán a bhain le Covid-19 a mhéid a bhaineann le Deontais Tithíochta sa bhliain 2020:**

- Bhí formhór na n-iarratasóirí ar dheontais scothaosta nó an-tinn agus bhí comhairle tugtha dóibh cocúnáll a dhéanamh.
- Ní raibh conraitheoirí in ann oibreacha a dhéanamh, ábhair a fhoinsiú ná meastacháin a sholáthar le linn srianta a bheith i bhfeidhm.
- B'éigean do chonraitheoirí moill a chur ar thosú oibreacha ó tharla nach raibh siad in ann dul isteach i dteach an iarratasóra.
- Ní raibh Teiripithe Ceirde in ann measúnachtaí a dhéanamh le linn tréimhsí luatha ina raibhsrianta i bhfeidhm. Thosaigh siad ag obair arís ach ní mór dóibh déanamh de réir shrianta/ threoirlínte FSS.
- Lean an Roinn Tithíochta d'iarratais a phróiseáil. I gcás ina raibh sé sin indéanta, rinne foireann Theicniúil Tithíochta measúnachtaí bairr deisce ós rud é nach rabhthas in ann iniúchtaí láithreáin a dhéanamh.

# AOISBHÁ

Is é atá i gComhghuaillíocht Aoisbhá Chill Chainnigh ná comhpháirtíocht deonach ilghníomhaireachta a oibríonn go dlúth le daoine scothaosta i gCill Chainnigh. Tagann an Chomhghuaillíocht le chéile go tráthrialta ar fud na bliana agus tá freagracht uirthi i ndáil le forbairt agus cur i bhfeidhm Straitéis Aoisbhá Chill Chainnigh 2017-2022.

Is í Collette Uí Bhroin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chill Chainnigh, cathaoirleach na Comhghuaillíochta faoi láthair. Tá roinnt eagraíochtaí ina mbaill den Chomhghuaillíocht amhail FSS, an Garda Síochána, Aoisbhá Éireann, Comhpháirtíocht Leader, an Comhlachas Tráchtála, ComhpháirtíochtSpóirt Chill Chainnigh agus Comhairle Sheanóirí Chill Chainnigh.

### *Comhairle Chontae Chill Chainnigh*

- Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil Aoisbhá ar líne agus scaipeadh an Tuarascáil sin.
- D'fhorbair an Grúpa Náisiúnta Aoisbhá láithreán gréasáin nua agus chuir Comhairle Chontae Chill Chainnigh faisnéis faoi chúrsaí áitiúla ar fáil ar thairseach Chill Chainnigh.
- Rinneadh bealaí siúil, soilsiúchán oiriúnach, suíocháin aoisbháúla agus giomnáisiamaí allamuigh a sholáthar i mbailte/sráidbhailte.
- Thíolaic an Chomhairle iarratais ar dheontais le haghaidh tionscnaimh aoisbháúla athnuachana bailte & sráidbhailte.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le Stáisiún Traenach Aoisbháúil a dhéanamh de Stáisiún Mhic Donncha.
- Fuarthas maoiniúchán deontais chun táibléid a cheannach lena n-úsáid in dTithe Altranais.
- Rinneadh maoiniúchán a fuarthas faoin bhfeachtas 'Go dTé Tú Slán' a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí comhoibríocha aoisbháúla - cláir raidió, tacaíocht dhigiteach do dhaoine scothaosta i dTithe Altranais agus ábhar bolscaireachta aoisbháúil.
- Faoin Tionscamh Náisiúnta Cruthaitheachta, chuir an Chomhairle Dhearaidh agus Ceardaíochta clár náisiúnta i bhfeidhm ar tríd a d'fhéadfadh gach duine páirt a ghlacadh i dtionscadail éagsúla ceardaíochta.
- D'eagraigh Éire Ildánach ceolchoirmeacha do Theaghaisí Cúraim/d'Ospidéil sa Chontae.

### *Seirbhís Leabharlainne Chontae Chill Chainnigh*

- Leathadh clár Bhealtaine ar fud na bliana.
- Bunaíodh seirbhís leabharlainne 'ó dhoras go doras', cuireadh an tseirbhís 'áirithigh agus brabhsáil' i bhfeidhm.
- Lainseáladh tionscnaimh Folláine Pobail, lena n-áirítear sraith Físeán Aireachais, Raidió Fíorúil, clubanna leabhar agus closchainteanna ar líne/ podchraoladh faoi stair áitiúil.

### *Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chill Chainnigh*

- Eagraíodh ranganna gníomhaíochta ar fud an Chontae - Aeróbaic Uisce, Ranganna Snámha d'Aosaigh Scothaosta, Pilates agus Cleachtaí Cathaoir-Bhunaithe, Ranganna Gníomhaíochta d'Aosaigh Scothaosta, clár cleachta ExWell etc, ag brath ar shrianta COVID.
- Soláthraíodh sraith clár - Siúlóidí Oíche Luain, Rothaíocht do Gach Aoisghrúpa, Giomnáisiam & Clár Nua 'Gníomhach ar son na Beatha', Cluichí ar son na Beatha & an tSeachtain Rothaíochta & clár píolótach 'Fir ag Feidhmiú'.
- Scaipeadh leabhrán acmhainní agus cleachtaí chun cabhrú le daoine scothaosta/daoine faoi mhíchumasi rith na dianghlasála.
- Eagraíodh málaí gníomhaíochta do Thithe Altranais, stionsail do Chlóis Scoile agus cuireadh cláir i bhfeidhm in áiteanna oibre.
- Forbraíodh clár idirghlúine le tacaíocht ó CDS agus CLCC.

### *An Garda Síochána*

- Ionad coireachta/Cúnamh pobail ar Raidió Pobail Chill Chainnigh, leathuair an chloig gach seachtain.
- Rannpháirtíocht Póilíneachta Áitiúla, Oibríocht Tithe Sábháilte agus Oifig Rannpháirtíochta Íospartach & Pobail i bhfeidhm ag tús na bliana.
- Cuireadh tús le hAireachas Ospidéil i mí Feabhra
- Cuireadh tús le clár ilchuairte i gceantar nach bhfuil stáisiún Garda ann i mí Eanáir ach b'éigean cur isteach air mar gheall ar Covid.
- Le cabhair ó FSS, tiomsaíodh liosta daoine leochaileacha i gcomhair freagairt éigeandála.
- Thug Gardaí cúnamh don phobal le linn na paindéime trí earraí grósaeireachta a sheachadadh, trí oidis a bhailiú agus trí chúnamh a sholáthar nuair ba ghá sin a dhéanamh.
- Tá teagmháil leis an bPobal agus le Gnóthaí ar siúl go leanúnach de réir mar a athosclaítear agus a dhúntar áiteanna le linn na paindéime.

### *Fóram Sheanóirí Chill Chainnigh*

- Seoladh CGB ar an 5 Feabhra agus bhí os cionn 50 duine i láthair.
- D'oibrigh CDS le Alone chun seirbhís teileafóin caradaithe a sholáthar i gCill Chainnigh.
- Forléargas ar ghníomhaíochtaí Alone i gCill Chainnigh - 78 nOibrí Dheonacha, 420 glao gach seachtainar dhaoine scothaosta.
- Rannchuidigh CDS leis an straitéis maidir le haosú dearfach agus le CCCDS - cúram comhtháite do

dhaoine scothaosta.

- Luadh éachtaí na bliana sa tuarascáil bhliantúil.
- Lainseáladh cláir i leith Táibléid Acorn chun cabhrú le daoine déileáil le leithlisiú sóisialta le linn na paindéime, tugadh oiliúint agus chuathas i dteagmháil le ICA agus AR chun acmhainní a chur chun cinn.
- Bhog CDS amach as a hoifigí in Acomhal Mhic Dhonncha agus tá áitreabh á chomhroinnt aici in éineachtleis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.
- D'iarr Comhordaitheoir Éire Sláintiúil Chill Chainnigh ar CDS páirt a ghlacadh i suirbhé iompair.
- Ghlac CDS i bhfoghrúpa Fheachtas 'Go dTé Tú Slán' 'bí gníomhach agus bíodh caidreamh agat). Bhíothas i dteagmháil le RÁCCC i ndáil le seo raidió spraíúil/ardaithe meanman do dhaoine scothaosta ar feadh 12 sheachtain agus fuarthas maoiniúchán ina leith sin ó Comhairle Chontae Chill Chainnigh.

### *Comhpháirtíocht Leader Chill Chainnigh*

- Leanadh ar aghaidh le Cláir Chúnaimh Tithíochta agus cuireadh isteach air mar thoradh ar an bpaindéim.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le ceannach Scáthlán Bus FFA (Faisnéis Fíor-Ama).
- Lorgaíodh maoiniúchán chun rothaíocht a fhorbairt i gCill Chainnigh.
- Mhaoinigh Leader staidéar ar theaghaisí cúraim pobail chun scrúdú a dhéanamh ar an maoiniúchán agusar an tacaíocht a sholáthraítear.
- Lainseáladh staidéar féidearthachta maidir leis an gCaifé Géarchéime i mí an Mhárta agus ceapadh coiste.
- Athlonnaíodh 10 mball foirne chuig Alone chun cabhrú leis an líne chabhrach le linn teagmhais ghéarchéime
- Oibríodh in éineacht le Seideanna na bhFear ar fhoirgneamh nua sa Pháirc Nua, Cill Chainnigh.
- Leanadh de thacaíocht a thabhairt do roinnt Grúpaí Pobail/Fiontar Sóisialta - Raidió Pobail, Iontaobhas Cathartha Chill Chainnigh, Soilsiúchán Féilte ar an bParáid agus in Áth na nUrlainn, Teilgeoirí do Bheochan Chill Chainnigh/Amharclann Gheata an Uisce (Watergate), tionscadail áineasa agus taitneamhachta agus ranganna cócaireachta ar líne.

### *Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*

- Rinneadh cigireachtaí ÚFCS i dteaghaisí cónaitheacha.
- Rinneadh laghdú ar aoisphróifíl na Seirbhíse Éigeandála Leigheasra Seanliachta go 70 Leanúint den bhrú chun é a laghdú go 65.
- Earcaíodh Oifigeach Liachta le haghaidh teaghaisí cónaitheacha Naomh Cholmán agus an Chroí Naofa
- Tá an bealach bus go dtí an t-ospidéal ag obair go maith agus ní úsáidtear é mar limistéar tuirlingthe.
- Forbraíodh suíocháin bhreise agus cathaoireacha rothaí breise san Ospidéal.
- Soláthraíodh 2 spás páirceála aoisbhháúla ag an mbealach isteach thuaidh chuig an Ospidéal.
- Pas Náisiúnta Othair - do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas.
- Is léir go bhfuil físphóstaeir faisnéise cuiditheach do dhaoine scothaosta agus do dhaoine a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu.
- Clinicí fíorúla a sholáthar do dhaoine.
- Seoladh Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh ón 28 Meán Fómhair go dtí an 4 Deireadh Fómhair. Cainteanna ar shláinte.
- & folláine, faisnéis faoi chultúr agus éagsúlacht, scannáin maidir le Cothrom na Féinne, Aireachas, Éire Shláintiúil, sábháilteacht agus slándáil, feasacht ar néaltrú, oideasú sóisialta, scéalaíocht, dúshlán siúil 21 lá.
- Fostaíodh foireann bhreise sa teaghais chun tacaíocht a chur ar fáil i nDeireadh Fómhair/ Samhain agus imí na Nollag.

### *Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh*

- Tionscnaimh ghnó aoisbháúla.
- Tugadh tacaíocht i leith cló mór, suíochán do dhaoine scothaosta etc.
- Cuireadh Cill Chainnigh chun cinn mar cheann scríbe aoisbháúil.
- Rinneadh freastal ar an gCeardlann maidir le Gnó Aoisbháúil a d'eagraigh Aoisbhá Éireann.
- Fuair Plean Bhaile Aoisbháúil Bhaile Mhic Andáin 2019 moladh le linn Ghradaim Shármhaitheasa an Rialtais Áitiúil a reáchtáil Comhlachais Tráchtála na hÉireann.

### *Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh/ Cheatharlach*

- Soláthraíodh cúrsaí agus ranganna i rith na bliana agus aistríodh go formáid ar líne iMeán Fómhair. Chuir BOO cúrsaí ar fáil do dhaoine scothaosta maidir le húsáid teicneolaíochta - ríomhairí, ríomhairí glúine agus fóin phóca agus sheol na Leabharlanna an oiliúint trí zoom.

### *Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) Chill Chainnigh*

- Seoladh Cruinniú Bliantúil Iomlánach LRP ar líne ar an 26 Samhain, 2020.
- Faoin bhFeachtas 'Go dTé Tú Slán', tíolacadh iarratas ar mhaoiniúchán lehaghaidh thionscadal na dtáibléad.
- Lainseáil an Roinn lámhleabhar LRP ar an 19 Samhain, 2020.

# CÚRSAÍ POBAIL

## *COVID-19*

### Glao Pobail

Nuair a thosaigh COVID-19 go luath sa bhliain 2020, iarradh ar an gComhairle an "Glao Pobail" a chur ar bun. Ba é a bhí i gceist leis sin ná deasc chabhrach agus Fóram Pobail a chur ar bun. Cuireadh an deasc chabhrach i ngníomh ar an 27 Márta agus baill foirne de chuid na heagraíochta a d'fhreastail uirthi le linn na n-uaireanta oscailte ó 8 a.m go 8 p.m., seacht lá sa tseachtain. Thairg an t-ionad glaonna tacaíochtaí i ndáil le bailiú agus seachadadh breosla agus oideas liachta, seachadadh béilí, déileáil le riachtanais sláinte eile, agus tacaíochtaí agus foinse chaidrimh i ndáil le leithlisiú sóisialta. Le linn na tréimhse ba ghnóthaí a bhí ann, fuair an t-ionad glaonna tuairim is 350 go 400 fiosrú sa tseachtain agus bhain tromlach na nglaonna le bia, breosla agus oidis. Ina theannta sin, rinne foireann na deisce cabhrach teagmháil dhíreach le pinsinéirí Comhairle agus le tionóntaí tithíochta údaráis áitiúil os cionn 70 bliain d'aois. Fuair an líne chabhrach tacaíocht ón líon mór grúpaí deonacha a chláraigh leis an gComhairle agus chumasaigh sé sin soláthar cuid mhór seirbhísí do dhaoine scothaosta agus do dhaoine leochaileacha inár gContae. Fuair an Chomhairle ciste €69,797 chun cabhrú leis na grúpaí sin a bhí bainteach leis an nGlao Pobail agus dáileadh an t-airgead ar mhodh iarratais ar dheontais.

### An Fóram Pobail

Ag deireadh mhí an Mhárta 2020, iarradh ar na Príomhfheidhmeannaigh go léir Fóram Pobail a bhunú mar chuid de fhreagairt an Rialtais ar COVID-19. Ba é ba chuspóir don Fhóram ná freagairt chomhordaithe phobail a chinntiú agus a chumasú do gach gníomhaireacht dheonach agus reachtúil comhoibriú a dhéanamh chun tacú leis an bpobal, agus leis na daoine is leochailí ann, lena n-áirítear seachadadh tacaíochtaí spriocdhírithe cúraim shóisialta a chinntiú, athléimneacht seirbhísí pobail a bhí ann cheana féin a chinntiú, leas a bhaint as tairiscintí i leith cúnaimh ó fhiontair/ghnóthaí i gcoitinne agus faisnéis faoi sheirbhísí agus faoi ghrúpaí deonacha ar fud an chontae a bhailiú agus a mhapáil chun cabhrú le hiarrataí ar chúnamh a dhíriú sa treo ceart agus chun bearnaí i seirbhísí a shainaithint. Tá an Fóram comhdhéanta de 24 ionadaí ó roinnt gníomhaireachtaí stáit, amhail FSS agus An Garda Síochána agus ó ghrúpaí eile amhail ALONE, Faisnéis do Shaoránaigh, grúpaí reiligiúnacha etc. Tháinig Fóram Pobail Chill Chainnigh le chéile den chéad uair ar an 2 Aibreán, 2020, agus, i dtosachbháire, reáchtáladh cruinnithe coicísiúla agus, ina dhiaidh sin, reáchtáladh ar bhonn míosúil iad..

### Feachtas 'Go dTé Tú Slán'

Lainseáladh "Go dTé Tú Slán" i mí Dheireadh Fómhair 2020 mar chuid de Phlean Athléimneachta agus Téarnaimh an Rialtais 2020-2021 i leith Maireachtáil le COVID-19. Thíolaic an Chomhairle a bplean féinfaoin bhFeachtas "Go dTé Tú Slán". Faoin bhfeachtas sin, leithroinneadh €67,225 lena chaitheamh ar thrí théama de chuid an fheachtais, is é sin le rá, "Contae S'Agat Féin", "Sos a Ghlacadh agus Rud Cruthaitheach a Dhéanamh" agus "Bíodh Caidreamh Agat". I measc na dtionscnamh a bhí leagtha amach sa phlean áiríodh seó raidió dar teideal "The Tonic" a bhí dírithe ar dhaoine scothaosta sa daonra, ceannach táibléad chun tacaíocht dhigiteach do dhaoine scothaosta i dtithe altranais a chur chun cinn, feachtas 'ábhar léitheoireacht fiúntach' a sheol leabharlanna, ceardlanna scríbhneoireachta cruthaithí agus 'Diailigh Scéal'. Ní mór gach gníomh faoin bPlean a chur i gcrích faoi Mhí an Mhárta 2021. Ina theannta sin, fuair Cill Chainnigh tairbhe ó leithroinnt náisiúnta d'Aoisbhá Éireann chun ceolchoirmeacha cúraim COVID a sholáthar ar ceolchoirmeacha iad a bheadh ann sa bhliain 2021. Ba é Meaisín Ceoil Shoghluaiste a d'fhorbair an tionscnamh sin agus bhí tacaíocht tugtha ag Cill Chainnigh cheana féin i leith roinnt de na ceolchoirmeacha sin i dtithe altranais i gContae Chill Chainnigh sa bhliain 2020.

### Éire Ildánach

Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán €190,000 faoi chlár Éire Ildánach sa bhliain 2020 chun tacú le freagairt an Rialtais i leith COVID-19. Dhírigh an Chomhairle a tacaíocht ar ghníomhartha a bhí luaite sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Folláine Phobail, amhail "Diailigh Dán", "Milliún Réalta", tionscadal cniotála/cróiseála. Cuireadh tionscadail eile i gcrích i gcomhréir le pacáiste spreagtha mhí Iúil i.e. ceolchoirmeacha cúraim COVID, múrmhaisiú 'Ag Siúl i measc na Mac Tíre'.

## *Ionad Oibrithe Deonacha do Chill Chainnigh*

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniúchán ar fáil chun Ionad Oibrithe Deonacha a bhunú i gCill Chainnigh agus osclaíodh Ionad nua Oibrithe Deonacha in Acomhal Mhic Dhonncha (Oifig LRP), Cill Chainnigh, chun freastal ar limistéar iomlán Chontae Chill Chainnigh. Is carthanas cláraithe é Ionad Oibrithe Deonacha Chill Chainnigh agus is cuid é de líonra 29 nIonad Oibrithe Deonacha ar fud na tíre agus tá sé cleamhnaithe le Comhairle Oibrithe Deonacha na hÉireann. Is seirbhís ionaid ilfheidhme atá ann le haghaidh riachtanais uile na n-oibrithe deonacha go léir sa Chontae.

Maidir le daoine ar mian leo obair dheonach a dhéanamh, nó maidir le heagraíochtaí agus grúpaí a bhfuil oibrithe deonacha á lorg acu, is féidir le hIonad Oibrithe Deonacha Chill Chainnigh cabhrú leo teacht ar dheis oiriúnach d'oibrithe deonacha ina gcomharsanacht trí seirbhís meaitseála saor in aisce a sholáthar d'oibrithe deonacha agus d'eagraíochtaí/ghrúpaí. Beidh Bainisteoir ann ó Eanáir 2021.

## *Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) Chill Chainnigh*

Leanann an Chomhairle de thacaíocht agus acmhainní a thabhairt do LRP Chill Chainnigh. Trí chistí a sholáthar chun foireann a fhostú agus cóiríocht oifige a chur ar fáil. Sa bhliain 2020, bhog an LRP amach as a áitreabh i Sráid na Parlaiminte go hAonad 1 Teach Hebron, Acomhal Mhic Dhonncha, Cill Chainnigh.

## *An Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte 2020*

Fuair Comhairle Chontae Chill Chainnigh maoiniúchán €461,200 i leith 16 iarratas faoi Scéim na mBeart Luathaithe Bailte agus Sráidbhailte le haghaidh tionscadal i gCaisleán an Chomair, in Inis Tíog, i gCallainn, i nGráig na Manach, i gCill Mhic Bhúith, i Móin Choinn, i Muileann an Bhata, i mBaile Héil, in Achadh Úr, i mBaile an Phoill, i gCill Chainnigh, i mBailte Dúiche agus ar fud an chontae. Tíolacadh 10 n-iarratas eile faoin ngnáth-Scéim Bailte & Sráidbhailte agus ceadaíodh cúig cinn díobh sin go luath sa bhliain 2021 (agus luach €574,826 iontu) le haghaidh tionscadal in Áth Stúin, i mBaile Mhic Andáin, in Achadh Úr, i mBaile Hugúin agus i gCill Mhic Bhúith. Chuir an Chomhairle tionscadail i gcrích in Inis Tíog agus i mBaile Héil go Cnoc an Tóchair.



*Carrchlós a críochnaíodh ag an Margadh Móna, Gráig naManach (roimh na hoibreacha agus ina ndiaidh) faoi na Bearta Luathaithe Bailte & Sráidbhailte.*




## *An Scéim Chaipitiúil i leith Saoráidí Pobail agus Cultúir (SCSPC) 2020*

Sa bhliain 2020, críochnaíodh fálú agus obair ar fhálta ar imeall na dtailte nua ag Club Sacair Cheiltigh Mhóin Choinn. Níor tugadh aon deontais sa bhliain 2020.



## *Straitéis Chill Chainnigh maidir le Lánpháirtiú Imirceach/Fóram Lánpháirtíochta Chill Chainnigh*

I Márta 2020, i gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh agus Líonra Rannpháirtíochta Chill Chainnigh, chuir Comhairle Chontae Chill Chainnigh tús le hathbhreithniú ar straitéis Chill Chainnigh maidir le Lánpháirtiú 2013-2017 agus le forbairt Straitéise nua don tréimhse 2021-2023. Is é a lean as an bpróiseas athbhreithnithe agus comhairliúcháin ná 23 mholadh i leith gníomhartha agus forbairt Fóram Idirchultúir Chill Chainnigh chun ról a thabhairt do ghrúpaí mionlaigh eitneacha agus do ghrúpaí cultúir sa chontae.

## *Coiste Athlonnaithe Idirghníomhaireachta Chill Chainnigh (CAICC)*

Tá comhordú déanta ag an gComhairle ar chlár áitiúil athlonnaithe ó bhí an bhliain 2017 ann. Tiocfaidh an clár chun deiridh i mí Eanáir 2021 tar éis 25 theaghlach Shiriacha a athlonnú gorathúil i mbailte agus i sráidbhailte tuaithe ar fud an chontae.

## *Coiste Forbartha Pobal Áitiúil Chill Chainnigh*

Leanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh de thacaíocht a thabhairt don CFPÁ. Ceapadh Príomhoifigeach nua sa bhliain 2020 agus tharla athrú ar an mballraíocht. Dhéileáil an CFPÁ le dúshláin shrianta Covid-19 agus seoladh cruinnithe fíorúla. Rinne an CFPÁ na Deontais faoin Clár Feabhsaithe Pobail agus Clár Éire Shláintiúil a riaradh go rathúil agus choimeád sé a ról formhaoirseachta ar bun i leith Chlár Chill Chainnigh maidir le CGUSP. Déanann an CFPÁ riaradh agus faireachán ar sruthanna éagsúla maoiniúcháin do phobail ina bhfuil eisiamh nó míbhuntáiste sóisialta.

## *Maoiniúchán faoin gClár Feabhsaithe Pobail*

Ba é a bhí i leithroinnt an CFPÁ faoin gClár Feabhsaithe Pobail (CFP) sa bhliain 2020 ná €232,020. Leithroinneadh an tsuim sin faoi thrí scéim ar leithligh sa bhliain 2020.

Soláthraíodh €58,000 do 64 ghrúpa pobail áitiúil i mí an Mheithimh chun saoráidí tábhachtacha pobail a athoscailt le haghaidh oibreacha sláinteachais agus comharthaíochta agus le haghaidh bearta sábháilteachta i ndáil le COVID 19.

Fógraíodh €127,249 i mí Lúnasa. Tugadh deontais €3,000 do 18 ngrúpa agus tugadh deontais €20,000 do 8 ngrúpa chun tacaíocht a thabhairt d'ionaid phobail i ndáil le hoibreacha riachtanachacaipitiúla.

Fógraíodh maoiniúchán i mí na Nollag 2020 le haghaidh dara babhta de mhaoiniúchán a bhain le COVID 19 le haghaidh obair riachtanach chun daoine áitiúla a choimeád i dteagmháil lena chéile le linn shrianta an Rialtais i leith COVID 19. Leithroinnfear maoiniúchán na scéime sa chéad ráithe den bhliain 2021.

## *Éire Shláintiúil*

Bronnadh €245,548 ar an CFPÁ chun Gníomhartha Éire Shláintiúil a mhaoiniú. I measc na dtéamaí leathana agus na réimsí tosaíochta a bhí ann áiríodh gníomhaíocht fhisiciúil, bia sláintiúil, tobac, spásanna agus áiteanna le haghaidh sláinte agus folláine agus le haghaidh meabhairshláinte. Mar thoradh ar na gníomhartha maidir le rannpháirtíocht phobail, tugadh freagairt ar phaindéim COVID 19 agus soláthraíodh tacaíocht agus faisnéis riachtanach do dhaoine leochaileacha inár bpobail.

Rinne Comhpháirtíocht Spóirt Áineasa Chill Chainnigh dul chun cinn maidir le gníomh na bPobal Sláintiúil Uilechuimsitheach agus tá cláir gníomhaíochta fisiciúla a gcur i bhfeidhm ar líne i gCaisleán an Chomair, is Áth na nUrlainn agus i gCill Chainnigh.

Tá an tÉascaitheoir Rannpháirtíochta Pobail tar éis Líonra Piara-Thacaíochta a fhorbairt do Thuismitheoirí Aonair ar fud an chontae. Forbraíodh láithreán gréasáin agus ardáin mheán sóisialta mar mhol tacaíochta & faisnéise do Thuismitheoirí Aonair.

Tá dul chun cinn déanta i ndáil le Gníomhartha Réigiúnacha agus tá roinnt clár curtha ar fáil ar líne e.g. Bealaí Éasca chun Bia Sláintiúil a Ullmhú. Cuireadh Seimineár Aosaithe Dhearfaigh ar siúl go fíorúil i Meán Fómhair. Déanfar dul chun cinn i leith an ghnímh maidir le cúrsaí tobac sa bhliain 2021.

Cuireadh tús le clár píolótach i leith Oideasú Sóisialta i mí Lúnasa 2020 agus mairfidh sé go dtí Meitheamh 2021. Tá an tseirbhís ag leanúint ar aghaidh agus is seirbhís riachtanach í i dtaca le tacú ledaoine i ngach aoisghrúpa le linn na tréimhse dúshlánaí seo.

Faoi Mheabhairshláinte Phobail, ceadaíodh 8 ndeontas bheaga do Lifelink, d'Fhoróige, do Líonra Tacaíochta Teaghlaigh Réigiún an Oirdheiscirt, do Mill FRC in Áth na nUrlainn, d'Fheirmeoireacht Shóisialta, do Thearmann Amber, do Líonra Comhionannais Trasinscne Éireann (LCTÉ) & do ChiorcalOscailte. Leanfar ar aghaidh leis na tionscadail sin sa bhliain 2021.

## *Clár Gníomhachtaithe Uilechuimsitheachta Sóisialta Pobail (CGUSP)*

Tá an CFPÁ ag leanúint de bhainistíocht a dhéanamh ar an gconradh maidir leis an gClár Gníomhachtaithe Uilechuimsitheachta Sóisialta Pobail (CGUSP) lena ngabhann luach €650,090. Thacaigh Plean 2020 le níos mó ná 37 bpobal i limistéir faoi mhíbhuntáiste sa chontae. Ina theannta sin thacaigh clár CGUSP le 498 nduine aonair i leith cúrsaí oideachais a dhéanamh, fostaíocht a fháil nó ionad a aimsiú sa réimse fiontraíochta.

## *Grúpa Idirghníomhaireachta Chill Chainnigh i leith an Lucht Siúil (GICCLS)*


Ationóladh GICCLS tar éis bearna ghearr ina ghníomhaíochtaí. Tá na ball tar éis a bheith ag obair le chéile chun Téarmaí Tagartha agus ballraíocht an ghrúpa a athbhreithniú agus a chomhaontú. Tá sé beartaithe ag GICCLS athbhreithniú a dhéanamh ar an Anailís Riachtanas agus ar Phróifíl Phobal an Lucht Siúil i gCill Chainnigh agus plean gníomhaíochta 2 bhliain a fhorbairt go luath sa bhliain 2021.

## *Plean Feabhsaithe Bhaile Challainn*

Rinneadh 50% de na tionscadail/gníomhartha i bPlean Feabhsaithe Bhaile Challainn a chur i gcrích sa bhliain 2020. Táthar chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean sa chéad ráithe den bhliain 2021.

## *Leabhrán na nDeontas Pobail*

D'ullmhaigh an Chomhairle tríú leabhar faisnéise faoi Dheontais Phobail agus lainseáladh é sa bhliain 2020. Tá anleabhrán sin ar fáil ar líne.



## Céim 3 - IONAD ILFHEIDHME

Forbraíodh Céim 3 den IONAD ILFHEIDHME AR Líne i gcomhair maoiniúcháin. Tá an tairseach ar líne sin ceaptha chun rochtain níos fearr a chur ar fáil don phobal i gcoitinne ar Leabhrán Chill Chainnigh maidir le Deontais.

## Scéim Teilifíse Ciorcaid Iata

Bronnadh €15,000 ar Áth na nUrlainn sa bhliain 2020 faoi Scéim Phobalbhunaithe Teilifíse Ciorcaid Iatana Roinne Dlí agus Cirt.

## Comhpháirtíocht Áineasa & Spóirt Chill Chainnigh (Plean Straitéiseach)

Críochnaíodh obair ar fhorbairt Straitéis Idirlinne 12 mhí do CÁSCC.

## Gradaim Phobail

I mí Eanáir, d'óstáil an Cathaoirleach, an Comhairleoir Peadar de Cléir Gradaim Phobail Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun aitheantas, comhghairdeas agus buíochas a chur in iúl do ghrúpaí pobail i leith a ndíograise agus a n-oibre crua laistigh dá bpobail faoi seach. Tharraing an Cathaoirleach, an Comhairleoir Peadar de Cléir aird ar an ról tábhachtach atá ag Eagraíochtaí Pobail maidir le rathúnas agus folláine fhoriomlán a chur chun cinn i ngach cathair, baile agus sráidbhaile ar fud na tíre. Tá traidisiún láidir ag Contae Chill Chainnigh i ndáil le comhar agus comhoibriú pobail, agus tá sé tábhachtach aitheantas agus luaíocht a thabhairt do na pobail sin a thagann le chéile chun oibriú leis an gComhairle Chontae agus le Gníomhaireachtaí Stáit ar mhaithe le rannchuidiú leis an rathúnas sin.

Bronnadh gradaim ar rannpháirtithe Mhórtas Áite, ar bhuaiteoirí i réimse na nEastát Slachtmhar agus na mBailte Slachtmhara agus ar bhuaiteoirí Ghradaim Náisiúnta Bhanc na hÉireann i leith Bhailte Fiontraíochta na hÉireann.



## Mórtas Áite 2020

Tugadh ómós do Pháirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair, do Shráidbhaile na Cloiche, do Mheitheal Bhaile Challainn agus do Chomhairle Chontae Chill Chainnigh le linn ghradaim phobail fhíorúlaUile-Éireann Mhórtas Áite ar an 21 Samhain 2020. Fuair Páirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair an chéad áit i gcatagóir na Turasóireachta Pobail agus mhol na Moltóirí iad mar gheall ar fhiontar turasóireachta sármhaith a sholáthar. Fuair Meitheal Bhaile Challainn an dara háit le haghaidh Limistéir ina bhfuil daonra idir 2,000 agus 5,000. Fuair Grúpa Pobail na Cloiche an dara háit sa chatagóir do dhaonraí idir 300 agus 1,000.

Bronnadh Gradam Rannpháirtíochta Comhairle sa Phobal ar Chomhairle Comhairle Chontae Chill Chainnigh i leith a gcuid oibre leanúnaí ar rannpháirtíocht phobail.

## R-nuachtlitir Faisnéise Pobail




Foilsíodh 6 nuachtlitir faisnéise pobail sa bhliain 2020. Trí na r-nuachtlitir sin, tugtar faisnéis a bhaineann le cúrsaí pobail, lena n-áirítear cúrsaí maoiniúcháin, faisnéis uasdátaithe maidir le tionscadail agus faisnéis ghinearálta faoin gComhairle. Sa bhliain 2020, díríodh go sonrach ar thacaíochtaí Covid-19 agus ar fhaisnéis ina leith.

## Scéim Deontas le haghaidh Imeachta Pobail

De bharr COVID 19, níor leanadh ar aghaidh le tromlach na n-imeachtaí a bhí le bheith ann sa bhliain 2020. Bhíothas in ann roinnt imeachtaí a reáchtáil, áfach. Fuair 10 ngrúpa pobail maoiniúchán ina raibh suim €8,950 faoin scéim seo sa bhliain 2020.

## Comhairle na nÓg

Thug Comhairle na nÓg tús áite don athrú aeráide mar phríomh-shaincheist do dhaoine óga i gCill Chainnigh. Ba é sin an mórthéama le haghaidh a gcláir oibre sa bhliain 2020. Mar thoradh ar an obair tháinig togra chun cinn i leith meaisín díola ais-athchúrsála.

Seoladh CGB 2020 ar bhonn fíorúil agus d'éirigh go han-mhaith leis. Bhí 50 mac léinn dara leibhéal i láthair ar lá an chruinnithe as 8 meánscoil ar fud Chill Chainnigh. Fuair siad deontas ICT chun tacú le baill a bhí i láthair ag cruinnithe go fíorúil trí tháibléid agus trealamh chomhdhála a úsáid.

### *An Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ)*

Lainseáil an coiste idirghníomhaireachta a chéad straitéis sa bhliain 2020. Tá an straitéis á cur i bhfeidhm trí fhoghrúpaí i seirbhísí túslíne amhail meabhairshláinte, gníomhaíocht fhisiciúil, foghlaim agus forbairt, sábháilteacht ó dhíobháil etc.

### *CSLDÓ - Maoiniúchán ó Éire Shláintiúil*

Fuair an Coiste maoiniúchán €96,000 le haghaidh clár 2 bhliain chun tacú le Tionscadail Sráideanna Sláintiúla i gCathair Chill Chainnigh, i nGráig na Manach agus i gCaisleán an Chomair. Fuarthas €18,000 eile faoin tionscnamh 'Go dTé Tú Slán'.

### *CLÁR*

Fuair Cill Chainnigh €77,000 le haghaidh dhá thionscadal faoin sruth náisiúnta maoiniúcháin seo:

- **Maigh Coillí:** €50,000 chun seirbhís an charrchlóis pobail, an bhunscoil agus crèche an phobail a chríochnú.
- **Coolagh:** €27,000 chun feabhas a chur ar an acomhal a fhónann don eaglais agus don halla pobail.

### *An Ciste Forbartha Athghiniúint na Tuaithe [CFAT]*

- **Baile Mhic Andáin -** bhí oibreacha fearainn phoiblí ar siúl sa bhliain 2020 ar Shráid Uí Lócháin/ ar an tSráid Íseal Rinneadh dul chun cinn maidir le hobair deartha i gcomhair an Tí Cúirte , na Leabharlainne agus an Halla Pobail. Críochnaíodh oibreacha ar charrchlóis Cois Cé. Tá iarratas eile déanta le haghaidh chéim tógála an Halla Pobail/ na Leabharlainne agus tá cinneadh ina leith sin le déanamh sa bhliain 2021.
- **Callainn:** críochnaíodh oibreacha ar Fhaiche an Aonaigh agus ar Pháirc an Mhóta i gCallainn sa bhliain 2020.



*An Móta, Callainn*

### *Deontais Chaipitiúla Súgartha & Áineasa*

Bhronn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maoiniúchán i gcomhair na n-oibreacha athnuachana i leith trealamh clóis súgartha i mBaile Mhic Andáin, i nGráig na Manach agus i gCaisleán an Chomair.

### *Seachtain na Rothaíochta*

Seoladh Seachtain na Rothaíochta d'ainneoin srianta a bheith i bhfeidhm. Deoladh sraith imeachtaí beaga rud a lig do ghrúpaí beaga imeachtaí rothaíochta a sheoladh. Forbraíodh acmhainní rothaíochta amhail bealaí rothaíochta, mapáil agus inneachar físeáin chun rothaíocht shábháilte shláintiúil a chinntiú.

### *Lá Súgartha Náisiúnta*

Leithroinneadh maoiniúchán €2,500 le haghaidh Lá Súgartha Náisiúnta. De bharr na srianta, agus i gcomhairle le CSLDÓ, cóimeáladh málaí bronntanas céadfaíoch inar raibh bréagáin oiriúnacha céadfaíocha agus dáileadh iad ar 65 theaghlach (ar fud an chontae) lena dtabhairt dá leanaí faoi mhíchumas. Tá buíochas speisialta ag dul don Chosaint Shibhialta a dháil na málaí bronntanas. Ní raibh aon seachtain naisiúnta áineasa ann sa bhliain 2020.

### *Obair agus Tacaíocht don Óige*


**Leanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh de thacaíocht a thabhairt i leith na hoibre a bhaineann le forbairt óige ar fud an chontae:**


- Cláir Nuálaithe Sóisialta Óga do dhaoine san aoisghrúpa 15-18, agus iad dírithe ar nuálaíocht i réimse saincheisteanna sóisialta a dhéanann difear do dhaoine óga.
- Oige Osraí - Tugadh tacaíocht i ndáil le cláir a sholáthar
- Caifé Óige DRUM - Comhpháirtí maoiniúcháin le TUSLA le haghaidh caifé óige DRUM atá lonnaithe in Acomhal Mhic Dhonncha.

# **SEIRBHÍSÍ**
# LEABHARLAINNE

## *Éachtaí Suntasacha*

- Seirbhís seachadta ó dhoras go doras: Seachadadh 4,839 leabhar ar 1,109 gCocúnaí ar fud an chontae.
- Baineadh níos mó úsáide as ár seirbhísí ar líne: Méadú 49% ar úsáid r-Leabhar, méadú 45%ar úsáid Chlosleabhar.
- Dáileadh 10,000 Leabhar Gníomhaíochta Bookville ar 90 bunscoil ar fud Chill Chainnigh.
- Fuarthas 47,254 leabhar ar iasacht trí bhíthin Áirithigh agus Brabhsáil & Teagmháil agus Bailigh.
- Tionscnamh Litearthachta 'Ceart chun Léamh': Thaifead an fhoireann 270 Am Scéalaíochta a raibh 66,661 chuairt air ar Facebook.




## *Ag Freagairt ar Riachtanais: Seirbhís Hibrideach Leabharlainne*

Mar fhreagairt ar na himthosca athraitheacha, bhí ar an tseirbhís leabharlainne freagairt agus oiriúnú go tapa chun a chinntiú go mbeadh seirbhísí a soláthar do na daoine agus do na pobail dá bhfónaimid. Ar fud na bliana cuireadh na treoirlínte sláinte poiblí go léir i bhfeidhm, rud a lig dúinn seirbhísí a sholáthar ar mhodh sábháilte rialaithe agus d'athraigh sé sin ár seirbhís thraidisiúnta ina múnla solúbtha hibrideach.






## *Caidreamh a Choimeád ar bun*

**Doras go Doras:** Rinne gach leabharlann teagmháil teileafóin leis na baill dá gcuid a bhí ag cocúnáil chun seirbhís phearsanta a thairiscint dóibh. Roghnaigh baill foirne leabhair oiriúnacha ansin agus pacáladh na leabhair agus bronntanais bheaga eile. Seachadadh na leabhair phacáilte ansin go díreach chuig doras theach na mball agus tithe altranais ar fud an Chontae. Cabhraíonn an tseirbhís na daoine is leochailí inár bpobail trína n-aigne a choimeád gníomhach agus gnóthach.

**Teagmháil agus Bailigh/Áirithigh agus Brabhsáil:** Rinneamar dhá mhúnla nua shaincheaptha i ndáil le seachadadh chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus tugadh isteach iad faoi chéimeanna éagsúla de shrianta COVID. Lig Áirithigh agus Brabhsáil do bhaill seisiúin 30 nóiméad a réamháirithint chun rochtain a fháil ar an leabharlann ach líon teoranta daoine a bheith ann ag an am céanna. Tairgeadh Teagmháil agus Bailigh mar sheirbhís réamáirithinte bailithe ag doras na leabharlainne.



**Glao Pobail:** Thacaigh foireann na Leabharlainne le líne chabhrach Glao Pobail ar fud na bliana agus leis an tSeirbhís Rianaithe Teagmhála in éineacht le FSS.

## *Cláir*

Ó lár mhí an Mhárta, d'athraíomar ár gcláir ó chláir fhisiciúla go cláir ar líne agus bhí ról lárnach ag an tseirbhís leabharlainne maidir le cláir agus tionscnaimh a fhorbairt, agus tacú leis na cláir agus leis na tionscnaimh sin, mar chuid d'Fheachtas Folláine Pobail an Rialtais.

## *Feachtas Folláine Pobail*

**Am le haghaidh Scíthe:** Sraith aireachais lena ngabhann codanna d'aosaigh agus do leanaí araon agus lena ndéantar uirlisí praiticiúla agus smaointe simplí a thairiscint do dhaoine chun feabhas a chur ar a bhfolláine fhoriomlán. Bhain os cionn 480 duine leas astu sin.

**Am le haghaidh Cuimhní:** Tionscadal a bhí ceaptha chun cuimhní a bhailiú faoin tréimhse seo le haghaidh bailiúchán speisialta ar Chartlann Dhigiteach Chill Chainnigh.

**Contae Aoisbháúil:** Oiriúnaíodh imeachtaí le haghaidh ár gcláir ar líne agus reáchtáladh iad ar fud na bliana i gcomhréir lenár ngealltanais faoi Straitéis Aoisbhá Chill Chainnigh. Sheolamar 37 n-imeacht, lena n-áirítear ceardlanna maidir le Cóiriú Bláthanna, Cleachtaí Cathaoireach agus Siúl agus Ceardaíocht Nollag.

**Éire Shláintiúil:** D'fhreastail os cionn 180 duine ar imeachta Éire Shláintiúil i mí Feabhra inar áiríodh grúpaí siúil, ceardlanna 'Fás Tú Féin É', Aireachas le haghaidh scrúduithe agus amhtántacht chuimhní ceoil. Rinneadh acmhainní breise fisiciúla agus digiteacha faoi ábhair amhail bia sláintiúil, folláine agus meabhairshláinte, gníomhaíochtaí fisiciúla agus tuismitheoireacht a cheannach go gach ceann dár Leabharlanna i gCill Chainnigh.

**Club Leabhar Fíorúil:** Mar thoradh ar an rath a bhí ar ár rannpháirtíocht i gclub leabhar Raidió RÁCCC i rith an tsamhraidh, forbraíodh club leabhar fíorúil d'aosaigh agus, faoi láthair tá 85 bhall ag glacadh páirt ann.



*Seachadtaí ó Dhoras go Doras i mBealtaine 2020*



*Cleachtaí Cathaoireach in éineacht le Bríd*



*Gníomhaíochtaí do Leanaí in éineacht le Donncha & Polaí*

## *Feachtas 'Go dTé Tú Slán'*

**Diailigh Scéal:** seirbhís saorfóin do dhaoine chun deis a chur ar fáil dóibh éisteacht le bailiúchán scéalta a bhí scríofa ag daoine áitiúla agus a bhí á léamh ag baill foirne de chuid na Leabharlainne.

**Feachtas 'Soilsigh na hOícheanta'** a reáchtáladh i rith an Gheimhrigh agus ar lena linn a bhí dúshlán léitheoireachta ann, mar aon le sraith ceardlann do dhaoine i ngach aoisghrúpa, agus seachadadh Pacaí Ceardaíochta Nollag trínár seirbhís ó Dhoras go Doras.

Feachtas Litearthachta **Ábhar Léitheoireachta a Spreagadh'n** trínar tairgeadh Teiripe Ceoil d'Aonaid NSU, pacaí acmhainní NSR, agus bailiúchán fístreoracha dár seirbhísí ar líne.



*Léann Majella scéalta ar líne do scoileanna*



*huir Zoe Wong ceardlanna ceardaíochta ar líne ar fáil*




*Líne saorfóin Diailigh Scéal*

## *Faisnéis & Cumarsáid*

Bhaineamar úsáid as ár láithreán gréasáin agus as ardáin mheán sóisialta chun cumarsáid agus caidreamh le daoine a choimeád ar bun. Lig sé sin dúinn na seirbhísí leabharlainne a bhí á dtairiscint sa timpeallacht ar líne. Mar shampla, chruthaigh agus thaifead baill foirne dár gcuid 270 físeán faoi scéalaíocht agus moltaí faoi ábhar léiritheoireachta, agus chuir siad eagarthóireacht ar na físeáin sin agus phostáil siad iad, agus breathnaíodh orthu 66,661 uair ar ár n-ardán Facebook.





## *Cumarsáid & Cultúir*

**Clár Éire Ildánach 2020:** Chuireamar Féile Bookville an-rathúil i bhfeidhm do 90 scoil agus dáileadh 10,000 cóip dár Leabhar Gníomhaíochta Bookville.

**Deich mBliana na gCuimhneachán sa Leabharlann:** Rinne foireann na Leabharlainne taighde agus forbairt ar inneachar spéise áitiúla agus cuireadh an t-ábhar sin ar fáil i bhfoirm podchraoltaí, grianghraif choimisiúnaithe de láithreáin lena ngabhann téamaí a bhaineann leis na deich mbliana agus forbraíodh ábhair foghlama do leanaí ar ábhair iad lena ngabhann téamaí a bhaineann leis na deich mbliana.

**Tionscadal 'Éist lenár Scéal':** D'fhorbair baill foirne sraith podchraoltaí ar líne chun blaiseadh ar stair agus oidhreacht shaibhir Chathair agus Chontae Chill Chainnigh do dhaoine a raibh orthu fanacht sa bhaile. Áiríodh an méid seo a leanas i measc na dtéamaí - Teach agus Eastát Chluain Dúin, Muintir Cuffe as an Díseart agus An Fliú Spáinneach i gCill Chainnigh.





## *Léitheoireacht & Litearthacht*

- léitheoireacht, cruthaitheacht, nuálaíocht agus cabhrú le daoine barr a chumais a bhaint amach agus maidir leis na nithe sin a fhorbairt. Reáchtálamar imeachtaí agus gníomhaíochtaí i bhformáid dhigiteach chun léitheoireacht agus cruthaitheacht a chur chun cinn.

- Bhí an Feachtas 'Scéalaíocht san Earrach' i bhformáid dhigiteach i míonna Aibreáin agus Bhealtaine agus leanamar de scéalaíocht a chur i láthair leanaí agus teaghlach chun a chinntiú go dtiocfadh laghdú ar a leibhéil litearthachta. D'fhorbair baill foirne **48** saothar, idir phodchraoltaí agus fhíseáin, lena gcomhroinnt lenár mbaill óga leabharlainne. Breathnaíodh ar na nithe sin os cionn **4,419** n-uaire, agus bhí **1,658** dteagmháil ann ina leith, i rith na bliana.

- Reáchtáladh an Feachtas Náisiúnta Léitheoireacht Samhraidh i rith mhíonna Iúil agus Lúnasa. Rinneamar dúshlán na bliana a shaincheapadh trí mhéadú a dhéanamh ar rochtain ar líon níos mó r-Leabhar agus r-Chlosleabhar do leanaí agus reáchtáladh clár scéalaíochta agus tráthanna na gceist ar líne.




*Roibeárd Mac Coinnigh, buaiteoir rothair nua*



*Leanaí as S.N. Naomh Cainneach agus a Leabhar Gníomhaíochta Bookville mar chuid dár nDúshlán Léitheoireachta 'Réaltaí an tSamhraidh'.*




*SN an Mhóinín Rua agus úrscéalta ranga á bhfáil acu*

- Tá tús curtha ag ár leabharlann shoghluaiste le seirbhís do níos mó ná 20 bunscoil ar fud an chontae agus seachadadh os cionn 3,000 leabhar i mí na Samhna. Tá infheistíocht shuntasach déanta in acmhainní léitheoireachta agus i stoc litearthachta a oireann do dhaoine i ngach aoisghrúpa.

- Leanamar de thacaíocht a thabhairt dár dtionscnamh 'Gnóthaí Tábhachtacha Oibre' ar fud an líonra.

- Leanamar de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe reatha agus le comhpháirtithe nua, lenan-áirítear an Chomhairle Dheartha is Cheardaíochta, BOO Cheatharlach/Chill Chainnigh, Coiste Cúraim Leanaí Chill Chainnigh, Ionad Oideachais Chill Chainnigh, Cill Chainnigh Shláintiúil, FSS, Glúin an Cheoil, Calmast ITPL.

- Leanann an tseirbhís de pháirt a ghlacadh i bhféilte agus i gcláir náisiúnta agus áitiúla, lena n-áirítear iad seo a leanas: Seachtain Oidhreachta, Seachtain Eolaíochta, Bealtaine, Blaiseadh ar Chill Chainnigh, Seachtain na Gaeilge, Féile na Nollag, Oíche Chultúir, Lá Chill Chainnigh, Lá Náisiúnta Filíochta, Deich mBliana na gCuimhneachán.

## *Forbairt Seirbhíse agus Bonneagar*

- Lena chinntiú gur cloíodh le treoirlínte sláinte poiblí ar mhodh sábháilte rialaithe, measúnaíodh ár gcuid foirgneamh agus rinneadh oiriúnuithe nuair a bhí gá leis sin.
- Dul chun cinn maidir le tionscadail chaipitiúla i gCathair Chill Chainnigh agus i mBaile Mhic Andáin.
- Infheistíocht i dteicneolaíochtaí nua chun nuálaíocht a

dhéanamh agus chun rochtain a chur ar fáil ar sheirbhísí i mbrainsí den leabharlann agus ar bhonn digiteach.

- Infheistíodh acmhainní chun leathnú a dhéanamh ar an ábhar a thairgimid i bhfoirm dhigiteach ar ardáin nua e.g. Freegal music, PressReader agus Comics Plus.
- I gcomhpháirtíocht le Roinn Comhshaoil Comhairle Chontae Chill Chainnigh, cuireadh Foirne Sábhála Fuinnimh Baile ar fáil u ngach leabharlann i gCill Chainnigh.
- Tugadh ár bprintéir 3D ar iasacht do chuideachta áitiúil, Print, Copy and Go, chun fónamh don phobal trí mascanna aghaidhe TPC a raibh géarghá leo a dhéanamh.

### *An Fórsa Saothair*

Oibríonn Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh chun rannchuidiú le bríomhaireacht agus le rath a leabharlann poiblí agus an phobail ilchineálaigh dá bhfónann siad trí bhaill foirne na leabharlainne a chur sa riocht go mbeidh siad réamhghníomhach agus go leagfaidh siad béim ar riachtanais na gcustaiméirí. Cuireadh 256 chúrsa oiliúna i gcrích i mbliana mar fhreagairt ar an riachtanas a bhí ag teacht chun cinn agus chun pleanáil a dhéanamh maidir le soláthar seirbhísí ina dhiaidh sin.



# EALAÍONA

Déanann an Oifig Ealaíon forbairt ar ghníomhaíocht ealaíonta ar fud Chathair agus Chontae Chill Chainnigh, agus comhordaíonn, spreagann agus cumasaíonn gníomhaíocht den sórt sin, agus tugann sí inspioráid ina leith, trí na healaíona a chur chun cinn mar ghníomhaíocht fhiúntach do gach uile dhuine, trí ionad Chill Chainnigh mar ionad sármhaitheasa i leith na n-ealaíon a neartú tuilleadh agus trí dheimhin a dhéanamh de go bhfuil timpeallacht rathúil rachmasach ealaíon ann sa réigiún. Éascaíonn agus comhordaíonn an tOifigeach Ealaíon Clár Éire Ildánach Chill Chainnigh.

### *Éachtaí Suntasacha sa bhliain 2020*

- Ghlac os cionn 19,550 duine páirt i gCláir Ealaíon sa bhliain 2020.
- Bronnadh 27 sparánacht agus deiseanna meantóireachta sa bhliain 2020.
- Ghlac Rhyme Rag Ensemble páirt san athbhreithniú náisiúnta ar chlár Laureate na nÓg, ar clár spreagúil é trína dtugtar aitheantas do ról agus do thábhacht na litríochta do leanaí in Éirinn.

### *Forbairtí Nua*

- Tionscadal 'Cniotáilte Le Chéile': Tionscadal pobail arb é atá i gceist leis ná 180 duine deonach agus iad ag cniotáil agus ag cróiseáil cearnóga a ndearnadh blaincéid astu ina dhiaidh sin le haghaidh Charthanas Elkana san Afraic Theas. Ina theannta sin, dáileadh blaincéid ar chúig eagraíocht charthanúla i gCill Chainnigh.
- FÁG FÚINN É: Clár Folláine Pobail - obair críochnaithe ag Vanessa de Paor ar mhúrmhaisiú ar bhalla clár Cheathrú na Mainistreach ar Ché Bateman agus ba ábhar faoisimh iad, i gcomparáid le póstaeir loma COVID, póstaeir áille Audrey Ní Dhualaing ar an gCuarbhóthar, ar Champas Ospidéal Naomh Lúcás, i mBaile Mhic Andáin agus i gCaisleán an Chomair, i nGráig na Manach agus i nGairdíní Chluain Dúin, agus in Inis Tíog.
- Tionscadal 'Milliún Réalta': ba é Tearmann Ban Amber a thionscain an tionscadal seo faoi cheannas Siobhan McQuillan (Teiripeoir Ealaíne) agus bhí fíodóirí réaltaí, as gach cearn den tír páirteach ann mar shampla Cill Chainnigh, Maigh Eo, Ceatharlach, Lú, Uíbh Fhailí agus Droichead Átha, gan trácht ar áiteanna eile. Is tionscadal domhanda é seo ar cuireadh tús leis san Astráil sa bhliain 2012 mar fhreagairt ar éigniú agus dúnmharú mná Éireannaí darbh ainm Jill Meagher. Bhunaigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh comhpháirtíocht le Amber chun tacú leis an tionscadal fíorfhiúntach sin.
- Ceolchoirmeacha Cúraim COVID: d'éascaigh Meaisín Ceoil Shoghluaiste na himeachtaí seo i suíomhanna lasmuigh de thithe altranais éagsúla sa chontae agus chuir cónaitheoirí sna tithe altranais fáilte rompu mar chineál éagsúil siamsaíochta agus gníomhaíochta dóibh le linn na dianghlasála.

### *Litríocht*

- Mórbhileog Filíochta Chill Chainnigh 20 arna chur in eagar ag Colm Mac Aogáin agus arna mhaisiú ag AleMercado.
- Diailigh Dán - Seirbhís Shaorfóin Filíochta chun éisteacht le dánta taifeadta. Fuair os cionn 600 duine rochtain ar an tseirbhís as áiteanna amhail Droichead na Bandan agus Cora Droma Rúisc agus Guaireagus an Muileann gCearr.
- Foilsíodh iris filíochta ar líne dar teideal Rhyme Rag agus bhí dánta de chuid 17 scríbhneoir óga as CillChainnigh ann.
- 5 Cheardlann Bhliantúla Scríbhneoireachta d'aosaigh (ceann amháin i bpearsa agus ceithre cinn ar líne). Léirigh na cláir tiomantas leanúnach na Comhairle maidir le teagasc a chur ar fáil do scríbhneoirí ar fud an Chontae.
- Rhyme Rag Ensemble – Comhpháirtíocht hÓige Osraí. Ghlac na baill páirt i roinnt ceardlann in éineachtle scríbnhneoirí iomráiteacha (agus srianta COVID á gcur i bhfeidhm).

### *Cúrsaí Pobail, Oideachais agus Uilechuimsitheachta*

- Comharghrúpa Ealaíon Pobail 'Ciorcal Oscailte': Bhí 3 ealaíontóirí áitiúla, Cearúilín Ní Scoful, Julie Moorhouse agus Paul Bokslag, ann mar éascaitheoirí le haghaidh modúil a bhain le teicstílí, líníocht agus marc-chruthú. Athdhearadh na cláir agus aistríodh go formáid ar líne iad.
- Clár Leanaí Shiamsa: Tugadh blaiseadh ar chineálacha éagsúla amharc-ealaíne. Cuireadh "Ag Fí le Dathanna do Dhomhain Féin' in éineacht le Sandra McAllister ar fáil ar líne agus pléadh le Bríce-Scannáin ó Create School, is é sin le rá, beochan "Stop an Ghluaiseacht le Lego" san Fómhar.
- Feile Bookville do Leanaí: Bhí Bookville an-éagsúil

ann i mbliana dar teideal 'Bookville i mBosca'. Cruthaíodh leabhar oibre speisialta a bhí bunaithe ar an gcuraclam bunscoile agus dáileadh os cionn 10,000 leabhar ar an 90 bunscoil i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh.

- Bhain 736 leanbh bunscoile leas as fóirdheontais scoile chun freastal ar léiriúchán amharclainne earraighde chuid Barnstorm Theatre, is é sin, 'Ailís agus an Mac Tíre'.
- Oíche Chultúir: Imeacht náisiúnta chun cultúr de gach cineál a chur chun cinn. Comhordaíodh Oíche Chultúir Chill Chainnigh an-éagsúil agus chuir seacht n-ionad imeachtaí i bpearsa agus imeachtaí ar líne ar siúl. Ghlac 1,849 nduine, idir aosaigh agus leanaí, páirt in Oíche Chultúir Chill Chainnigh.

### *Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí*


- Deontais an Achta Ealaíon sa bhliain 2020 - fuarthas 10 ndeontas chun roinnt tionscadal ilchineálacha chumasú.
- Sparánacht Tyrone Guthrie - bronnadh 4 sparánacht ar chleachtóirí a oibríonn i réimsí na hAmharclainne, na Litríochta agus an Damhsa.
- The Moth – Bronnadh sparánacht amháin ar scríbhneoir chun a úrscéal a chríochnú.
- ArtLinks – clár comhpháirtíochta CPD ina n-áirítear Comhairlí Contae Chill Chainnigh, Cheatharlach, Phort Láirge agus Loch Garman. Sparánachtaí: Bronnadh 13 sparánacht chun a chumasú do chleachtóirí a gcleachtas agus a ngairmréim san ealaín a fhorbairt.
- D'óstáil Amharc-Ealaíontóirí Éireann agus an Oifig Ealaíon Caifé Ealaíontóirí agus ceardlann go comhpháirteach. Leanfar den chlár in Earrach na bliana 2021.
- Cruinnithe Seachtainiúla Céadaoine - Sraith 12 chruinniú sheachtainiúla atá dírithe ar ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha eile i gCill Chainnigh chun labhairt faoi smaointe faoi leanúnacha Covid-19 a raibh tionchar mór á imirt acu ar ealaíontóirí.
- Coimeádaí Nua Cónaitheach chun a chumasú do choimeádaithe nua taithí dhíreach a fháil ina réimse oibre agus chun tacú le healaíontóirí nua. Mar gheall ar an dianghlasáil níor osclaíodh ach ceann amháin de na taispeántais a bhí le bheith ann ach táthar ag súil an dá thaispeántas deiridh a reáchtáil i rith na bliana 2021.
- I gcomhar leis an tríocha údarás áitiúil eile agus le Comhairle Ealaíon na hÉireann, d'fhógair Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Chill Chainnigh PLATFORM 31 i mí na Samhna 2020. Tugann an scéimnáisiúnta forbartha ealaíontóirí deis d'ealaíontóirí a gcleachtas a fhorbairt agus smaointe nua maidir le comhoibriú, taighde, forbairt lucht féachana, comhfhorbairt áite agus comhroinnt a saothar a thástáil.











# GAILEARAÍ NA mBUITLÉIREACH i dTEACH DÍDINE UÍ ÉIMHÍN



Osclaíodh Gailearaí nua na mBuitléireach i dTeach Dídine Uí Éimhín don phobal i mí Lúnasa 2020. Is ionann cur i gcrích thionscadal Theach Dídine Uí Éimhín i gcomhar le Gailearaí na mBuitléireach agus sampla breá eile d'athúsáid oiriúnaitheach foirgnimh stairiúil lena ngabhann bónas breise, mar atá, mórspás poiblí nua a chur ar fáil. Tá cuid mhór de chreatlach tosaigh lár stairiúil uirbeach Chathair Chill Chainnigh ann fós agus is acmhainn luachmhar eacnamaíochta & turasóireachta é sin.

Trí shainghnéithe de chuid na Cathrach a chaomhnú, féachann Comhairle Chontae Chill Chainnigh le comhshaol agus oidhreacht chultúir na cathrach a chothabháil agus a chothú, D'éirigh Gealtlann/Teach Dídine Uí Éimhín as tiomnacht charthanúil ó Sheosamh Ó Éimhín (a fuair bás sa bhliain 1818) agus tógadh an foirgneamh ar láithreán beairice saighdiúirí coise & sean-Mhainistir Agaistíneach de chuid an 13ú haois. Cé go bhfuil sé suite i lár na cathrach, is beag an méid eolais a bhí ann mar fhoirgneamh ba dhíol spéise óthaobh na hailtireachta ós rud é gur foirgneamh iata a bhí ann. Bhí sé tábhachtach i gcónaí go ndéanfaí an foirgneamh a oiriúnú le haghaidh úsáid chuí agus ar mhodhíogaireach.

Mar thoradh ar na hoibreacha, tá claochlú déanta ar an bhfoirgneamh agus ar a ghairdíní ionas gur ceann scríbe é le haghaidh cuspóirí ealaíne, seandálaíochta, staire, oideachais agus fóillíochta agus tá foirgneamh suntasach stairiúil de chuid na Cathrach curtha a fáil lena úsáid ag an bpobal.




*Radharc ón aer i mí Iúil 2020*


Teach Dídine Uí Éimhín i Meán Fómhair 2016


An Tionscadal Críochnaithe i mí Iúil 2020



Léibheann caifé & gairdín dealbhóireachta agus Eaglais Eoin sa chúlra


ARadharc ón aer ón taobh theas agus Eaglais Eoin chun tosaigh



Cúl an fhoirgnimh ag féachaint siar agus Caisleán Chill Chainnigh, Eaglais Mhuire agus Halla na Cathrach ar bharr an phictiúir

# OIDHREACHT

Thacaigh an Oifig Oidhreachta le clár cuimsitheach tionscadal folláine pobail chun athléimneacht a éascú le linn phaindéim COVID-19.




- Craoladh 18 bpodchraoladh a chruthaigh daoine den phobal ar RÁCCC mar chuid den tSraith "Mo Cheantar Áitiúil". https://kclr96fm.com/documentary/my-local-area/
- Rinne na hOifigí Oidhreachta agus Ealaíon, le cómhaoiniúchán ó Éire Ildánach, tionscadal píolótach a choimisiúnú chun scrúdú a dhéanamh ar thionchair COVID-19 ar na hearnálacha oidhreachta agus ealaíne sa chontae agus chun tacaíochtaí a bhí ag teastáil ón earnáil a shainaithint. Ba iad na grúpaí rannpháirteacha Grúpa Scríbhneoirí na Cloiche, Éigse Shliabh Rua, Músaem an Mhíle Mheánaoisigh agus Catalyst Arts.
- Ceannaíodh 1,200 cóip den leabhrán "Garraíodóireacht ar son na Bithéagsúlachta" agus bileoga comhairle faoi phailneoirí agus dáileadh ar dhaoineden phobal, ar mhúinteoirí, ar chomhaltaí ÚÁ agus ar bhaill foirne na Comhairle iad chun tacú leis an méadú ollmhór ar spéis sa bhithéagsúlacht agus sa gharraíodóireacht i rith na chéad dianghlasála. Soláthraíodh pacaí bleibíní pailneoir-bháúla do dhaoine a bhí ag cocúnáil sa bhaile.




### *Rannpháirtíocht i nGníomhaíochtaí Oidhreachta*

- Ghlac 4,697 leanbh as 51 bhunscoil páirt i dtionscadal píolótach fíorúil saor in aisce, "Oidhreacht i Scoileanna", a d'eagraigh an Chomhairle Oidhreachta.
- Ghlac 278 mac léinn bunscoile ó scoileanna Chathair Chill Chainnigh (Gaelscoil Osraí, SN Naomh Cainneach, Tionscadal Scoile Chill Chainnigh) páirt i gceardlanna dúlra Thionscadal Acorn a choimisiúnaigh an Oifig Oidhreachta le maoiniúchán ó Éire Ildánach.
- Forbraíodh 41 tionscadal i gCill Chainnigh le haghaidh Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2020.
- Trí 430 fógrán faoi fheasacht ar chúrsaí oidhreachta a chraoladh ar raidió áitiúil, spreagadh do dhaoine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áitiúla oidhreachta agus bithéagsúlachta agus is ar BEAT FM agus ar RÁCCC a craoladh na fógráin sin.
- D'fhreastail 65 dhuine ar imeacht Lá Domhanda na mBogach i Riasc na Páirce Nua (agus Cairde Éanlaith Éireann a d'eagraigh an t-imeacht sin).
- Ceardlann amhránaíochta leanaí, "Amhrán na Spideoige", le haghaidh Chruinniú na nÓg le maoiniúchán ó Éire Ildánach. https://cruinniu.creativeireland.gov.ie/event/the-robin-song-online-traditional-song-workshop-for-children/
- Fuair 7 dtionscadal maoiniúchán faoi Chlár Dheich mBliana na Cuimhneachán 2020. Chuimsigh an clár scannáin, podchraoltaí, cártaí poist agus ceardlann ar líne. Staraithe agus údair áitiúla, cumainn staire agus Roinn Staidéar Áitiúil Leabharlann Chomhairle Chontae Chill Chainnigh a chuaigh i mbun na dtionscadal. https://www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Heritage/Kilkenny%20County%20Council%20Decade%20of%20Centenaries%20Programme%202020%20.html





- Cuireadh maoiniúchán ar fáil don Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun nuachtlitir náisiúnta ina raibh comhairle agus leideanna i dtaobh tacú le pailneoirí a ullmhú le haghaidh Grúpaí Bailte Slachtmhara https://pollinators.ie/wp-content/uploads/2020/04/Tidy-Towns-Pollinator-Award-newsletter-2020-FINAL_compressed.pdf
- Ceapadh clár gníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta-comórtaisghrianghrafadóireachta i leith éadanais siopaí agus foirgnimh oidhreachta, teagmháil le leanaí scoile, an diaspóra agus an pobal. Lean an clár ar aghaidh ar fud mhí na Nollag RÁCCC BEO agus mhaoinigh Éire Ildánach é. Féile Nollag Chill Chainnigh agus RÁCCC.

- Scaipeadh r-irisí seachtainiúla/coicísiúla, Nuacht faoi Oidhreacht Chill Chainnigh, trí na meáin shóisialta.

### *Taifeadadh & Cosaint Oidhreachta*

- Rinneadh oibreacha caomhantais agus deisiúcháin ar dhíon Thúr meánaoiseach an Talbóidigh, agus ar na ballaí ar an taobh istigh de, le cómhaoiniúchán ó Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann.
- Fuair 2 thionscadal maoiniúchán ón gComhairle Oidhreachta faoi Scéim na nDeontas Oidhreachta Pobail 2020:
- Iontaobhas Cathartha Chill Chainnigh le haghaidh suirbhéireachta séadchomhartha & éiceolaíochta i Reilig Mhuire.
- Iontaobhas Theach Rothe le haghaidh deisiúchán ar an músaem agus ar an ngairdín.
- Rinne Fochoiste na Leachtanna Cuimhneacháin & Ainmnithe Bonneagair measúnacht i ndáil le 3 fhorbairt nua údaráis áitiúil agus 4 leacht cuimhneacháin/phlaic pobail agus thug sé comhairle ina leith sin.
- Rinneadh taighde faoi 8 gcloch oghaim agus taifeadadh go digiteach iad le cómhaoiniúchán ón gComhairle Oidhreachta. Tá na clocha oghaim sin suite sa tSeanchill, i gClárach an Teampaill, i Lamóg, i gCaisleán an Liagáin, san Fheadán Uachtarach agus i gCloch an Bhródaigh. https://www.youtube.com/user/kilkennycoco/videos
- Dáileadh bróisiúir faoi Bhainistíocht Pailneoir-



*Cloch Oghaim, An Feadán Uachtarach*

bháúil Laithreán ar 54 Ghrúpscéim Uisce i gCill Chainnigh chun spreagadh a thabhairt dóibh bearta simplí a dhéanamh chun tacú le pailneoirí.
- Sainaithníodh, mapáladh agus taifeadadh 252 láithreán bhogaigh mar chuid de hiniúchadh náisiúnta ar bhogaigh. Chómhaoinigh an Chomhairle Oidhreachta an tionscadal faoin gClár maidir le Pleananna Oidhreachta Contae.



*Poll an Easa, ceann den 252 láithreán bogaigh i gCo. Chill Chainnigh*

### *FORBAIRTÍ NUA*




Cruthaíodh 4 phainéal dhátheangacha léirmhíniúcháin don ag Páirc an Mhóta, Callainn, chun an láithreáin, stair an láithreáin agus nádúrtha a chur in iúl.

Chuaigh Músaem an Mhíle Mheánaoisigh (MMM) i mbun sraith tionscnamh chun seirbhísí cuairteora a chomhlíonfadh rialacha maidir le COVID-19 a fhorbairt, chun fardal na leacacha uaighe sa reilig a uasdátú, chun bunachar sonraí leacacha uaighe inchuardaithe ar líne a chruthú, agus chun clostreoir nua, comharthaíochta léirmhíniúcháin, dearadh turais nua féintreoraithe agus suirbhéireacht éiceolaíochta ar an reilig a fhorbairt, agus fuarthas maoiniúchán ó Éire Ildánach le haghaidh na dtionscnamh sin.

Cheadaigh CBS 5 "Réamhiniúchadh Thírdhreacha Seandálaíochta Chontae Chill Chainnigh". Mar thoradh ar an iniúchadh, sainaithníodh 18 dtírdhreach ionchasacha amhail Gleann an Loinneáin agus Tory Hill a ngabhann tábhacht chultúir, eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil leo, agus moladh beartas maidir le Tírdhreacha Seandálaíochta a chur san áireamh sa Phlean nua Forbartha Contae 2021-2027.



*Tory Hill i gCill Chainnigh Theas, láithreán adhlacthaí réamhstairiúla agus lúbshiúlán. Tá an pobal áitiúil ag leanúint den traidisiún bailithe fraochán i gcónaí ar Dhomhnach na bhFraochán i mí Iúil.*

### *GRADAIM/AITHEANTAS*

Ghnóthaigh Forbairt Phobail Thulchacht Gradam Sheachtain Oidhreachta Chontae Chill Chainnigh i leith a bhfíseáin dar teideal "Súil Siar ar an Am atá Caite, meas a bheith againn ar uisce sa phobal" agus a bhain le hoidhreacht uisce agus ba é an pobal a scríobh an script, a rinne an scannánú agus rinne an léiriúchán. https://www.heritageweek.ie/projects/back-to-the-past-valuing-water-in-the-community

# SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN
# & MÓR-ÉIGEANDÁLAÍ




Bímidne ag díriú ar chosaint na bpobal dá bhfónaimid. Níl sárú le fáil ar dúthracht ná ar dhíograis ár mball foirne i leith beatha agus maoin a chosaint. Soláthraíonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae Chill Chainnigh freagairt ardoilteachta ar raon éigeandálaí. Is gníomhaíocht ghuaiseach í comhrac dóiteáin ach leanaimid de bheith ag feabhsú ár gcleachtas oibre le go mbeifear in ann freagairt ar theagmhais ar an mbealach is sábháilte agus is féidir. Le linn stoirmeacha, agus le linn na paindéime reatha, léirigh an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála an- athléimneacht agus léirigh sí gurb acmhainn an úsáideach í don Chomhairle sa mhéid gur féidir Briogáidí (daonchumhacht oilte agus threalmhaithe) a shlógadh laistigh de roinnt nóiméad ón tráth a tharlaíonn éigeandáil ina limistéar, agus sin a dhéanamh 24 huaire an chloig sa lá, 7 lá sa tseachtain, 365 lá sa bhliain.

### *Galar Víreas Coróineach (COVID-19) - Paindéim an Víris Choróinigh*

Is seirbhís phoiblí riachtanach í an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála agus tá freagairt tugtha aici ar na glaonna go léir, agus tá sí ag oibriú, le linn na paindéime reatha.

**Le linn na géarchéime sláinte poiblí seo táimid ag díriú ar na nithe seo a leanas:**

- Na pobail dá bhfónaimid a chosaint agus leathadh COVID-19 a theorannú
- Sábháilteacht agus folláine ár mball foirne a chinntiú le linn a ndualgais a chomhlíonadh
- Freagairt Éigeandála éifeachtach a choimeád ar bun - leanamar de bheith ag freagairt ar gach teagmhas sa bhliain 2020

Lorgaíodh aonad sealadach coinneála corpán le haghaidh fhreagairt COVID-19 agus tá sé suite i Stáisiún Dóiteáin Chathair Chill Chainnigh.

Léirigh an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála a cuid buanna agus bhain sí úsáid as an gcomhthaithí mhór atá aici chun soláthar seirbhísí agus sábháilteacht dóiteáin a choimeád ar bun i rith na tréimhse deacra seo. Ach ní féidir a bheith réchúiseach agus sinn ag leanúint d'oiriúnú agus ag iarraidh a bheith seiftiúil de réir mar atáimid ag foghlaim conas maireachtáil le linn phaindéim COVID-19.

### *Tionscadail Chaipitiúla*

**Seachadadh na nithe seo a leanas ar an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála:**

- 2 jíp nua do Stáisiúin Challainn agus Achadh Úr
- 1 inneall dóiteáin nua do Stáisiún Challainn
- 2 inneall dóiteáin athláimhe do Stáisiún Áth na nUrlainn chun ionad na bhfeithiclí a bhí ann a ghlacadh.

### *Iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin*

- Fuarthas 132 iarratas ar dheimhnithe sábháilteacht dóiteáin sa bhliain 2020. B'ionann é sin agus méadú 25% i gcomparáid le hiarratais sa bhliain 2019.

- Iarratais uastáille iarratais a bhí i gceist le 2 cheann díobh sin agus bhain 8 gcinn le hIarratais Rialtachta i leith Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (rud atá comhionann le hIarratais ar Chead Pleanála a Choinneáil) .
- Próiseáladh roinnt iarratas mórscála ar dheimhniú sábháilteachta dóiteáin le haghaidh na forbartha tionscail ag Calafort Belview i dtaca le Comhfhiontar JHOK Ltd agus Cáis Chill Chainnigh.

### *Na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003*

- Thug Oifigigh Dhóiteáin roinnt cuairteanna coisc the dóiteáin ar áitribh chun comhairle a thabhairt agus chun an reachtaíocht a fhorfheidhmiú.
- Rinne Oifigigh Dhóiteáin cigireacht ar 54 áitreabh chun comhairle a thabhairt agus chun an reachtaíocht a fhorfheidhmiú.
- Próiseáladh 87 nIarratas ar Cheadúnas faoi Alt 24 den na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003.
- Sa bhliain 2020, seirbheáladh 1 Fhógra um Shábháilteacht Dóiteáin faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003.

### *Sábháilteacht Dóiteáin i bPobail*

- Leanadh d'fheachtais teachtaireachtaí phoiblí a reáchtáil ar bhonn leanúnach trínár gcainéil mheán sóisialta chun spreagadh a thabhairt do dhaoine den phobal i leith aláraim dheataigh a shuiteáil agus a gcuid aláram deataigh a sheiceáil uair sa tseachtain lena chinntiú go bhfuil siad ag obair.
- Moladh cuairteanna sábháilteachta dóiteáin ar theaghaisí (CSDT-anna) a reáchtáil tar éis dhianghlasáil tosaigh Leibhéal 5. Is é is aidhm do na cuairteanna sábháilteachta dóiteáin ar theaghaisí ná laghdú a dhéanamh ar an riosca dóiteáin trí fheasacht ar na contúirtí a ghabhann le dóiteán a mhéadú, trí chomhairlechuí a thabhairt agus, más gá, trí aláraim dhóiteáin a fheistiú.
- Reáchtáladh feachtas feasachta i rith Sheachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin i mí Dheireadh Fómhair 2020 chun aird a tharraingt ar thábhacht na sábháilteachta dóiteáin sa bhaile agus, ina theannta sin, reáchtáladh feachtas i measc úinéirí gnó agus iad ag filleadh ar an obair tar éis na chéad dianghlasála.
- I rith na tréimhse díreach roimh Oíche Shamhna 2020, coimeádadh feachtais teachtaireachta poiblí ar bun trínár gcainéil mheán sóisialta (Twitter agus Facebook) chun aird a tharraingt ar na contúirtí a bhaineann le tinte ealaíne agus tinte cnámh. Bhí idirchaidreamh ann idir an Roinn Comhshaoil agus an Garda Síochána chun laghdú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le tinte cnámh. Níor ghá freastal a dhéanamh ach ar 1 tine chnámh thar thréimhse Oíche Shamhna 2020.
- I rith thréimhse na Nollag bhí 'Smokey an Lucharachán'ag tvuíteáil comhairle shábháilteachta dóiteáin.
- Tugadh agallaimh raidió faoi shábháilteacht dóiteáin agus foilsíodh Leideanna Sábháilteachta Dóiteáin lehaghaidh thréimhse na Nollag.
- Mar thoradh ar thionchar COVID-19, ní raibh an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála in ann Clár BunscoileSNBDÉ a chur i bhfeidhm ar fud Chathair agus Chontae Chill Chainnigh.
- Ina theannta sin, chuir COVID-19 isteach ar chuairteanna ó ghrúpaí éagsúla ar Stáisiúin Dóiteáin agus ar bhearta cosanta ina dhiaidh sin. Cabhraíonn na cuairteanna sin leis an bpobal deis a bheith acu féachaint ar chuid den trealamh speisialtóireachta agus foghlaim faoi shábháilteacht dóiteáin sa bhaile.





### *Oiliúint*

**Cuireadh an oiliúint seo a leanas ar fáil:**

- Ardán Dréimire DóiteáinInsínte



*An Cathaoirleach, Peadar de Cléir, agus an Stiúrthóir Seirbhísí, Máire S. Uí Mhaolchallann, agus seilbh an dróin á tabhairt dá n-oibreoirí oilte. (díreach roimh dhianghlasáil 1!)*

- Sábh Slabhrach
- Céadfhreagróir Éigeandála
- Imbhuailte Tráchta Bóthair

D'fhoghlaim Comhraiceoirí Dóiteáin na scileanna i leith déileáil le crainn atá leagtha ag an ngaoth agus a bhacann róid agus limistéir phoiblí, agus béim á leagan ar theicníochtaí Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá oiliúint maidir le Céadfhreagróir Éigeandála faighte ag an gcuid is mó daoine de chuid phearsanra na seirbhíse dóiteáin.

Leanadh den oiliúint sheachtainiúil ar fud an chontae tar éis oiliúint ionduchtúcháin a fháil faoi Covid-19.

## *Oibríochtaí*

- Dhéileáil Briogáidí Dóiteáin le 824 theagmhas sa bhliain2020. Tá an tSeirbhís Dóiteáin ina hacmhainn an-athléimneach agus an-úsáideach sa mhéid gur féidir Briogáidí (daonchumhacht oilte agus threalmhaithe) a shlógadh laistigh de roinnt nóiméad ón tráth a tharlaíonn éigeandáil ina limistéar etc.
-
- Rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre rátáil rioscaí ród-acmhainneachta i ndáil le sábháilteacht ár gcuid feithiclí agus i ndáil le comhlíontacht i leith lenár n-oibleagáidí dlíthiúla. Rinne ár Meicneoir Briogáide, agus gach duine den phearsanra atá bainteach le seiceáil fearas, sárobair maidir le hardchaighdeán ár bhflít (os cionn tríocha feithicil) a choimeád ar bun. Faoi láthair, táimid rangaithe san 88ú peircintíl ghlas ó thaobh peircintílí riosca rátála de agus léiríonn sé sin caighdeán an-ard.
-
- Chuaigh soláthar drón don tSeirbhís Dóiteáin sa bhliain 2020 go mór chun tairbhe do fhreagairt na Briogáide ar gach cineál teagmhas. Tá rochtain ag Ceannasaithe Teagmhais ar radharc ón spéir ar theagmhais anois agus tá ceamara íomhánna teirmeacha ann chun baill teo a bhrath rud a chuireann faisnéis thábhachtach ar fáil lena gcumasaítear teagmha.

## *Mór-Éigeandálaí a Bhainistiú*

Athbhreithníodh agus uasdátaíodh pleananna i rith na bliana 2020.

- Plean Bainistíochta Mór-Éigeandálaí & Aguisíní
- Plean Freagartha i leith Éigeandálaí Tuile agus Plean i leith Drochaimsire (gan Tuiliú a áireamh).
-
- Plean Éigeandála Seachtraí le haghaidh Grassland Fertilisers (Kilkenny) Ltd. Tástáladh an plean sin faoi Treoir Seveso III 2020 trí nósanna imeachta shlógadh na bPríomhghníomhaireachtaí Freagartha (PGF- anna) a thástáil agus trí athbhreithniú agus measúnú (fíorúil) a dhéanamh ar an Éigeandáil Sheachtrach a raibh na PGF-anna, Oibreoir an Láithreáin agus gníomhaireachtaí reachtúla páirteach inti.

# COSAINT SHIBHIALTA



Tá Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh ina heagraíocht ina n- oibríonn daoine deonacha agus a thacaíonn leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha ar bhonn áitiúil agus ar bhonn náisiúnta araon. Ina theannta sin, cabhraíonn sí le pobail áitiúla i dtaca le garchabhair a sholáthar ag imeachtaí beaga agus ag imeachtaí móra. Faoi láthair tá 34 oibrí dheonacha ghníomhacha ann i gCill Chainnigh.

### *2020*

Glacadh páirt in 11 imeacht spóirt agus carthanais
I mí Feabhra, reáchtáladh cuardach ar dhuine ar iarraidh aguschuimsigh sé sin:



- an t-aonad báid
- an mheitheal chuardaigh
- dróin
- an t-aonad madraí.

### *COVID-19:*

Ó bhí mí an Mhárta ann, tá baint ag an t-aonad leis an bhfreagairt ar phaindéim an Víris Choróinigh. Bhí 31 oibrí deonach ag gabháil d'iompar túslíne liachta chuig ospidéil, ionaid tástála agus moil mheasúnachta COVID agus do thacaíocht a sholáthar do Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus don Ionad Tástála COVID.

Ullmhaíodh na céadta pacáistí cúraim agus seachadadh ar dhaoine scothaosta agus ar dhaoine leochaileacha iad ar fud an Chontae thar ceann 8 n-eagraíocht. Tugadh tacaíocht do dhaoine i leith siopadóireacht bhia, bailiú earraí liachta agus íoc billí. Tá os cionn 2,000 uair an chloig de chúnamh tugtha.


### *D'fhreastail an t-aonad ar iarrataí uathu seo a leanas:*


- An Cumann Ailse
- An Líne ChabhrachPhobail
- An tIonad Tástála COVID
- CSLDÓ
- Na Gardaí
- Éire Shláintiúil
- FSS
- Seirbhís Fuilaistriúcháin nahÉireann
- Comhairle Chontae Chill Chainnigh
- An tSeirbhís Leabharlainne
- An Clár Athlonnúcháin
- TUSLA

### *An Líon Iomlán Dualgas a cuireadh i gcrích sa bhliain 2020*

| Dualgais | Líon | Uaire |
|---|---|---|
| COVID | 350 | 2,112 |
| Imeachtaí Pobail | 11 | 236 |
| Cuardach | 2 | 310 |
| **IOMLÁN** | **263** | **2,669** |







**Nóta: D'fhéadfadh Roinnt laethanta a bheith i gceist le haon dualgas amháin agusd'fhéadfadh líon mór oibrithe deonacha páirteach ann thar thréimhse fhada.**

## *Oiliúint*

D'ainneoin shrianta na paindéime, cuireadh oiliúint riachtanach i gcrích faoi threoirlínte diana FSS chun scileanna na n-oibrithe deonacha a choimeád cothrom le dáta agus chun inniúlachtaí an aonaid a chothabháil.

Cháiligh triúr oibrithe deonacha mar theagascóirí i ndáil le cúrsaí Leighis, Ualaí Troma a Láimhseáil agus Déileáil le Daoine agus fuair cuid mhór oibrithe deonacha deimhniúchán i ndáil le réimsí éagsúla ar fud na bliana.






KILKENNY


HAND
SANITIZER
giveblood.ie
Call 1850 731 137



# AN STIÚRTHÓIREACHT PLEANÁLA, EACNAMAÍOCHTA & SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

**Stiúrthóir Seirbhísí: Seán Mac Eoghain**



# PLEANÁIL
# & FORBAIRT

Is cinnte gur imir na srianta sláinte poiblí a tugadh isteach i rith na bliana chun COVID-19 a chomhrac tionchar dochrach ar phleanáil agus tháinig laghdú beag (4%) ar líon foriomlán na n- iarratas a fuarthas i rith na bliana i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. Agus an méid sin ráite, bhí méadú inbhraite ar an líon iarratas pleanála a fuarthas sa Ráithe dheireanach den bhliain 2020 i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. Ina theannta sin, tháinig méadú i rith na bliana ar an líon iarratas a fuarthas i leith scéimeanna móra tithíochta.

- Fuarthas 935 Iarratas Pleanála i rith na bliana 2020 - laghdú 4% i gcomparáid leis an mbliain 2019.

## *Rialú Foirgníochta*

| Bhliain | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| An líon Fógraí Tosaithe Bailí a fuarthas | **319** | **291** |
| An Líon Iarratas Bailí ar Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas | **86** | **60** |
| An líon foirgneamh a ndearna an Chomhairle cigireacht orthu mar % de na foirgnimh nua a fógraíodh | **21%** | |

## *Glacadh faoi Chúram*

Faoi phróiseas reachtúil na Comhairle maidir le Tógáil Faoi Chúram (TFC), tá 42 eastát san iomlán ann agus iad ag céimeanna éagsúla ó thaobh iad a chríochnú. Fuarthas 1 iarratas nua maidir le tógáil faoi chúram sa bhliain 2020.

**Cuireadh oibreacha i leith Tógáil Faoi Chúram ar 4 Eastát breise sa bhliain 2020 mar a leanas:**

- Ard Glas, Ban Ard, Tuar na mBláth, An Grianán, An Cuainín i bhFearann na Mainistreach, Port an Chalaidh, Cill Chainnigh;
- Kingscourt, Callainn
- Glenvale, Béal Átha Ragad
- Cois na Bearú, Gráig na Manach


## *Dréacht-Phlean Forbartha na Cathrach & an Chontae 2021 - 2027*

Foilsíodh Dréacht-Phlean Forbartha na Cathrach & an Chontae 2021 - 2027 ar an 22 Nollaig 2020. Tá dhá imleabhar agus aguisíní ann sa Dréacht-Phlean.

**Imleabhar 1:** Dréacht-Phlean don Chontae
**Imleabhar 2:** Dréacht-Phlean don Chathai
**Aguisíní:** Measúnacht Straitéiseach Chomhshaoil, Measúnacht Chuí, Straitéis maidir le Tithíocht, Straitéis maidir le Cúrsaí Miondíola sa Chathair & Chontae, Straitéis maidir le Fuinneamh Gaoithe.

Beidh comhairliúchán poiblí ar siúl ina leith go dtí an 12 Márta, 2021.

## *Plean Ceantair Áitiúil Ghráig na Manach/Thigh na hInse (PCÁ)*







Tá an Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil do Ghráig na Manach/ Thigh na hInse á ullmhú i gcomhpháirt le Comhairle Chontae Cheatharlach agus foilsíodh é i mí na Samhna 2020 le go bhféadfaí comhairliúchán poiblí reachtúil a sheoladh ina leith agus cuireadh an comhairliúchán poiblí sin i gcrích i mí Eanáir 2021. Ceaptar go nglacfar an Dréacht-PCÁ i Ráithe 1 den bhliain 2021.

## *Plean Iompair Áitiúil Chathair Chill Chainnigh*

Mar chuid de ullmhúchán le haghaidh Phlean Forbartha na Cathrach agus an Chontae, ceapadh sainchomhairleoirí chun cabhrú leis an gComhairle Plean nua Iompair Áitiúil a fhorbairt don Chathair. Sa bhliain 2020, ullmhaíodh dréacht-tuarascáil maidir le coinníollacha bunlíne, chomh maith le dréacht-tuarascáil maidir le roghanna. Tá obair ar siúl i gcónaí agus cuirfear suirbhéanna tráchta i gcrích go gairid agus ceaptar go mbeidh Dréacht-Phlean Iompair Áitiúil réidh i Ráithe 2 2021.

## Máistirphlean Loch Mocháisc

Ceapadh sainchomhairleoirí chun cabhrú le forbairt Mháistirphlean Loch Mocháisc agus d'fhreastail níos mó ná 60 duine ar chruinniú poiblí a seoladh i mí Eanáir 2020 chun an Máistirphlean a phlé. Tá cuid mhór oibre déanta cheana féin ach, de bharr shrianta Covid-19, cuireadh moill ar fhoilsiú an phlean ach cuirfear ar taispeáint go poiblí é go luath sa bhliain 2021.



## Máistirphlean Champas Naomh Cainneach

I gcomhar le FSS, rinneadh ullmhúcháin sa bhliain 2020 maidir le tús a chur le Creatphlean le haghaidh Champas Naomh Cainneach, lena n-áirítear páipéar saincheisteanna a ullmhú. Tá méid suntasach oibre suirbhéireachta déanta lena n-áirítear suirbhéireacht chrann, agus, de bharr srianta sláinte poiblí ar chruinnithe, cuireadh an tionscadal ar fionraí go sealadach ach atosófar é sa bhliain 2021.

Kilkenny County Council
Comhairle Chontae Chill Chainnigh

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

**Creatphlean le haghaidh Champas FSS Naomh Cainneach**



## Caomhantas

**Ceadaíodh maoiniúchán deontais €280,824 le haghaidh 16 thionscadal faoi na scéimeanna seo a leanas:**

- Scéim Infheistíochta i leith na hOidhreachta Foirgnithe
- Ciste na nDéanmhas Stairiúil
- Ciste na Séadchomharthaí Pobail

Bhain na hoibreacha le ceann tuí nua a chur ar theachíní dúchasacha, deisiúcháin ar dhíonta sclátaí stairiúla, deisiú ráillí iarainn bhuailte agus rindreáil aoil, chomh maith le hoibreacha cobhsaíochta, deisiúcháin ar fhuinneoga agus feabhsuithe ar rochtain.

Rinneadh oibreacha caomhantais fíor-riachtanacha ar dhéanmhais atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae Chill Chainnigh ag teorainn reilig Eaglais Mhuire i gCallainn a mhaoiniú faoi Thionscnamh Bailte Stairiúla na Comhairle Oidhreachta.




*Íomhánna roimh thosú na n-oibreacha ar geataí iarainn bhuailte 19ú haois agus tar éis na n-oibreacha sin. Eaglais Mhuire, Callainn.*





*Íomhánna roimh thosú na n-oibreacha ar theachín ceann tuí 200 bliain d'aois i mBaile an Licéadaigh, Contae Chill Chainnigh agus tar éis na n-oibreacha sin.*



## *Láithreáin Fholmha*

Tar éis an athbhreithnithe bhliantúil ar láithreáin fholmha ar fud an chontae, cuireadh 7 láithreán eile le Clár na Láithreán Folamh sa bhliain 2020, rud a d'fhág gurb é atá i líon iomlán na láithreán atá faoi réir Thobhach na Láithreán Folamh ná 36. Is é atá sa líon iontrálacha cealaithe mar thoradh ar ghníomhachtú nó feabhsú láithreán ná 16, rud a léiríonn go bhfuil ag éirí leis an tobhach a sprioc a bhaint amach.

## *Tionscadal na nÉadanas Siopa*

**"Éadanais Siopa i gCill Chainnigh Thar na Blianta"**
Lainseáin Comhairle Chontae Chill Chainnigh acmhainn nua ar líne sa bhliain 2020 dar teideal "Éadanais Siopa i gCill Chainnigh Thar na Blianta" agus is féidir teacht air sin i gCartlann Dhigiteach Leabharlann Chill Chainnigh https://digital-archive.kilkenny.ie/. D'éirigh an tionscnamh sin as comhoibriú idir Rannóg Pleanála na Comhairle, an tSeirbhís Leabharlainne, Córais Faisnéise agus Oidhreacht.








*Tá Éadan ais Siopa i gCill Chainnigh Thar na Blianta ina chuid de Straitéis na Comhairle maidir lehÉadanais Siopa agus Comharthaíocht, ina n-áirítear méadú feasachta, beartas agus treoir, agusforfheidhmiú.*

# COMHSHAOL

- Chuir an Chomhairle Plean CÍMCC (Critéir Íosta Mholta le haghaidh Cigireachtaí Comhshaoil) faoi bhráid GCC agus fuair sé scór foriomlán Ard don bhliain 2020, ar aon dul leis an scór a fuarthas sa bhliain 2019. Sainaithníodh c. 5,000 cigireacht beartaithe i réimse na Dramhaíola, an Uisce, an Torainn agus an Aeir agus, d'ainneoin an tionchair agus na ndúshlán a bhain le srianta COVID-19 agus sábháilteacht an phobail/na foirne, chuir an Fhoireann Chomhshaoil tuairim is 85% de na cigireachtaí sin i gcrích.
- Tuairiscíodh 1,317 ngearán don Rannóg Comhshaoil sa bhliain 2020 agus ba mhéadú suntasach an figiúr sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo. Déantar gach gearán a thaifeadadh i gCóras BCC (Bainistíocht Caidreamh Custaiméara), tugtar Uimhir Aitheantas uathúil dó, sanntar don bhall foirne cuí é, imscrúdaítear é, déantar beart ina leith agus tar éis a é a réiteach dúntar é ar an gcóras.
- Tháinig méadú ar an ngníomhaíocht ag Láithreán Chonláiste Cathartha an Dúin Mhóir sa bhliain 2020 áit ar bailíodh os cionn 2,822 thona dramhaíola agus 1,702 thona ábhair athchúrsála, ar figiúirí iad sin a léiríonn méadú c.10% i gcomparáid leis an mbliain 2019. Bhain 68,537 gcustaiméir úsáid asan tsaoráid i rith na bliana 2020.
- D'óstáil Láithreáin Chonláiste an Dúin Mhóir agus na Greanaí Imeacht an-rathúil Bailithe Dramhthrealaimh Thoirtiúil ar lena linn a bailíodh beagnach 56 thona dramhaíola toirtiúla faoin Tionscnamh Frithbhruscair.
- Tháinig méadú suntasach ar úsáid ár 46 Ionad 'Fág Anseo' ar fud Chathair agus Chontae Chill Chainnigh - bailíodh 2,609 dtona gloine, alúmanaim agus cruach sa bhliain 2020, rud a léiríonn méadú 39% i gcomparáid le figiúr na bliana 2019.




- Reáchtáladh líon mór feacht as meán ar raidió áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, sna meáin chlóite agus ar ardáin mheán sóisialta chun deireadh a chur le




bruscar a bheith á fhágáil in áiteanna poiblí agus le salú ag madraí agus chun feasacht a mhéadú maidir leis na rioscaí breise sábháilteachta a bhaineann le dramhaíl mar thoradh ar COVID agus fuarthas tacaíocht ina leith sin ó Oifig Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt.
- Eisíodh 223 Fhógra Pionóis Sheasta mar gheall ar chionta faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar. Bhain na cionta le raon leathan gníomhartha amhail bruscar a fhágáil ait phoiblí, dramhábhar a chaitheamh amach as feithiclí agus iad ag gluaiseacht agus póstaeir agus comharthaí neamhúdaraithe a chur in airde.
- Rinneadh 50 gníomh sa bhliain 2020 faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, lena n-áirítear roinnt cásanna a bheidh os comhair na gcúirteanna sa bhliain 2021.
- Sa bhliain 2020, thug an Chomhairle tionscnamh nua isteach - cártaí poist a eisiúint chun sealbhóirí tí ar fud an Chontae a spreagadh chun ceistneoir ar líne a chomhlánú ar mhaithe le faisnéis a chur ar fáil don Chomhairle i dtaobh conas atá dramhaíl teaghlaigh á bainistiú i gcomhthéacs na bhFodhlíthe a bhaineann le Bainistiú Dramhaíola.
- Rinneadh roinnt tionscnamh ilghníomhaireachta, lena n-áirítear Oibríocht Thor agus cigireachtaí ar láithreáin Feithiclí Deireadh Ré (FDR).
- I measc na dtionscnamh eile a cuireadh ar aghaidh faoin Tionscnamh Frithdhumpála áiríodh glantachán a dhéanamh ina mbíonn cuid mhór

bruscair á fhágáil ar fud an Chontae agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Scéim na Rothar don Afraic.

- Faoi Chlár Measúnachta & Oibreacha Líontaí Talún Stairiúla Údaráis Áitiúil 2020, rinneadh obair feabhais ar láithreán Searman i mBéal Átha Ragad. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le Measúnacht Rioscaí ag an 12 Láithreán Stairiúla Líonta Talún eile sa chontae lena fháil amach an raibh gá le haon obair feabhais eile.



*Sláithreán Searman i mBéal Átha Ragad – Márta 2020 (Cóir a BheithCríochnaithe)*

- Faoi réir maoiniúchán a bheith ar fáil, ceaptar go ndéanfar obair Mheasúnachta Rioscaí ag an 12 láithreán a chur i gcrích sa bhliain 2021 agus go ndéanfar iarratais ar Dheimhniú Údarúcháin a churfaoi bhráid an GCC.
- D'athnuachan 18 scoil a ngradam brataí glaise i Márta agus, i mí Dheireadh Fómhair, seoladh seisiún rathúil faisnéise do chomhordaitheoirí na scoileanna glasa ar líne. Ina theannta sin, eisíodh nuachtlitir bunscoile inar tugadh mionsonraí faoi acmhainní ar líne atá ar fáil chun cabhrú le hoideachas comhshaoil agus eisíodh dhá leabhar a bhain le téamaí comhshaoil.
- Cuireadh comórtas róbat uaschúrsáilte i gcrích i rith an tsamhraidh agus é dírithe ar dhaltaí bunscoile agus lainseáladh comórtas le haghaidh grúpaí meánscoileanna i mí na Samhna nuair a iarradh ar mhic léinn teach gloine a thógáil as buidéil phlaisteacha roimh dheireadh na bliana acadúla.
- Ceadaíodh 13 dheontas a bhain le stop a chur le Bruscar agus Graifítí sa Phobal.
- Bronnadh 7 nDeontas Coiscthe Dramhaíola. Cuireadh Feachtas speisialta Péinteála Níos Cliste don Líonra Coiscthe Údarás Áitiúil i bhfeidhm i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla Cheatharlach agus Phort Láirge chun spreagadh a thabhairt don phobal péinteáil níos cliste a dhéanamh - níos lú airgid a chur amú, níos lú péinte a chur amú.
- Ceadaíodh 26 dheontas faoin Scéim Deontais do Reiligí.
- De bharr shrianta COVID, ní raibh gníomhaíochtaí grúpa ceadaithe agus, dá bhrí sin, tháinig laghdú ar líon na nglantachán earraigh bliantúil. Ach tugadh cúnamh i ndáil le 30 glantachán a ndearna daoine aonair iad agus a raibh bailiú bruscar i gceist leo laistigh dá gceantar áitiúil (agus scaradh sóisialta á gcleachtadh acu).
- Reáchtáladh "Seachtain na Dramhaíola" i mí na Samhna chun aird a tharraingt ar na seirbhísí dramhaíola a sholáthraíonn an Chomhairle agus chun acmhainní faisnéise atá ar fáil don phobail a chur chun cinn chun cabhrú leo a ndramhaíl teaghlaigh a bhainistiú. Lainseáladh scannán bolscaireachta faoi Ionad Athchúrsála & Diúscartha Dramhaíola ar mheáin shóisialta.
- Ba é Cathair Chill Chainnigh an ceann ba ghlaine arís den 40 baile a ndearna Gnó na hÉireann in aghaidh Bruscair suirbhéireacht orthu. Bhí Cill Chainnigh ag barr na ranguithe den 4ú huair, rud nach ndearna aon áit eile riamh, agus fógraíodh an chathair mar bhuaiteoir foriomlán na bliana 2020.
- Baineadh amach spriocanna suntasacha i rith na bliana maidir le Páirc Thuaithe Bithéagsúlachta agus Áineasa an Dúin Mhóir a chur chun cinn. Tíolacadh iarratas ar mhaoiniúcháin €500,000 faoin Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA) i mí na Samhna. Cuireadh tús leis an bpróiseas 'Pleanáil Alt 8' i mí na Nollag.
- Leanann Comhairlí Chill Chainnigh de bheith i gceannas ar an tseirbhís náisiúnta chomhroinnte dar teideal "Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil" (CUÚA) trína dtugtar tacaíocht, agus trína ndéantar comhordú, i ndáil le Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018 – 2021 (PBA) a chur i bhfeidhm. Mar thoradh ar PBA, ceanglaítear ar CUÚA feabhsuithe cáilíochta uisce a bhaint amach ar bhonn náisiúnta i dtaca le 189 bpríomhlimistéar. Maidir le Cill Chainnigh ba iad na limistéir a bhí i gceist sa bhliain 2020 an Deighean (an Príomhchainéal, an cainéal Theas agus an Dúghlais), An Uaithne, an Dubhuisce agus Sruthán Porterstown, an tOircín agus an Bhréagach.
- Lean Oifigeach Uisce Phoiblí Chill Chainnigh de bheith ag obair le grúpaí pobail i ndáil le feasacht a mhéadú maidir lena gcuid uiscí áitiúla agus maidir le tacú le tionscadail áitiúla éagsúla.
- Maidir leis an 189 príomhlimistéar ar fud na tíre, d'eagraigh CUÚA cruinnithe faisnéise pobail i 26 cinn acu, d'oibrigh sé ar 31 staidéar deisce, chuir sé tús le measúnachtaí abhantrach áitiúil i 35 limistéar agus chuir sé tús le tuarascálacha faoi 26 limistéar.
- Lean CUÚA de bheith ag obair le RTRÁO agus le GCC i ndáil le hullmhúchán a dhéanamh do chéad PBA eile a bhainfidh leis an tréimhse ó 2022 go 2027. Chabhraigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh le CUÚA le linn an Dréacht-PBA a fhorbairt. Tá 14 Limistéar le haghaidh Gnímh sainaitheanta i gContae Chill Chainnigh. Ceaptar go gcuirfear tús



*Leagan amach beartaithe Pháirc Thuaithe Bithéagsúlachta & Áineasa Allamuigh an Dúin Mhóir*



*Fótamontáis Pháirc Thuaithe Bithéagsúlachta & Áineasa Allamuigh an Dúin Mhóir*

le comhairliúchán ar bhonn náisiúnta sa bhliain 2021.

- Le linn dhianghlasáil COVID, rinne CUÚA comórtas scéalaíochta a reáchtáil i gcomhar le hIascach Intíre Éireann, le hUiscebhealaí Éireann, leis an gComhairle Oidhreachta agus le Clár Oifigeach Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil chun scéalta gairide faoi uiscí áitiúla a bhailiú. Tiomsaíodh na scéalta ab fhearr i leabhar dar teideal "Scéalta ó Thaobh an Uisce" agus lainseáil an tAire Ó Nuanáin i mí Lúnasa é chun Lá na hOidhreachta Uisce ar an 23 Lúnasa a chomóradh.
- Sábháilteacht Uisce - soláthraíodh 5 Aonad nua Leasa Garda Tarrthála son tseirbhís gardaí tarrthála a dhéanann maoirseacht ar ár gcúig limistéar snámha neamhainmnithe. Lean gardaí tarrthála de bheith ar dualgas, ag tráthanna sonracha, i rith mhí an Mheithimh, mhí Iúil agus mhí Lúnasa, sna Meadows agus ag an gCora i gCathair Chill



*Seán Céitinn, Áine Ní Fhaoláin, An tAire Ó Nuanáin, ProinsiadMac Iagó, Colette Uí Bhroin le linnlainseáil an leabhair*

Chainnigh, i nGráid na Manach, in Inis Tíog agus i mBaile Mhic Andáin. Tá achoimre ar an gcúnamh a thug ár ngardaí tarrthála, agus ar na hidirghabhálacha a rinne siad, le fáil anseo thíos.


| Staitisticí Garda Tarrthála do Shéasúr an tSamhraidh 2020 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Tarrtháil | Garchabhair | Comhairle a Thabhairt | Timpistí a Coisceadh | Eile |
| **5** | **100** | **650** | **150** | **0** |

# SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

Lean an tSeirbhís Tréidliachta den Chonradh Seirbhíse maidir le Sábháilteacht Bhia le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a chomhlíonadh. Áiríonn sé sin freagracht i ndáil le Seirbhís Tréidliachta Chomhairle Chontae Cheatharlach.

**I measc na hoibre a rinneadh, áiríodh an méid seo a leanas:**


- Mharaigh seamlais (a cheadaítear faoi mhaoirseacht na seirbhíse) bó-ainmhithe (5,243), caoirigh (17,270) agus éanlaith (132,448).
- Bhí 20 Gnó Bia á maoirsiú ag an tseirbhís sa bhliain 2020.
- Glacadh 27 Sampla Iarmhair mar chuid den Phlean Náisiúnta Rialaithe Iarmhair.
- Glacadh 63 sampla, idir Mhailíneachtaí Feola agus Shamplaí Uisce, mar Rialuithe Oifigiúla.
- Rinneadh 134 chigireacht sláinteachais (seachas cigireachtaí AM/PM) in áitribh bhia.
- Leanadh de chomhairliúcháin le gnóthaí nua bia de bhreis ar ghnóthaí bia atá á maoirsiú cheana féin agus a bhfuil pleananna acu maidir le leathnú an ghnó.




### *Madraí agus Capaill*

- EBunaíodh Coiste nua Caighdeán Leasa Ainmhithe chun faireachán a agus formhaoirseacht a dhéanamh ar oibriú Chaighdeáin na Comhairle maidir le Leas Ainmhithe i leith madraí agus capall.
- Cuireadh Fodhlíthe athbhreithnithe maidir le Rialú Capall i gContae Chill Chainnigh, ina n-áirítear criosanna eisiata capall i lár na Cathrach, ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí sa bhliain 2020.
- Gaibhníodh 60 capall faoin Acht um Rialú Capall sa bhliain 2020 ar cuireadh síos 14 acu, ar éiligh a n-úinéirí iad agus ar aimsíodh baile nua dóibh i measc saoránaigh phríobháideacha nó carthanas Leasa Ainmhithe.
- Eisíodh 5,872 cheadúnas madra sa bhliain 2020.
- Rinneadh 57 gcigireacht ar an 31 Bhunachais Phóraithe Madraí.
- Tugadh 257 madra suas do Dhídean Madraí Cheatharlach/Chill Chainnigh sa bhliain 2020 agus, ina measc sin, bhí madraí seachráin ann a d'aimsigh na Maoir Mhadra. Fuarthas baile nua do 200 madra acu sin agus d'éiligh a n-úinéirí 53 cinn acu. Ar an drochuair, goideadh 2 mhadra agus b'éigean 2 mhadra a chur síos i rith na bliana de bharr ciapadh caorach.
- Rinneadh oibreacha feabhsaithe ar Dhídean Madraí Cheatharlach/Chill Chainnigh a chur i gcrích sa bhliain 2020. Cuirfidh na feabhsúcháin sin eispéireas níos fearr do dhaoine den phobal a thugann cuairt ar an dídean chun madra a uchtáil.


# ATHRÚ AERÁIDE
# & ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH




*Deais an Dul Chun Cinn go dtí seo go dtí seo Straitéis Chill Chainnigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2019-2024*

- Cuireadh an chéad athbhreithniú bliantúil ar Straitéis Chill Chainnigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide (SOAA) 2019-2020 i gcrích sa bhliain 2020. Leagtar amach torthaí an athbhreithnithe anseo thíos agus léiríonn siad go bhfuilimid i riocht maith chun na 96 ghníomh atá luaite sa Phlean a chur i gcrích.
- Ina theannta sin rinneadh athbhreithniú ar Phlean Foghníomhartha SOAA ina luaitear 235 ghníomh shonracha a d'éirigh as na príomhghníomhartha atá ann in SOAA. D'ainneoin na ndúshlán a bhí ann mar gheall ar COVID-19, cuireadh tús le 185 cinn (nó beagnach 80%) den 235 fhoghníomh i rith na bliana agus bhí cuid acu críochnaithe.
- I mí na Nollag, reáchtáladh líon suntasach cruinnithe foirne in éineacht le ceannairí foirne agus ainmníodh daoine atá bainteach le SOAA chun teacht ar Phlean nua Foghníomhartha SOAA don bhliain 2021. Comhaontaíodh 234 fhoghníomh nua rud a léiríonn clár an-uaillmhianach don bhliain 2021.
- Chláraigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh le Comhghuaillíocht Aeráide na hEorpa sa bhliain 2020 agus tá sí i measc na gcéad údaráis áitiúla de chuid na hÉireann a rinne amhlaidh. Cuimsíonn an Chomhghuaillíocht 1,700 údarás áitiúil as áiteanna i 25 thír Eorpacha. Tugann baill na Comhghuaillíochta gealltanas chun astaíochtaí CO2 a laghdú 10% gach 5 bliana. Tá an sprioc sin i gcomhréir leis an uaillmhian atá aontaithe ag an gComhairle sna gníomhartha atá leagtha amach in SOAA.
- Dhaingnigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ÚFIÉ) gur sháraigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh an sprioc tar éis sábhálacha fuinnimh 34% a bhaint amach bliain amháin roimh an spriocam. Faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (PGNÉF) agus faoi Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí, tá ar gach údarás poiblí feabhsú 33% a bhaint amach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2020 ón mbunbhliain 2009.
- Lean Meitheal Fuinnimh na Comhairle de dheimhniúchán Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a lorg. Mar thoradh ar an deimhniúchán sin, beidh córas docht bainistíoichta fuinnimh ann chun bainistíocht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus ar fheidhmíocht úsáideoirí suntasacha fuinnimh. Beidh sé sin ina chabhair mhór don eagraíocht agus í ag féachaint leis na spriocanna a bhaint amach i ndáil leis an tsábháil riachtanach fuinnimh agus i ndáil le laghdú carbóin suas go dtí an bhliain 2030 agus dá éis sin. Mar chuid den phróiseas sin, fostaíodh iniúchóirí neamhspleácha atá ceadaithe ag ÚFIÉ chun measúnacht a dhéanamh ar chóras bainistíochta fuinnimh na Comhairle.

  Tharla céim 1 den phróiseas iniúchta deimhniúcháin i dtrátha dheireadh mhí na Samhna agus tá céim 2 le bheith ann i lár mhí Eanáir 2021. Tá aiseolas an-dearfach faighte ón Iniúchóir i leith Chéim 1 agus ceaptar go dtabharfar an creidiúnúchán i Ráithe 1 den bhliain 2021.
- Cuireadh sé cinn breise de na Foirne Sábhála Fuinnimh Baile ar fáil do Líonra Sheirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh chun a chinntiú go bhfuil foireann ag gach brainse anois agus í ar fáil lena fháil ar iasacht. Tá uirlisí praiticiúla ann sna foirne chun cabhrú le teaghlaigh sábháil a dhéanamh i dtaca lena mbillí fuinnimh de.



*Lainseáil an Cathaoirleach, Aindriú Mac Aonghusa scaipeadh na bhFoirne Sábhála Fuinnimh Baile ar Líonra Sheirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh*

# PÁIRCEANNA
# & TAITNEAMHACHTAÍ

### *Páirceanna & Clóis Súgartha*

Rinneadh cigireachtaí ar 30 clós súgartha i rith na bliana 2020. Déantar aon deisiúcháin nó aon ghlantachán atá ag teastáil a chur i gcrích ar mhaithe leis na clóis súgartha a chothabháil i riocht maith le haghaidh úsáid shábháilte.

**Osclaíodh clóis súgartha nua sa bhliain 2020 i dTulach Ruáin, i mBaile Sheáin agus i bPáirc Chomharsanachta Phort an Chalaidh.**

| Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill | Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomair | Ceantar Bardasach Chill Chainnigh | Ceantar Bardasach Challainn - Bhaile Mhic Andáin Baile Héil |
|---|---|---|---|
| **Páirc Chomharsanachta Phort an Chalaidh** | **Baile Sheáin** | **An Pháirc Nua** | **Baile Héil** |
| **Port an Chalaidh, Blackthorn Hills** | **Béal Átha Ragad** | **Plás na Deastógála, Bóthar Uí Lachtnáin** | **Bearna na Gaoithe** |
| **Fiodh Dúin, Siúlán na Coille Móire** | **Diméin Chaisleán an Chomair** | **Ionad an Ath. Mhic Craith** | **Gairdíní Chluain Dúin** |
| **Móin Choinn** | **An Cloch** | **Garraí an Chrainn, Bóthar Thobar Eoin** | **Droichead Binéid** |
| **Muileann an Bhata** | **An Cuan** | **Talbots Court Estate** | **Faiche an AOnaigh, Callainn** |
| **Chii Mhic Bhúith Baile an Phoill** (oibreacha le tosú sa bhliain 2021) | **Baile Phóil** | **Cnoch na Rós, Bóthar Cheanannais** | **An Droichead Nua** |
| **Bigwood** (pleanáil i bhfeidhm) | **Áth na nUrlainn** | | **Gráig na Manach** |
| | **Tulach Ruáin** | | **Ceanannas** |
| | | | **Áth Stúin** |
| | | | **Baile Mhic ANdáin** |



*Suíocháin Nua & Limistéar Chleas na Bacóide ag Faiche an Aonaigh i gCallainn*



*Long Phíoráidí i gClós Súgartha Phort an Chalaid*





*Clóis Súgartha Bhaile Mhic Andáin & na Cloiche*

## Páirc Chomharsanachta Phort an Chalaidh

Críochnaíodh an obair ar Pháirc Chomharsanachta Phort an Chalaidh i rith na bliana agus osclaíodh an Pháirc i mí Dheireadh Fómhair. Tá an Pháirc ina cuid de líonra forleathan spásanna glasa i gceantar Phort an Chalaidh agus tá pleananna ann chun naisc a chruthú le Glasbhealachan Oirdheiscirt agus cuirfear tús leis an tógáil go gairid.



*Clós Súgartha i bPort an Chalaidh agus ceapach lus liath chun tosaigh*



*Suíocháin Sraithe. Clós Súgartha & Limistéar Aclaíochta d'Aosaigh ar an leibhéal uachtair*

## Páirc Líneach na Feoire

Clúdaíonn an bealach tuairim is 7km de bhruach abhann agus soláthraíonn sé siúlán tarraingteach agus rian rothar le haghaidh aclaíocht allamuigh. Leanann an Roinn Páirceanna de bhainistíocht a dhéanamh ar na móinéir fhairsinge i Móinéar an Easpaig agus i Móinéar an Diúic trí úsáid a bhaint as cleachtais inbhuanaithe lomtha chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú.





## Plandáil Crann

Cuireadh clár plandála crann i bhfeidhm sa chathair agus sa chontae go luath sa bhliain 2020 chun comóradh a dhéanamh ar roinnt cothromdhátaí speisialta. Tá an clár plandála ina chuid dár dtiomantas i leith leathnú a dhéanamh ar phlandáil crann ar fud an chontae chun tacú le cuspóirí na Straitéise um Oiriúnú don Athrú Aeráide.

**Seo a leanas na cothromdhátaí a comóradh:**


- 120 bliain de Rialtas Áitiúil - plandáladh 120 crann i láithreáin i mBéal Átha Ragad, i mBaile an Phoill, i gCallainn agus i gCathair Chill Chainnigh.
- 40 bliain den Rotary Club - plandáladh 40 crann i bPáirc Chomharsanachta an Locha Bhuí.
- 30 bliain d'Iontaobhas Cathartha Chill Chainnigh - plandáladh 30 crann i bPáirc Chomharsanachta an Locha Bhuí
- 20 bliain de Thionscadal Athbhunaithe Ghairdíní Chluain Dúin - plandáladh 20 crann taispeántais sa chrannlann chun ionad crainn a cailleadh de bharr stoirmeacha roimhe seo a ghlacadh.
- 25 Bliana de Cat Laughs Chill Chainnigh - plandáladh 25 chrann in Lintown Hall chun aibhinne crann teile a ndearnadh loitiméireacht orthu a athchrúthú.

## *Gairdíní & Crannlann Chluain Dúin*

- Lean an Roinn Páirceanna de fhreastal a dhéanamh ar oibríochtaí ó lá go lá agus de phleanáil a dhéanamh maidir le tionscadail athbhunaithe amach anseo i nGairdíní Chluain Dúin in Inis Tíog.
- Críochnaíodh obair ar Siúlán Lúibe 4.7km Chluain Dúin go luath sa bhliain agus bhíothas in ann an maoiniúchán go léir a tharraingt anuas faoi Scéim an Bhonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA).
- Athfheistíodh Seomra Tae an Ghrianáin le linn é a bheith dúnta le linn Shrianta Covid. Táimid ag tnúth le saoráid nua fheabhsaithe a oscailt sa bhliain 2021.
- Mar chuid de na hoibrithe athfheistiúcháin, áiríodh múrphictiúr de radharc Victeoireach, le Gillian Campden ar bhalla an ghrianáin.
- Suiteáladh limistéar nua súgartha eachtraíochta i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus rinneadh é as ábhair nádúrtha chun súgradh amuigh faoin spéir a spreagadh faoin gClár Caipitiúil Spóirt.
- Leanadh de chrainn taispeántais a phlandáil ar fud na bliana 2020 agus suiteáladh plaiceanna faisnéise maidir le curadh-chrainn, is é sin le rá, crainn ar díol spéise ar leith iad nó a mbaineann méid ar leith leo.
- Óstáladh rianta téamúla chun Lá Chill Chainnigh a cheiliúradh i mí Dheireadh Fómhair. Agus i mí na Nollag, suiteáladh fearaistí féile-théamúla sna gairdíní chun Féile na Nollag a cheiliúradh agus, mar chuid den tionscadal sin, bhí rian téamúil Nollag inar áiríodh íomhánna de lucharacháin agus réinfhianna féiltiúla ann ar fud na ngairdíní agus, chomh maith leis sin, bhí réaltaí móra féiltiúla péinteáilte ann a bhí déanta ag daltaí scoile as Baile Mhic Andáin.








## *Glasbhealach an Oirdheiscirt*

Is é a bheidh i nGlasbheaach an Oirdheiscirt (ina n-áirítear Glasbhealach Chill Chainnigh) ná rian mórthaibhseach 24km le haghaidh rothaíocht easbhóthair agus siúil ar an tsean líne iarnróid ó chéanna na cathrach is sine de chuid na hÉireann go dtí baile Normannach Ros Mhic Thriúin feadh bhruacha na Bearú agus trí cheantair thuaithe áille Chill Chainnigh Theas. Tá Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh, Phort Láirge agus Loch Garman ag comhoibriú lena chéile chun an Glasbhealach a fhorbairt. Meastar gurb é a bheidh i gcostas iomlán thógáil an Ghlasbhealaigh ná €15.5m agus fuarthas maoiniúchán i leith na gcostas iomlán ón Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt sa bhliain 2020 faoin gCiste Náisiúnta Glanbhealach.

Soláthróidh an Glasbhealach taitneamhacht tharraingteach do chuairteoirí ar an gceantar agus, chomh maith leis sin, soláthróidh sé rogha mhalartach do chomaitéirí ar rogha í atá báúil i dtaca leis leis an gcomhshaol de.

Lainseáladh Láithreán Gréasáin don Tionsacadal ag www.

southeastgreenway.net. Soláthrófar faisnéis uasdátaithe ar an láithreán gréasáin maidir le dul chun cinn i leith thógáil an Ghlasbhealaigh agus, chomh maith leis sin, beidh faisnéis ann faoi na nithe ar féidir iad a fheiceáil feadh an Ghlasbhealaigh. I measc na rudaí spéisiúla atá ann feadh an Ghlasbhealaigh áirítear tollán an Mhainséir atá 680 méadar ar fad, an Droicheas Dearg Victeoireach that an mBearú, radharc ar Dhroichead Rose Fitzgerald Kennedy - arb é an droichead is faide in Éirinn é - Caisleán Bhaile an Lá a bhí faoi úinéireacht Iarla Urmhumhan tráth agus ar ghabh Oilibhéir mích※áiliúil Cromail é sa bhliain 1653 agus an chrois ar an gcnoc ag Carraig an Urra a tógadh sa bhliain 1950 chun an Bhliain Naofa a cheiliúradh.

- Tá obair ardaithe ráillí agus trasnán curtha i gcrích agus tá tairiscintí i leith an chéad dá chuid den Ghlasbhealach á measúnú anois.
- Fuarthas ceadú Phleanáil Chuid 8 le haghaidh 2 charrchlós i gClós na mBád, an Ráithín, Ros Mhic Thriúin, agus in Ballyverran, an Glean Mór.
- I mí na Nollag, reáchtáladh comhairliúchán poiblí ar líne chun cabhrú le láithreán oiriúnach a shainaithintle haghaidh carrchlós poiblí le haghaidh rochtain ar cheantar Phort an Chalaidh.
- Ceaptar go dtógfaidh sé 18 mí chun an obair thógála i leith an tionscadail a chríochnú.


*Radharc ón nGlasbhealach ag féachaint i dtreo dhroichead nua-oscailte Sheachród Ros Mhic Thriúin*


*Seanráillí agus sean trasnáin a ardú feadh bhealach Ghlasbhealach an Oirdheiscirt*

## *Scéim an Bhonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA)*

- Mar thoradh ar mhaoiniúchán a fuarthas ó SBÁA, bhíothas in ann tuilleadh uasghrádúcháin a dhéanamh ar an siúlán lúibe ag Coill an Bhrúnaigh, Port an Chalaidh.
- Rinneadh oibreacha ar rian den tsamhail chéanna, ach ar rian i gcoinne an aird é, ag Tory Hill, Muileann an Bhata.
- Rinneadh atógáil chlár cisí 400m Choill Silaire, Gráig na Manach, feadh na Bearú agus athshlánú na rianta coillearnaigh atá ann a chríochtnú agus a athoscailte don phobal i mí na Samhna. Cé is moite de na cnónna agus na boltaí, tá an Clár Cisí déanta as plaisteach athchúrsáilte 100% ina bhfuil meascán de phlaisteach cumaiscthe ó ítimí teaghlaigh amhail caipíní buidéil, scannán cumhdaithe agus tobáin margairín.


*Coill an Bhrúnaigh - Roimh na hOibreacha ar Rianta agus Ina nDiaidh*

## *Deontais Taitneamhachta*

- Fuair 166 ghrúpa cúnamh deontais ina raibh maoiniúchán iomlán €127,000.
- I measc na n-oibreacha a maoiníodh áiríodh tírdhreachú, cothabháil féir agus móinéar agus forbairt spásanna oscailte, soláthar troscáin sráide agus allamuigh agus oibreacha feabhsúcháin beagscála/ mórscála.


*Clár cisí nuai gCoill Silaire*


*Feabhsuithe i gCoill Silaire*

# **FORBAIRT** EACNAMAÍOCHTA

Is é atá i ról na Roinne Forbartha Eacnamaíochta ná forbairt eacnamaíochta a chur chun cinn agus timpeallacht níos fabhraí a chruthú le haghaidh cruthú fostaíochta. Is é Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021 (PÁEP), atá glactha ag Comhairle Contae Chill Chainnigh, an plean straitéiseach chun ailíniú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht uile forbartha eacnamaíochta agus forbartha pobail thar ré an phlean. Déantar obair na Roinne Forbartha Eacnamaíochta a stiúradh ar bhonn na ngníomhartha eacnamaíochta faoin PÁEP arb é is príomhthéama dó ná fostaíocht a chruthú agus geilleagar ardfhostaíochta a chothú.

Cé go raibh an bhliain 2020 ina bliain an-dúshlánach do ghnóthaí de bharr COVID-19 agus Brexit, lean an Roinn Forbartha Eacnamaíochta de bheith ag díriú ar thionscadail straitéiseacha fadtéarma trína bhfeabhsófar geilleagar an Chontae le haghaidh na mblianta atá romhainn i dtaca le gnóthaí agus pobail dechun a chinntiú gur áit iontach í Cill Chainnigh chun cónaí ann, chun oibriú ann agus chun súgradh a dhéanamh ann. D'oibrigh an Oifig Fiontair Áitiúil le gnóthaí ar fud an Chontae chun tacú leo go sonrach i ndáil le leanúint de bheith ag trádáil le linn phaindéim COVID agus de bheith ag ullmhú le haghaidh Brexit.

### *Athbhrandáil kilkenny.ie*

Lainseáladh brandáil nua agus láithreán gréasáin nua ag www.kilkenny.ie, faoin gceannteideal "An Chuid Is Fearr d'Éirinn", sa tréimhse díreach roimh Lá Chill Chainnigh i mí Dheireadh Fómhair. Mar thoradh ar staidéar ar 'bhranda' Chill Chainnigh, chinn an Chomhairle, i gcomhar le Tascfhórsa Lár na Cathrach, go rachadh sé chun tairbhe do geallsealbhóirí dá ndéanfaí scáthbhrandáil le haghaidh Chill Chainnigh a fhorbairt trína gcuirfí gach rud a thairgeann Cill Chainnigh a chur in iúl. Is é is aidhm don tionscnamh ná cuairteoirí agus infheisteoirí a mhealladh chuig an gContae trí mhéadú a dhéanamh ar fheasacht ar an líon mór saintréithe sármhaithe atá ag an gContae agus a fhágann gur áit fhíormhaith é Cill Chainnigh cun cuairt a thabhairt air, chun siopadóireacht a dhéanamh ann, chun bheith ag obair ann, chun gnó a lonnú ann, chun cónaí ann agus chun clann a thógáil ann.
Cuirtear an fhéiniúlacht nua in iúl i bhfoirm chruth nua-aoiseach modúlach 'K'. Tá script-lógó aitheanta Chill Chainnigh, chomh maith leis na dathanna Dubh & Ómra, á gcoimeád ar marthain. I gcroílár na féiniúlachta nua, tá seanghnéithe agus gnéithe cumaiscthe le chéile agus sraitheanna saibhre staire agus nua- aoiseachta snaidhmthe le chéile inti. Mar thoradh ar chumasc cultúir ina n- áirítear ceardaíocht, dearadh, bia, gnó féilte, siopadóireacht agus nithe eile nach iad, is ionann Cill Chainnigh agus croí meánaoiseach na hÉireann agus mol forásach uaillmhianach fiontraíochta ina gcothaítear cultúr beo bríomhar do chuairteoirí, do chónaitheoirí agus d'infheisteoirí.

### *Fógairtí maidir le Poist do Chill Chainnigh*

UPMC, is a leading integrated healthcare provider and Tá UPMC ina sholáthraí agus ina árachóir ceannasach cúraim sláinte chomhtháite. Sa bhliain 2020, d'fhógair siad go mbeadh Ionad Domhanda Oibríochtaí Teicneolaíochta á bhunú acu i gCill Chainnigh chun tacú le leathnú leanúnach idirnáisiúnta an chórais sláinte. Maidir leis an ionad nua atá lonnaithe in Acomhal Mhic Dhonncha, ceaptar go bhfostófar suas go 60 oibrí oilte teicneolaíochta agus baill foirne tacaíochta eile thar an gcéad trí bliana eile agus sin de bhreis ar níos mó ná 475 bhall foirne atá fostaithe in Éirinn cheana féin.

### *Tionscnamh #shopkilkenny*

Le maoiniúchán a fuarthas faoin Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte, cuireadh feachtas an- rathúil #shopkilkenny ar siúl sa tréimhse díreach roimh Nollaig 2020, ar tionscnamh é a bhí dírithe ar gach cuid den Chontae. Go háirithe, tugadh spreagadh don fheachtas #shopkilkennyonline i measc gnóthaí áitiúla go mór mór na gnóthaí sin a raibh na Dearbháin Trádála Ar Líne a chuirtear ar fáil tríd an Oifig Fiontair Áitiúil á n- úsáid acu mar thoradh ar COVID. Reáchtáladh an feachtas ar ardáin éagsúla, lena n-áirítear comharthaíochtbhóthair ar an mbealach isteach sa Chathair agus sa Chontae, raidió agus fógraíocht nuachtáin agus trí bhíthin ardáin mheán sóisialta facebook agus instagram ag #shopkilkenny.

### *Crios Chalafort Belview*

Leanann Comhairle Chontae Chill Chainnigh de thacú le Calafort Belview mar chrios straitéiseach. Tá Straitéis ceaptha ag Belview/Calafort Phort Láirge ar dá réir a bheidh sé á eagrú i gcomhréir le pleanáil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus i gcomhréir le beartas eacnamaíochta. Tacóidh Comhairle Chontae Chill Chainnigh le gnéithe den Straitéis sin, lena n-áirítear uasghrádú an N29, Bóthar an Chalafoirt. Cuireadh an tionscadal sin san áireamh san iarratas faoin gCiste Forbartha agus Athghiniúna Uirbí (CFAU) i leith na gCéanna Thuaidh agus ceadaíodh é.

Soláthraíonn calafoirt bonneagar chun acmhainneacht

oibríochtúil a chothú. Sa Straitéis sin, leagtar amach an plean fadtéarma maidir le bonneagar a sholáthar chun an acmhainneacht a mbeidh gá léi sa todhchaí, i dtaca leis an ngeilleagar de, a bhaint amach agus, chomh maith leis sin, leagtar amach an creat trína ligfear do Chalafort Phort Láirge tionscadail riachtanacha bonneagair a chur ar aghaidh chun críocha pleanála agus toilithe de réir mar is gá. Déantar cur síos soiléir ar scóip chumas an Chalafoirt chun torthaí maithe a bhaint amach ar mhaithe leis an raon leathan geallsealbhóirí.

Déanfar faireachán ar an bhfeidhmíocht sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma trí bhíthin Plean Corparáideach rollach 5-bliana.

## *CFS na gCéanna Thuaidh*

I mí na Samhna 2020, d'fhógair an Rialtas maoiniúchán €110m le haghaidh Chrios foriomlán Forbartha Straitéisí (CFS) na gCéanna Thuaidh. Tá scála na forbartha atá beartaithe le haghaidh na gCéanna Thuaidh claochlaitheach agus spreagfaidh sí infheistíocht shuntasach ón earnáil phríobháideach, mar aon le forbairt a spreagadh inti. Gheobhaidh Cill Chainnigh tairbhe dhíreach as athghiniúint na gCéanna Thuaidh mar go bhfuil 4 cinn de na tionscadail fhearainn phoiblí atá á maoiniú faoi CFAU suite i bPort an Chalaidh agus in Belview:

- **Nasc-Bhóthar Belmont:** Bóthar na Mainistreach a nascadh le Bóthar Belmont chun tacú le tógáil tithe trí thailte a oscailt lena bhforbairt agus tríd an bhfás sa daonra atá beartaithe a éascú ar mhodh slachtmhar i Mórlimistéar Chathair Chill Chainnigh.
- **Bóthar na Mainistreach:** Nascacht Ghlasbhealaigh: nasc-phointí breise le Glasbhealach Chill Chainnigh a sholáthar le go mbeidh rochtain níos mó ar fáil ar an nGlasbhealach i bPort an Chalaidh ionad go mbeidh rogha thaistil níos cliste ann do dhaoine a chónaíonn agus a oibríonn sa limistéar. Ina theannta sin, cuirfear nascacht níos mó ar fáil do scoileanna sa limistéar.
- **Oibreacha Feabhsaithe Bhóthar na Mainistreach & Bhóthar Belmont:** feabhas a chur ar na bóithre a théann i dtreo na Céanna Thuaidh agus lánaí rothar a áireamh sna hoibnreacha.
- **Uasghrádú an N29, Bóthar an Chalafoirt:** tailte breise a oscail lena bhforbairt chun cabhrú le Calafort Belview fás a dhéanamh go barr a chumais.

## *Ionad Dearthóireachta C4D*

Bunaíodh an Mol Náisiúnta Nuálaíochta Dearthóireachta, a thrádálann mar Ionad Dearthóireachta (C4D), agus ghlac sé le cóiríocht shealadach oifige in Acomhal Mhic Dhonncha, Cill Chainnigh. Fostaíodh Bainisteoir Ionaid agus Bainisteoir Teicniúil agus tá an tIonad forbairt clár le haghaidh na sprioc-earnálacha. I measc chomhpháirtithe C4D áirítear Comhairle Chontae Chill Chainnigh, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, Comhairle Deartha & Cheardaíochta na hÉireann, Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh agus Cuideachta Forbartha Tionscail & Forbartha Chill Chainnigh.

## *Ionad Sármhaitheasa Talmhaíochta Beaichte (ISTB)*

Lainseáladh an tIonad Sármhaitheasa Talmhaíochta Beaichte (ISTB) i mí Bhealtaine 2019. Is é atá in ISTB ná tionscnamh de chuid an Ghrúpa Bogearraí agus Córais Teileachumarsáide (GBCT) in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus é mar aidhm aige rochtain dhíreach ar teicneolaíochtaí agus taighde den scoth a sholáthar do chuideachtaí agraitheicneolaíochta na hÉireann. Tá maoiniúchán os cionn €100 milliún faighte ag GBCT le cúig bliana anuas faoi chláir AE, rud a fhágann go bhfuil sé i measc na n-ionad taighde TFC is rathúla dá bhfuil ann in Éirinn. Faoi láthair, cuimsíonn sé os cionn 80 duine ar eolaithe agus innealtóirítaighde iad agus bainistíonn sé líonra gníomhach idirnáisiúnta ina bhfuil níos mó ná 700 comhpháirtí.

Lorgóidh ISTB teicneolaíochta nua agus tabharfaidh sé deis chun tráchtálú a dhéanamh ar chinn a bhfuil gealladh fúthu i dtaca lena n-úsáid san earnáil talmhaíochta agus lena gcur ar fáil ní hamháin i gCill Chainnigh ach ar fud na hEorpa freisin. Faoi láthair, tá ISTB lonnaithe i Halla Burrell, Cill Chainnigh.

## *Ollscoil Teicneolaíochta Oirdheisceart na hÉireann (OTOÉ)*

Cheap an tAire Breisoideachais & Ardoideachais, Nuálaíochta & Eolaíochta, Síomóin Ó hEarchaí TD, Tomás Ó Beoláin, iar-Phríomhfheidhmeannach an Údaráis um Ard-Oideachais, mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Clár nua chuibhreannas OTOÉ. Bhí Uachtaráin Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach (IT Cheatharlach) agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (ITPL) ina gcomhchathaoirligh ar chruinniú tionscnaimh Ghrúpa Comhairleach Rannpháirtíochta Réigiúnaí OTOÉ. Bhunaigh na hUachtaráin an Grúpa chun tacú le forbairt Ollscoil Teicneolaíochta Oirdheisceart na hÉireann (OTOÉ) Tá gá chomh mhór agus riamh le hollscoil tríú leibhéal san Oirdheisceart. Beidh OTOÉ ina hollscoil ilchampais.

# AN OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

## Príomhthorthaí 2020
## #ÁChurIgCríoch

Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office

**1,058**
nduine ar fostú i bpunann **178** ngnó OFÁ i gCill Chainnigh

**€513,459**
**Mar chúnamh díreach airgeadais** do 28 ngnó – an líon post réamh-mheasta: 139

**€334,128**
**Deontais Leathnaithe Gnó** a ceadaíodh do 12 ghnó

**€89,560**
i **bhfoirm deontais príméala ceadaithe** do 3 ghnó - an líon post réamh-mheasta: 15

**€46,775**
**Deontais Féidearthachta/** Nuálaíochta ceadaithe do 6 ghnó

**€30,000**
**Maoiniúchán Gradstart** ceadaithe do 1 ghnó

**€694,643**
ceadaithe do 302 ghnó i bhfoirm **Dearbháin Trádála Ar Líne**

**€12,996**
ceadaithe do 6 ghnó i bhfoirm Cúnamh **Teicniúil le haghaidh Deontais Micrea-Allmhaireora**

**€608,320**
íoctha le 267 ngnó i bhfoirm **Dhearbháin Leanúnacha Gnó**

European Union European Regional Development Fund
Rialtas na hÉireann Government of Ireland
In partnership with
ENTERPRISE IRELAND
Kilkenny County Council Comhairle Chontae Chill Chainnigh

# Príomhthorthaí 2020
## #ÁChurIgCríoch

Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office

**€274,889**

Íoctha le 56 ghnó faoi Chiste Spreagtha Cliant Covid-19 **Na hOifige Fiontair Áitiúil**

**€7,861**

Ceadaithe do 8 ngnó faoi **Scéim Cúnaimh Covid-19 do Mhicrifhiontair**

**7**

nGnó páirteach in I**asachtaí do Mhicrifhiontair** chun cabhair a thabhairt dóibh i ndáil le hiomaíochas agus nuálaíocht

**1,133**

Chliant ag baint leas as **meantóireacht duine-le-duine** ina gcuid gnóthaí

**1,676**

Chliant páirteach i 119 **gClár Oiliúna & Bainistíochta Forbartha**

**146**

Chliant páirteach in 11 **Chúrsa 'Tosaigh Do Ghnó Féin'**

**747**

Mac léinn as 13 scoil páirteach sa **Chlár Fiontraíochta do Mhic Léinn**



**88**

nGnó ag baint leas as oiliúint agus **meantóireacht i ndáil le Brexit**

**LoanITT Ltd**

ainmnithe mar Bhuaiteoir na Tíre i leith na **nGradam Náisiúnta Fiontraíochta** agus, ina theannta sin, aistríodh chuig **Fiontraíocht Éireann é**

European Union European Regional Development Fund

Rialtas na hÉireann Government of Ireland

In partnership with

ENTERPRISE IRELAND

Kilkenny County Council Comhairle Chontae Chill Chainnigh

# TURASÓIREACHT,
# LENA nÁIRÍTEAR TACAÍOCHT D'FHÉILTE

Is é atá sa Chroíchuspóir ná tacú le forbairt na turasóireachta ar fud Chontae Chill Chainnigh, agus sinn ag obair i gcomhar leis na príomh-gheallsealbhóirí de chineál poiblí, príobháideach, pobail agus deonach - chun Ráiteas Straitéise Turasóireachta agus Clár Oibre Chill Chainnigh 2017-2022 agus, chomh maith leis sin, Plean Téarnaimh Náisiúnta an Rialtais 2020-2023 a chur i bhfeidhm.

Tá aitheantas á thabhairt le fada an lá mar spreagthóir tábhachtach eacnamaíochta i leith ár ngeilleagar áitiúil anseo i gCill Chainnigh.

Sa bhliain 2019, ghin an earnáil os cionn €9 billiún don gheilleagar náisiúnta ó thurasóireacht idirnáisiúnta agus ó fháltais ghaolmhara ó iompróirí agus, chomh maith leis sin, ó thurasóireacht intíre.


Tá 260,000 duine ar fostú san earnáil turasóireachta ar fud na hÉireann agus is í an earnáil dhúchasach dlúthshaothair is tábhachtaí é i dtaca lenár ngeilleagar de. Tá tábhacht fhíorthábhachtach ag baint léi maidir le comhdhéanamh geilleagar réigiúnach agus tuaithe. Is cabhair é gach €1m de chaiteachas ar thurasóireacht maidir le 27 bpost turasóireachta i bpobail áitiúla.

Ba bhliain thubaisteach í an bhliain 2020 don Earnáil Turasóireachta agus Aíochta, ar bhonn domhanda, náisiúnta agus áitiúil, de bharr phaindéim COVID 19. Mar fhreagairt ar an bpaindéim, bhunaigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh Tascfhórsa Téarnaimh Turasóireachta Chill Chainnigh i gcomhar le Fáilte Éireann agus cuireadh tús le freagairt éigeandála chun tacú lenár n- earnáil áitiúil turasóireachta.



Is é atá in **'Cill Chainnigh Allamuigh'** ná tionscnamh idir Turasóireacht Chill Chainnigh agus Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus é maoinithe trí SBÁA, ar tionscnamh é ar cuireadh tús leis i Meán Fómhair 2020. Leanann sé na gníomhaíochtaí iontacha allamuigh agus eachtraíochta atá ar fáil ar fud an Chontae a chur chun cinn agus a léiriú.

Chuireamar Cill Chainnigh chun cinn mar cheann scríbe ardchaighdeáin chun laethanta saoire a chaitheamh ann agus rinneamar margaíocht ina leith sin. Bhí Cill Chainnigh chun tosaigh le linn fheachtas Fháilte Éireann, Tóg Sos in Éirinn, i mí Iúil 2020 sna meáin dhigiteacha agus sna meáin chlóite araon.




D'fhostaigh Comhairle Chontae Chill Chainnigh Abarta Heritage chun clostreoir a fhorbairt le haghaidh na n-áiteanna is mó éileamh i gCathair Chill Chainnigh. Aistríodh an chlostreoir go formáid podchraolta le go mbeadh rochtain uirthi trí Spotify, iTunes, PodchraoltaíGoogle agus SoundCloud agus trí na mórardáin podchraolta go léir.

D'fhreagair os cionn 20 duine díograiseach an cuireadh chun bheith páirteach i Meitheal Fáiltithe Chomhairle Chontae Chill Chainnigh agus ghlac siad páirt san obair a rinneadh chun tacú le téarnamh eacnamaíochta Chill Chainnigh i mí Lúnasa.



Bhí **Meitheal Fáiltithe Chill Chainnigh** ag feidhmiú i suíomhanna i gCill Chainnigh a dtugann líon mór daoine cuairt orthu chun fáilte a chur roimh na daoine sin agus déanfaidh siad amhlaidh arís sa bhliain 2021 más gá.

Chruthaigh Fáilte Éireann Cairt Sábháilteachta COVID-19 chun éileamh a spreagadh agus chun ábhar muiníne a thabhairt do thomhaltóirí i ndáil le laethanta saoire a chur in áirithe in Éirinn.




### *Deireadh Fómhair mar mhí 'Ag Siúl i measc na Mac Tíre' i gCill Chainnigh*




Bhí lúcháir ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh tacú leis an tionscadal seo i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann ach, ar an drochuair, mar thoradh ar na srianta i mí Dheireadh Fómhair, ní raibh an oiread daoine a rabhamar ag súil leo in ann taitneamh a bhaint as ár soilse iontacha ag an gCaisleán ná as cóiriú na Cathrach chun scannán Cartoon Saloon, 'Ag Siúl i measc na Mac Tíre', a chur chun cinn.

B'éigean Gailearaí na mBuitléireach a dhúnadh ach táthar ag súil go mbeifear in ann an taispeántas i leith Sceitseáil 'Ag Siúl i measc na Mac Tíre' le haghaidh an scannáin a reáchtáil nuair a athosclaítear an gailearaí in Earrach na Bliana 2021.

D'ainneoin na srianta, bhí an tionscadal in ann an múrphictiúr álainn a chur ar fáil i Lána Mhuire chomh maith le soilsiú an Chaisleáin gach oíche. Mar thoradh ar na híomhánna atá ann sa scannán tá píosaí iontacha scannánaíochta againn agus beifear in ann iad a chur ar taispeáint sna blianta atá romhainn.

Tá Comhairle Chontae Chill Chainnigh ag leanúint d'aitheantas a thabhairt don ról tábhachtach atá ag féilte agus imeachtaí le linn Cill Chainnigh a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta den scoth.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'éirigh le Comhairle Chontae Chill Chainnigh & le Turasóireacht Chill Chainnigh, i gcomhpháirtíocht le foghrúpa na bhFéilte inár dTascfhórsa Téarnaimh Turasóireachta, Maoiniúchán LEADER €40,000 a fháil le haghaidh feachtas margaíochta agus caidreamh poiblí chun Cill Chainnigh a chur chun cinn mar an ceann scríbe is fearr sa tír i dtaca le féilte de anois agus isteach sa bhliain 2021.




I gcomhpháirt le Peninsula TV, rinne Comhairle Chontae Chill Chainnigh & Turasóireacht Chill Chainnigh clár 30 nóiméad faoi na nithe iontacha atá ar fáil i gCill Chainnigh a bhí le cur ar taispeáint ar stáisiúin teilifíse sna Stáit Aontaithe ar fud na bliana 2021. Rinneadh an scannánaíocht i gCill Chainnigh i mí na Samhna agus d'éirigh go han-mhaith leis. Creidimid go gcabhróidh an tsraith le cuairteoirí idirnáisiúnta a mhealladh an bhliain seo chugainn nuair a bheidh daoine ag machnamh faoi dhul ag taisteal arís.

**Tionscadail SBÁA:** Tíolacadh 11 iarratas faoin nglao ar mhaoiniúchán SBÁA chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhonneagar allamuigh ar fud an Chontae.

**Roinnt samplaí d'oibreacha a cuireadh i gcrích faoin scéim.**







*Oibreacha feabhsaithe ag Coillte Silaire, Gráig na Manach & ag Cluain Dúin, Inis Tíog sa bhliain 2020.*

## *Eispéireas Cuairteora a Fheabhsú*

Rinneadh dul chun cinn sa bhliain i rith na bliana maidir leis na pleananna chun Halla na Cathrach a fhorbairt.




## *Bailte Cinn Scríbe*

Tá maoiniúchán €500,000 faighte ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh chun feabhas a chur ar an eispéireas cuairteora anseo sa chathair. Cé go bhfuil Cill Chainnigh ceann scríbe tábhachtach in Oirthear Ársa na hÉireann, ní chaitheann formhór na cuairteoirí ach cúpla uair an chloig anseo agus iad ar a mbealach chuig ceann scríbe eile, seachas lá nó dhó a chaitheamh anseo. Ní bhíonn cuairteoirí go hiomlán ar an eolas faoi cad atá le tairiscint ag Cill Chainnigh ós rud é go bhfuil roinnt rudaí faoi cheilt nó nach bhfuil siad suite ar an Míle Meánaoiseach.

Mar thoradh ar thaighde a rinneadh le déanaí (taighde de chuid Placemarque+), tTá sé faighte amach ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh go bhfuil sé phríomhrud ann a rannchuidíonn leis an mbearna san eispéireas cuairteora mar a leanas: Mapáil Aimsithe Slí, Trasnáin Fheabhsaithe, Béim a leagan ar chroílár nua na Cathrach, Carrchlóis chuairteora a shainiú agus Fearann poiblí feabhsaithe. Úsáidfear an maoiniúchán €500,000 chun aghaidh a thabhairt ar ítimí 1 - 3 de na saincheisteanna a dhéanann difear don eispéireas custaiméara agus cuirfear i bhfeidhm iad sa bhliain 2021 agus dá éis.



# STIÚRTHÓIREACHT AIRGEADAIS, TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE, BAINISTÍOCHTA SAORÁIDÍ

**Ceann Airgeadais: Máirtín de Prionnbhíol**



# AIRGEADAS

Tá freagracht ar an Roinn Airgeadais i ndáil le rialú foriomlán agus bainistíocht a dhéanamh ar airgeadas na Comhairle. Is iad na príomhsheirbhísí a sholáthraítear faoin stiúrthóireacht seo Pleanáil agus Rialú Airgeadais, Bailiú Ioncaim, Bainistíocht Chisteáin, Bainistíocht Mhaoine agus Mótarchánachas.

### *Ráiteas an Chuntais Ioncaim & Caiteachais*

Sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, tugtar achoimre ar an gcaiteachas ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle ó lá go lá agus tugtar mionsonraí faoi conas a mhaoinítear an caiteachas sin. Bhí barrachas €16.635 ann don bhliain, rud a d'fhág go raibh barrachas carnach €44,633 ann ar an 31 Nollaig 2020. Rinneadh dianrialuithe buiséadacha a choimeád ar bun i ndáil leis an gcaiteachas iomlán ina raibh suim €116.9 milliún.

### *Socruithe maidir le Maoiniúchán do Thionscadail Chaipitiúla*

Ba é a bhí i gcostas iomlán na dtionscadal caipitiúil a cuireadh i gcrích faoin gClár Caipitiúil sa bhliain 2020 ná €59.4m. B'ionann an caiteachas ar Thionscadail Bhóthair agus 85% den chaiteachas iomlán. Maidir le tionscadail chaipitiúla, ba é a bhí sna gealltanais nach raibh íocaíocht déanta ina leith amhail ar an 31 Nollaig 2020 ná €9.3m. Déantar socrú sa bhuiséad bliantúil maidir le haisíoc an ghealltanais sin thar thréimhse 8 mbliana.

Sa bhliain 2020, bailíodh suim iomlán €2,495,392 i bhfoirm Tobhaigh Forbartha.

I mí Bhealtaine 2018, ghlac an Chomhairle buiséad caipitiúil don tréimhse trí bliana ó 2018 go 2020. Sa bhuiséad sin, leagtar amach costas measta na dtionscadal caipitiúil atá á mbreithniú, mar aon leis na foinsí gaolmhara maoiniúcháin. Déanfar clár caipitiúil uasdátaithe a thíolacadh don Chomhairle sa bhliain 2021.

Ní féidir leis an gComhairle aon tionscadail chaipitiúla a thionscnamh mura bhfuil foinse mhaoiniúcháin ann ina leith.

### *An Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig, 2020*

Bhí clár comhardaithe measartha láidir ag an gComhairle amhail ar an 31 Nollaig 2020. Rinneadh maoiniúchán iasachta neamh-mhorgáiste breise ina raibh suim €5 mhilliún a tharraingt anuas sa bhliain 2020.

Is é a bhí sna hiasachtaí bainc iomlána (gan iasachtaí a bhaineann le tithíocht a áireamh) nach raibh íoctha amhail ar an 31 Nollaig 2020, ná €15.9m.

Baineadh an tsaoráid rótharraingthe bainc a úsáid ar feadh 6 lá i rith na bliana agus ba é a bhí san iarmhéid uasta rótharraingthe ná €1m. Ba é a bhí san iarmhéid deiridh airgid thirim a bhí ar láimh ag deireadh mhí na Nollag 2020 ná €18.1m.

### *Fiacha a Bhailiú*

D'imir Covid-19 tionchar suntasach ar riaráistí ioncaim ó rátaí tráchtála sa bhliain 2020. Tháinig laghdú ar an ráta iomlán bailithe ó 94% sa bhliain 2019 go 83% sa bhliain 2020 agus tháinig méadú go dtí €1.956m ar riaráistí, rud a chuireann siar an treocht i leith an laghdaithe ar riaráistí ioncaim a bhí bainte amach sna blianta díreach roimhe seo.

Bhí an fheidhmíocht maidir le bailiú cíosanna agus iasachtaí tithíochta ar aon dul leis na leibhéil sa bhliain 2019.

| | Bailiú mar Chéatadán | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
| Rátaí Tráchtála | 89 | 92 | 94 | 95 | 93 | 94 | 85 |
| Cíosanna & Blianachtaí | 92 | 92 | 93 | 92 | 93 | 95 | 96 |
| Iasachtaí Tithíochta | 77 | 82 | 80 | 85 | 88 | 90 | 90 |

# TÁBLA AIRGEADAIS

| Expenditure By Division | Nóta | Ollchaiteachas 2020 € | Ioncam 2020 € | Glanchaiteachas 2020 € | Glanchaiteachas 2019 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas de réir rannáin | | 20,967,890 | 22,350,469 | (1,382,579) | (1,724,914) |
| Tithíocht & Foirgneamh | | 26,136,416 | 19,475,034 | 6,661,382 | 5,965,101 |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | | 7,293,099 | 7,209,138 | 83,961 | 119,083 |
| Seirbhísí Uisce | | 22,264,091 | 16,847,540 | 5,416,551 | 5,282,923 |
| Bainistíocht Forbartha | | 11,737,421 | 3,421,972 | 8,315,448 | 8,354,953 |
| Seirbhísí Comhshaoil | | 6,736,420 | 283,974 | 6,452,446 | 5,823,615 |
| Áineas & Conláistí | | 619,069 | 448,743 | 170,326 | 113,736 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | | 14,863,170 | 13,660,571 | 1,202,599 | 2,111,762 |
| **Caiteachas Iomlán/Ioncam** | 15 | 110,617,575 | 83,697,441 | | |
| Glan-Chostas an Rannáin le maoiniú ó Rátaí & Cáin Mhaoine Áitiúil | | | | 26,920,134 | 26,066,261 |
| Rátaí | | | | 20,992,880 | 19,655,130 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | | 11,799,822 | 10,673,913 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú** | | | | 5,872,568 | 4,262,783 |
| **Aistrithe ó / (go) Cúlchistí** | 14 | | | (5,855,933) | (4,252,589) |
| **Barrachas / (Easnamh) Foriomlán don bhliain** | 16 | | | 16,635 | 10,193 |
| **Cúlchiste Ginearálta amhail 1 Eanáir** | | | | 27,998 | 17,805 |
| **Cúlchiste Ginearálta amhail 31 Nollaig** | | | | 44,633 | 27,998 |

# TEICNEOLÁIOCHTA

De bharr COVID-19, ba bhliain an-dúshlánach í an bhliain 2020 i gcás Roinn na gCóras Faisnéise a rinne éascaíocht i ndáil le hobair chianda i leith líon mór ball foirne agus a d'aistrigh ár gcuid cruinnithe Comhaltaí Tofa go léir go formaid ar líne.

**Príomhéachtaí na bliana 2020:**

- Bogearraí LPF a chur ar fáil d'oibrithe cianda
- Rinneadh córas preabfhógra fianán atá i gcomhréir leis an RGCS a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh na láithreán gréasáin go léir.
- Rinneadh córas CFG Ionad Ghlao Pobail COVID-19, mar aon le deaiseanna, a fhorbairt agus a chur ar fáil
- Leathnaíodh úsáid feistí soghluaiste
- Éascaíodh Cruinniú Cianda Comhairle trí bhíthin MS Teams
- Éascaíodh cruinnithe poiblí ar líne trí úsáid a bhaint as teams
- Cuireadh Foirmeacha agus Scéim an Deontais Atosaithe Gnó i bhfeidhm
- Rinneadh córais áirithinte coinne don phobal a chur i bhfeidhm i ndáil le taitneamhacht an Dúin Mhóir
- Rinneadh córas áirithinte coinne don phobal i ndáil le taitneamhacht an Dúin Mhóir a chur i bhfeidhm i ndáil leis an Leabharlann
- Cuireadh suirbhéanna éagsúla ar líne i gcrích
- Suiteáladh córais nua iDocs, iHouses agus iPlan.
- Suiteálach agus uasghrádaíodh timpeallacht nua Citrix i gcomhair obair chianda
- Aistriú freastalaithe chuig fearainn nua
- Aistriú úsáideoirí agus feidhmchláir chuig fearann nua
- Cuireadh MS Teams ar fáil do bhaill foirne agus do na comhaltaí tofa
- Uasghrádú líonra go snáithín 1Gb i láithreáin i lár na cathrach
- Rinneadh ábhar breise, uasdátuithe agus feabhsuithe slándála a chur le láithreáin ghréasáin éagsúla de chuid an údaráis áitiúil
- Soláthar leanúnach Tacaíochta Teicniúla d'Oibrithe Cianda
- Ríomhairí Pearsanta nua agus ríomhairí glúine nua a chur ar fáil ar bhonn leanúnach
- Teicneolaíochtaí suirbhéireachta a chur ar fáil do bhaill foirne ar bhonn leanúnach
- Uasdátuithe leanúnacha ar fhreastalaithe agus ar Ríomhairí Pearsanta chun slándáil an líonra a choimeád ar bun
- Ríomhairí Glúine Cianda agus Réitigh Oibre Cianda a chur ar fáil go tapa
- Fíordheimhniúchán Dhá Ghné a chur i bhfeidhm
- Amharcóirí nua poiblí Córais Faisnéise Geografaí a chur ar fáil
- Tairseach CFG inmheánach a chur ar fáil do bhail foirne
- Córas nua Fíneálacha Tráchta a chur i bhfeidhm
- Tugadh tacaíocht don roinn cumarsáide i ndáil le líon mór imeachtaí beo-shruthúcháin.
- Uasghrádú an chórais frithvíris agus bainistíochta críochphointe
- Uasghrádú an Chóras Cartlannaithe Comhad
- Uasghrádú an Chóras Cúltaca Comhad
- Uasghrádú an Fhreastalaí CFG

## *Leathanbhanda*

Oibríonn ár nOifigeach Leathanbhanda go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun cabhrú le cur i bhfeidhm an Plean Náisiúnta Leathanbhanda.

**Príomhéachtaí na bliana 2020:**

- Freastal a dhéanamh ar chruinnithe míosúla Oifigeach Leathanbhanda
- Idirchaidreamh leanúnach le hOibreoirí Seirbhíse Leathanbhanda
- Idirchaidreamh leanúnach le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann
- Forbairt leanúnach ar an Straitéis Dhigiteach
- Oscailt sé (6) Phointe Ceangail Leathanbhanda (PCL)
- Tairiscint a ullmhú le haghaidh WIFI4EU
- Sainphointe teagmhála a chur ar bun le haghaidh fiosruithe ón bpobal.

# SEIRBHÍSÍ AGUS EARRAÍ A FHÁIL

Tá Aonad Fála Chomhairle Chontae Chill Chainnigh tar éis leanúint de dhul chun cinn a éascú i ndáil le sreabhadh leanúnacha deiseanna teagmhála i gcomhréir le clár oibreacha poiblí na heagraíochta d'ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ann mar gheall ar na srianta a d'éirigh as Paindéim COVID 19.

**Príomhéachtaí na bliana 2020:**

- Fógairt 34 Thairiscint ar thairseach fála **rThairiscintí**
- 45 fhógra faoi Mhiontairiscintí agus Luachana ar thairseach **rSholáthar**
- Creataí náisiúnta a chur i bhfeidhm tuilleadh
- Rannóga úsáideoirí a chur ar an eolas, agus faisnéis uasdátaithe tugtha dóibh, maidir leis an aistriú chuig Brexit.
- Rannpháirtíocht i gcúrsaí oiliúna a bhí ceadaithe ag GCC ar mhaithe le beartais Soláthair Ghlais a áireamh saphróiseas tairisceana
- TCP fíor-riachtanach a fháil le linn na paindéime
- Athbhreithniú ar an bPlean Soláthair Chorparáidigh

## Na Príomhearraí agus na Príomhsheirbhísí a fuarthas inaghaidh an Réimse Seirbhíse don bhliain

*(Please note RFT indicates Request for Tender) (Tabhair do d'aire le do thoil gurb ionann IAT agus Iarraidh ar Thairiscintí)*

**Ceathrú na Mainistreach**

- IAT - Seirbhísí Comhtháite Deartha faoi cheannas Ailtire le haghaidh Cheathrú na Mainistreach - Tionscadal Píolótach 3
- IAT - Meitheal Chaomhantais faoi cheannas Ailtire Caomhantais i leith plean caomhantais a ullmhú don oidhreacht fhoirgnithe ar láithreán Cheathrú na Mainistreach

**Cúrsaí Corparáideacha**

- IAT - Meitheal Deartha faoi cheannas Innealtóir Sibhialta & Déanmhas chun Seirbhísí Sainchomhairle Innealtóireachta Sibhialta/ Déanmhas, Éiceolaíochta, Ailtireachta Tírdhreacha & Caomhantais agus CFSP a sholáthar i ndáil le haghaidh Nasc Coisithe agus Rothaithe na Feoire
- IAT - Meitheal Deartha faoi cheannas Ailtire chun an Teach Cúirte, Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh, a athstruchtúrú agus a athchóiriú
- IAT - an Teach Cúirte - Athfheistiú, athruithe agus méaduithe
- IAT - Sainchomhairleoirí Brandála chun branda aontaitheach a chruthú do Mhúsaem Halla na Cathrach/an Mhíle Meánaoisigh (Iorgaíodh tairiscintí ag deireadh na bliana 2019. Bronnadh an conradh sa bhliain 2020)

**Comhshaol**

- IAT - Rian Pholl an Easa agus Carrchlós Cuairteora
- IAT - Measúnacht Leibhéal 2 & seirbhísí gaolmhara eile le haghaidh Láithreáin Dramhaíola Neamhrialaithei mBaile an Fhasaigh & i mBaile an Mhálartaigh, Cill Chainnigh
- IAT - Athfheistiú agus Athchuspóiriú Leithreas Poiblí Láithreach i nGráig na Manach lena úsáid ag Seideanna na bhFear
- IAT - Limistéar Áineasa Halla na Mainistreach
- IAT - Scéim Feabhsaithe Choill Silaire, Gráig na Manach, Co. Chill Chainnigh

**Tithíocht**

- IAT - Réamhcháiliú Conraitheoirí le haghaidh Tógáil Tithíochta ag Crokers Hill, Bóthar Thobar Chainnigh, Cathair Chill Chainnigh (Céimeanna 1 agus 2)
- IAT - Tógáil 2 Theaghais Chónaitheacha nua i Seangánach, Baile Sheinicín, Co. Chill Chainnigh
- Cur i gcrích an phróisis tairisceana i leith conraitheoirí a cheapadh chun tús a chur le hoibreacha ar láithreán Chnoc an Ghréasaí
- IAT - Oibreacha athfheistiúcháin ar Theach Folamh ag 14 an Cuarbhóthar, Cill Chainnigh

**OFÁ agus Cúrsaí Pobail & Fiontraíochta**

- IAT - Iarraidh ar Thograí i leith Clár Bainistíochta Forbartha

- IAT - Seirbhísí Meantóireachta a Sholáthar don Oifig Fiontair Áitiúil i gCill Chainnigh
- IAT - An Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte - Seiceálacha Sláinte, Meithleacha Baile agus Dréacht-Phleananna Baile a bhunú

### An Clós Innealra

- IAT - Críochnaitheoir Pabhála Nua agus Neamhúsáidte a Sholáthar

### Pleanáil

- IAT - Seirbhísí Sainchomhairleoireachta le haghaidh Plean Iompair Áitiúil Chathair Chill Chainnigh

### Soilsiúchán Poiblí

- IAT - Seirbhísí Sainchomhairle Innealtóireachta Ildisciplíne chun céim (i) go (iii) go huile de Thionscadal Éifeachtúlacht Fuinnimh an tSoilsiúcháin Phoiblí - an Réigiún Oirthearach a chur i gcrích

### Dearadh Bóithre

- IAT - Oibreacha Feabhais ar Dhroichead Coisithe Mhainistir Challainn, Callainn, Co. Chill Chainnigh
- IAT - Conradh Seirbhíse Sonraí le haghaidh Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Teicniúla TBT le haghaidh Chéimeanna 1 go 4 faoin Chreatchomhaontú BIÉ 145 (Luchtóg 1d) i leith Thionscadal an N24 ó Phort Láirge go dtí an Chathair.
- IAT - Mionchomórtas le haghaidh Seirbhís Sainchomhairleoireachta Teicniúla i ndáil le Scéim Feabhsaithe an N24, Bóthar na Carraige
- IAT - Suirbhéireachtaí Tráchta maidir leis an N24, Port Láirge go dtí an Chathair, agus an N24, an Chathair go hAcomhal Luimnigh
- IAT - Scéim Pabhála an N25, an Currach Mór
- IAT - Imscrúdú talún an N 25, Port Láirge go dtí an Glean Mór
- IAT - CMS an N77 2020, Lios Dúnaígh go dtí Béal Átha Conrátha
- IAT - Scéim HD 28 2020 an N77, An Bán go Hennebry's Cross
- IAT - Scéimeanna HD28 Ateicstiúraithe Bóithre Náisiúnta 2020
- IAT - Scéimeanna Pabhála an N76 2019 ó thuaidh ó Challainn
- IAT - Creat an Oirdheiscirt i leith Mionoibreacha Pabhála agus Mionoibreacha Gaolmhara Eile

# TIONSCADAIL SPEISIATA

### *CEATHRÚ NA MAINISTREACH, CATHAIR CHILL CHAINNIGH*

Leanadh de Mháistirphlean Cheathrú Chill Chainnigh a chur i bhfeidhm sa bhliain 2020 trí leanúint den athfhorbairt ar Fhoirgneamh na Grúdlainne agus trí thús a chur le hobair ar fhorbairt an Ghairdín Cois Abhann.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2020 freisin maidir le pleanáil, dearadh agus ullmhú doiciméad tairisceana le haghaidh roinnt tionscadal laistigh de limistéar an Mháistirphlean.

### *Forbairt Cheathrú na Mainistreach i gCill Chainnigh Teo*

Rinne Forbairt Cheathrú na Mainistreach i gCill Chainnigh Teo (FCMCC) dul chun cinn sa bhliain 2020 maidir le tograí forbartha i ndáil leis na foirgnimh atá beartaithe ar láithreán Cheathrú na Mainistreach. Is é FCMCC an chuideachta forbartha a chuir comhpháirtíocht Chomhairle Chontae Chill Chainnigh agus Ghníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta trí Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) chun bloic thógála ar láithreán sheanGhrúdlann Smithwicks a fhorbairt. Is é an chéad chead cheann de na foirgnimh a fhorbrófar Foirgneamh na Grúdlainne.

### *Foirgneamh na Grúdlainne*

Cuireadh tús leis an obair ar thógáil Fhoirgneamh na Grúdlainne i mí Iúil 2019 nuair a ceapadh Mythen Construction mar phríomhchonraitheoirí le haghaidh an tionscadail. Leanadh den obair i rith na bliana 2020 cé gur tharla moilleanna suntasacha ós rud é gurbh éigean an láithreán a dhúnadh ar feadh 8 seachtaine chun srianta COVID 19 a chomhlíonadh agus tharla moilleanna ina dhiaidh sin de bharr asláithreachtaí ball foirne a d'éirigh as teagmháil le cásanna COVID 19. Ceaptar anois go gcuirfear an tionscadal i gcrích i samhradh na bliana 2021.

Soláthróidh forbairt na Grúdlainne Spás Oifige Ghrád A ina bhfuil achar 4,500m2 agus é suite i gcroílár naCathrach agus beidh sé réidh lena áitiú ó shamhradh na bliana 2021.













## *Ceathrú na Mainistreach - Foirgnimh Nua*

Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2020 freisin maidir le meithleacha deartha a fháil chun forbairt cuid de na foirgnimh nua a chur ar aghaidh ar láithreán Cheathrú na Mainistreach. Tá Creat Meithleacha Deartha Ailtireachta le cur ar bun agus roghnófar meithleacha deartha ón gcreat sin chun na foirgnimh nua a bheidh ar an láithreán amach anseo a dhearadh. Beidh na foirgnimh nua i gCeathrú na Mainistreach á gcur ar fáil le haghaidh úsáidí éagsúla mar atá leagtha amach i gCritéir Dhearadh Uirbeach/i gCód Forbartha Cheathrú na Mainistreach.



## *Comhairle Chontae Chill Chainnigh*

Tá freagracht ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i ndáil le hathfhorbairt Fhoirgneamh Mayfair agus na limistéar fairsinge san fhearann poiblí ar láithreán Cheathrú na Mainistreach.



## *Leabharlann Mayfair*

Tá Leabharlann nua Chathair Chill Chainnigh le lonnú laistigh d'Fhoirgneamh Mayfair ar láithreán Cheathrú na Mainistir. Is foirgneamh an-suntasach é Foirgneamh Mayfair ó thaobh oidhreacht shóisialta Chill Chainnigh de ós rud é go raibh Bálseomra Mayfair ann ó 1943 go dtí 1973.



Cuireadh bailchríoch ar an dearadh mionsonraithe agus ar na doiciméid tairisceana i leith na forbartha beartaithe sa bhliain 2020. Cuireadh moill ar thairiscintí a lorg de bharr thionchar COVID 19 ach ceaptar go leanfar ar aghaidh leis an tionscadal go luath sa bhliain 2021.

Tá Foirgneamh Mayfair díreach tadhlach le Ballaí na Cathrach. Rinneadh Conradh Réamhoibreacha sa bhliain 2020 chun oibreacha caomhantais a dhéanamh ar na ballaí roimh thús a chur leis na hoibreacha i ndáil leis an leabharlann. Maoiníodh na hoibreacha sin trí Chiste na Séadchomharthaí Pobail (An tSeirbhís Céadchomharthaí Náisiúnta) agus is é a bhí i gceist leo ná déanmhas nua-aimseartha céimnithe agus coire- theach a bhí tógtha i gcoinne an bhalla a thabhairt chun bealaigh, fásra a thabhairt chun bealaigh agus an balla a athphointeáil agus a dheisiú, lena n-áirítear roinnt deisiúchán faoi thalamh.



## *Limistéir san Fhearann Poiblí*

De réir an chomhaontaithe comhpháirtíochta leis an GNBC, tá freagracht ar Chomhairle Chontae Chill Chainnigh i ndáil le forbairt a dhéanamh, trí CISÉ, ar limistéir san fhearann poiblí ar láithreán Cheathrú na Mainistreach. Meastar go bhfuil forbairt limistéar Ardcháilíochta san Fhearann Poiblí thar a bheith tábhachtach i ndáil le comhtháthú sheanláithreán na Grúdlainne isteach i Lár na Cathrach.

Tá maoiniúchán le haghaidh na noibreacha sin á sholáthar tríd an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (CAFU), trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), trí Scéim Deontais na nlonad Uirbeach Ainmnithe agus trí chistí dílse Comhairle Chontae Chill Chainnigh.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2020 maidir le forbairt na limistéar sin san fhearann poiblí.

## *Lána Bheairic an Mharcshlua & Cearnóg na Grúdlainne*

Áiríonn an conradh le Mythen Construction i leith athfhorbairt Fhoirgneamh na Grúdlainne athfhorbairt LánaBheairic an Mharcshlua agus Chearnóg na Grúdlainne. Cuireadh moill ar na tionscadail de bharr thionchar COVID 19 agus tá siad le críochnú i samhradh na bliana 2021 anois.





## *Tithe Tae ag Cé Bateman*

Tá oibreacha caomhantais le déanamh ar an dá theach tae ag Cé Bateman tar éis tionscadal an Ghairdín Cois Abhann a chur i gcrích - rinneadh an dearadh mionsonraithe agus na doiciméid tairisceana le haghaidhan tionscadail sin a chur ar aghaidh i rith na bliana agus ceaptar go ndéanfar na hoibreacha sa bhliain 2021.






## *Tionscadal an Ghairdín Cois Abhann, lena n-áirítear Páirc Scátála*

Bhí an obair ar an nGairdín Cois Abhann agus ar an bpáirc scátála chóir a bheith críochnaithe sa bhliain 2020. Mar an gcéanna le tionscadal na Grúdlainne, cuireadh moill ar an tionscadal seo de bharr dhúnadh an láithreáin ar feadh 8 seachtaine sa bhliain 2020 de bharr shrianta COVID 19. Tá an tionscadal á thógáil ag Niall Barry & Co. agus tá an pháirc scátála á tógáil ag an sain-fhochonrtaitheoir, Spraoi Linn. Ceaptar go n-osclófar an pháirc don phobal go luath sa bhliain 2021.









### *Tionscadal na Sráide agus na Páirce Uirbí*

Rinneadh iarratas pleanála i leith thionscadal na Páirce & na Sráide Uirbí i gCeathrú na Mainistreach a thaisceadh leis an mBord Pleanála i mí Iúil 2020 agus ceaptar go ndéanfar cinneadh pleanála go luath sa bhliain 2020.

Maidir leis an bpáirc uirbeach a bheidh suite sa cheantar thart ar Shéadchomhartha Náisiúnta Mhainistir Phroinsias, beidh sé ina lárphointe i gCeathrú na Mainistreach beidh sé ceaptha ar shlí a fhágfaidh go mbeifear in ann imeachtaí amuigh faoin aer a bhaineann leis an líon mór féilte a sheoltar sa Chathair i rith na bliana a reáchtáil ann. Tríd an tsráid uirbeach, ina dtabharfar tús áite do choisithe agus do rothaithe, éascófar forbairt na bhfoirgneamh nua atá beartaithe le haghaidh láithreán Cheathrú na Mainistreach.





## *TIONSCADAIL BHAILE MHIC ANDÁIN*

### An Teach Cúirte




Tá an Teach Cúirte i mBaile Mhic Andáin le hathfhorbairt ag Comhairle Chontae Chill Chainnigh le maoiniúchán ón gCiste Athghiniúna Tuaithe, ó LEADER agus ó chistí dílse Comhairle Chontae Chill Chainnigh agus beidh sé le húsáid ag Comhairle Dheartha & Cheardaíochta na hÉireann. Tugann an fhorbairt seo deis chun úsáid inbhuanaithe nua a chur ar fáil le haghaidh an fhoirgnimh agus, ag an am céanna, chun Baile Mhic Andáin a chur chun cinn mar mhol cruthaitheachta agus ealaíne sa réigiún.

Ceadaíodh toiliú le Pleanáil Chuid VIII don tionscadal i mí Iúil 2020. Cuireadh an dearadh mionsonraithe i gcrích freisin agus fuarthas tairiscintí i leith na forbartha ó chonraitheoirí. Táthar ag súil go gceapfar conraitheoir go luath sa bhliain 2021 agus tá an foirgneamh le bheith ar fáil lena áitiú go luath sa bhliain 2022.

### Bridewell – Oibreacha Caomhantais

CRinneadh oibreacha sa bhliain 2020 ar fhoirgneamh an Bridewell atá suite ag cúl an Tí Cúirte. D’ainneoin a thábhachta ó thaobh cúrsaí staire de, is beag an méid eolais atá ann faoin bhfoirgneamh i measc chónaitheoirí Bhaile Mhic Andáin ós rud é go bhfuil sé as radharc taobh thiar den Teach Cúirte gan aon rochtain air ach amháin tríd an Teach Cúirte.

Ba é a bhí i gceist leis na hoibreacha a rinneadh sa bhliain 2020, agus a maoiníodh trí Chiste na nDéanmhas Stairiúil, ná fásra a thabhairt chun bealaigh, ballaí a athphointeáil agus a dheisiú agus síonadh a dhéanamh orthu - go bunúsach, cobhsaíodh agus cosnaíodh an foirgneamh. Mar gheall ar fhorbairt an Tí Cúirte atá le déanamh go gairid, beidh rochtain ar an Bridewell le haghaidh deisiúcháin tógála an-teoranta amach anseo agus, dá bhrí sin, bhí sé thar a bheith tábhachtach na hoibreacha caomhantais sin a dhéanamh ar an bhfoirgneamh roimh thosach na hoibre ar an Teach Cúirte.

Tógadh foirgneamh an Bridewell thart ar an mbliain 1824 agus tógadh mar luathfhoirgneamh príosúin é. Tá an foirgneamh ina shampla sármhaith de luathailtireacht “fheidhmiúil”; roghnaíodh na hábhair, agus mionsonraíodh an tógáil, chun réiteach éifeachtúil a chur ar fáil le haghaidh riachtanais an fhoirgnimh: is é sin le rá, daoine a choimeád agus an méid is lú compoird acu agus an leibhéal slándála is airde a bheith ann.





### Leabharlann Bhaile Mhic Andáin

Tá Leabharlann Bhaile Mhic Andáin, nach n-oireann do riachtanais leabharlainne nua-aimseartha,le hathlonnú achar gearr óna suíomh láithreach ar Marches Street go dtí sean-Halla Spóirt an Pobail. Cuireadh an tionscadal ar aghaidh trí phleanáil sa bhliain 2020 agus, i mí na Nollag 2020, ceadaíodh toiliú le pleanáil Chuid VIII le haghaidh na forbartha beartaithe.

I dtrátha dheireadh na bliana 2020, rinneadh iarratas chuig an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe ar mhaoiniúchán le haghaidh na forbartha beartaithe agus ceaptar go ndéanfar cinneadh maidir leis an maoiniúchán sin go luath sa bhliain 2021.



# DÉAN TEAGMHÁIL LINN

***SRIANTA COVID-19 LEIBHÉAL 5***
**AN tEOLAS IS DEIREANAÍ FAOI SHEIRBHÍSÍ NA COMHAIRLE**

Ag freagairt d'aistriú le gairid go fógra stádas COVID-19 Leibhéal 5, tá ár seirbhísí ar fad ag oibriú agus tá ár bhfoireann ar fáil chun bualadh leat ar choinne agus sin amháin.

Más mian leat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ar an nguthán, ar ríomhphost nó ar líne, chun do cheist a réiteach. Sa chás nach féidir do cheist a réiteach ó chian, socrófar coinne.

**Chun coinne a dhéanamh le haghaidh seirbhís ar leith, bain úsáid as na huimhreacha teagmhála nó na seoltaí ríomhphoist seo a leanas le do thoil:**

| ROINN | UIMHIR THEILEAFÓIN | SEOLADH RÍOMHPHOIST |
|---|---|---|
| Halla an Chontae, Sráid Eoin | 056 779 4000 | info @kilkennycoco.ie<br>secretar@kilkennycoco.ie |
| Oifig na nAdmhálacha | 056 779 4229 | cashoffice@kilkennycoco.ie |
| Roinn Tithíochta, | 056 779 4900 | housing@kilkennycoco.ie |
| Roinn Pleanála | 056 779 4010 | planning@kilkennycoco.ie |
| Roinn Comhshaoil Áis Líonta Talún an Dúin Mhóir | 056 779 4470 | environment@kilkennycoco.ie |
| Cuntais Iníoctha | 056 779 4222 | accountspayable@kilkennycoco.ie |
| Stáisiún Dóiteáin | 056 779 4400 | fireadmin@kilkennycoco.ie |
| Bainistíocht Riaráistí | 056 779 4209 | rates@kilkennycoco.ie |
| Ionad Tacaíochta Riaráistí Iasachta Tithíochta | 056 779 4021<br>056 779 4056 | finance@kilkennycoco.ie |
| Oifig Fiontair Áitiúil | 056 775 2662 | info@leo.kilkennycoco.ie |
| Roinn Mótarcháin | 056 779 4100 | motortax@kilkennycoco.ie |
| Roinn Tráchta | 056 779 4540 | trafficfines@kilkennycoco.ie |
| Roinn Seirbhísí Uisce | 056 779 4050 | water@kilkennycoco.ie |
| Ceanncheathrú Leabharlann Chill Chainnigh | 056 779 4160 | info@kilkennyllibrary.ie |
| Oifig an Cheantair Chaisleán an Chomair | 056 779 4450 | castlecomerareaoffice@kilkennycoco.ie |
| Oifig an Cheantair Challainn | 056 779 4321 | callanareaoffice@kilkennycoco.ie |
| Oifig an Cheantair Bhaile Mhic Andáin | 056 779 4340 | thomastowoffice@kilkennycoco.ie |
| Oifig an Cheantair Chill Chainnigh | 056 779 4510 | kilkennyareaoffice@kilkennycoco.ie |
| Oifig an Cheantair Bhaile an Phoill | 051 831 370 | ferrybank@kilkennycoco.ie |

***Is féidir formhór na n-íocaíochtaí a dhéanamh AR LÍNE nó ar an nguthán ar 056 779 4229***

***Maidir le Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean, glaoigh ar 056 779 4916 le do thoil***

Tá ár gcuid sonraí teagmhála ar fad ar ár suíomh gréasáin kilkennycoco.ie agus lean muid ar na meáin shóisialta ar ár seirbhísí: ***Facebook: @kilkennycoco*** ***Twitter: @kilkennynotices***

# NASC
# LINN

***Fan Nasctha***

Ceanncheathrú - Comhairle Contae Chill Chainnigh
Halla an Chontae, Sráid Eoin, Cill Chainnigh, R95 A39T


**Kilkennycoco.ie**

**info@kilkennycoco.ie**

**056 779 4000**


***Na Meáin Shóisialta***

Táimid ar fáil ar na meáin shóisialta le haghaidh na ranna éagsúla.

- @KilkennyCoCo
- @kilkenny.ie
- @kilkennytourism
- @investkilkenny
- @shopkilkenny
- @tastekilkenny
- @KilkennyCoCo
- @LocalEnterpriseOfficeKilkenny
- @careerskilkenny
- @kilkennylibrary
- @KilkennyDay
- @kilkenny.heritage
- @kkcocoenvironment
- @dunmorerecycling
- @kilkennylibrary

- @kilkennycoco
- @leokilkenny
- @careerskilkenny
- @shop_kilkenny
- @tastekilkenny
- @kilkennyie
- @KilkennyDay

- @kilkennynotices
- @LEOKilkenny
- @investkilkenny
- @LoveKilkenny
- @shopkilkenny1
- @KKArts Office
- @kilkennylibrary

- Invest Kilkenny
- Local Enterprise Office Kilkenny
- Careers Kilkenny

Register for Kilkenny Alerts →

**Tá seirbhís foláireamh teachtaireacht téacs agus ríomhphoist SAOR IN AISCE ag Comhairle Contae Chill Chainnigh a eisíonn foláirimh a bhaineann le soláthar uisce, rabhadh aimsire, oibreacha bóthair, etc.**

***Is féidir leat clárú ar ár suíomh gréasáin ag alerts.kilkenncoco.ie***

Éilíonn clárúchán go gcuireann tú d'uimhir fón póca agus do sheoladh ríomhphoist ar fáil sa chaoi agus go mbeidh Foláirimh Chill Chainnigh in ann foláirimh a chur ar fáil duit.

***NASC LENÁR TAIRSEACH CHOMHAIRLIÚCHÁIN AR LÍNE:***

***Is féidir leat páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin phoiblí ar an suíomh seo. Bain úsáid as Comhairliúcháin ag consult.kilkenny.ie chun amharc ar chomhairliúcháin nó comhairliúcháin oscailte agus nua a chuardach.***

Éilítear ort clárú ar roinnt comhairliúcháin sula ndéanann tú aighneacht. Is próiseas aonuaire é an clárúchán agus is féidir do chuntas a úsáid le haghaidh gach comhairliúchán poiblí ar líne de chuid na Comhairle. Cuirfidh an méid sin ar do chumas d'aighneachtaí a thaifead thar na hilchomhairliúcháin agus an dul chun cinn a shábháil ar aighneachtaí atá páirtchomhlánaithe le comhlánú ar dháta níos deireanaí.

Seachas de réir mar a éilíonn an dlí, tá do chuid sonraí pearsanta, ar nós sonraí teagmhála a bhailítear mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, cosanta ag cosaint sonraí. Beidh siad faoi rún agus ní fhoilseofar iad ná ní roinnfear iad le tríú páirtithe.

Kilkenny

# COME SEE COME DO

Design & Print by Kilkenny Modern Printers 056 7721739